Curaclam na Bunscoile






# Na hAmharcealaíona

## Oideachas Ealaíon

### Treoirlínte do Mhúinteoirí


BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE
SRÁID THEACH LAIGHEAN
BAILE ÁTHA CLIATH 2

nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS
AN RANNÓG POST-TRÁCHTA
4-5 BÓTHAR FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01-6476834-5; Fax: 01-4752760)
nó trí aon díoltóir leabhar

| | |
|---|---|
| Comhairleoir deartha: | Páirtíocht Bradley McGurk |
| Arna dhearadh ag: | The Identity Business |
| Grianghrafadóireacht: | Críostóir Mac Conmara |
| Arna chur i gcló ag: | Spectrum Print Management |
| Arna chlóbhualadh ag: | Mozzon Giuntina - Florence agus<br>Officine Grafiche De Agostini - Novara |


© 1999 Rialtas na hÉireann

# Na hAmharcealaíona

## Oideachas Ealaíon

### Treoirlínte do Mhúinteoirí

# Clár


Roinn 1

## Oideachas sna hamharcealaíona i gcuraclam na bunscoile

Lárnachas oideachais sna hamharcealaíona 2

Na hamharcealaíona i gcuraclam páistelárnach 2

Roinn 2

## Ábhar an churaclaim sna hamharcealaíona

Struchtúr agus leagan amach 6

Ná snáitheanna 7

Na hamharcghnéithe 8

Na béimeanna sa churaclam 11

Roinn 3

## Pleanáil ag leibhéal na scoile do na hamharcealaíona

Pleanáil curaclaim 18

Pleanáil eagair 23

Roinn 4

## Pleanáil sa seomra ranga do na hamharcealaíona

Pleanáil an mhúinteora 28

Eagrú an tseomra ranga 32

Pleanáil aonaid oibre 38

## Roinn 5

## Cur chuige agus modhanna teagaisc


| | |
|---|---|
| Éagsúlacht sa chur chuige | 54 |
| Líníocht | 56 |
| Péint agus dath | 72 |
| Priontáil | 84 |
| Cré | 93 |
| Tógáil | 104 |
| Fabraic agus snáithín | 110 |
| Ag féachaint ar an ealaín agus ag freagairt di | 121 |
| Ag féachaint go grinn ar obair páistí | 128 |
| Ag úsáid teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide | 130 |


## Roinn 6

## Aguisín


| | |
|---|---|
| Foinsí don churaclam agus do na treoirlínte | 134 |
| Foinsí breise do mhúinteoirí | 136 |
| Foinsí faisnéise | 140 |
| Gluais | 141 |
| Ballraíocht an Choiste Curaclaim don Oideachas Ealaíon | 146 |
| Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta | 147 |
| Buíochas | 148 |



# Ag iniúchadh féidearthachtaí lánléiritheacha agus tógálacha ábhar

Roinn 1

# Oideachas sna hamharcealaíona i gcuraclam na bunscoile

# Oideachas sna hamharcealaíona i gcuraclam na bunscoile

## Lárnachas oideachais sna hamharcealaíona

Is slí uathúil í an ealaín le faisnéis agus tuiscint ar an domhan a fháil. Leathnaíonn gníomhaíochtaí a bhfuil aidhmeanna leo sna hamharcealaíona modhanna na bpáistí ar an domhan ina bhfuil siad ag maireachtáil a iniúchadh, ar é a chur in iúl agus ar theacht chun réitigh leis ar shlí atá struchtúrtha agus taitneamhach.

Is trí mhothú, trí bhlaiseadh, trí fhuaimeanna agus trí bholadh a chéadfhoghlaimíonn páistí conas freagairt go haeistéitiúil dá dtimpeallacht, agus tugann a bhfiosracht nádúrtha le fios go bhfuil gá le taithí chéadfaíoch. Cuidíonn oideachas sna hamharcealaíona leis an bhfeasacht chéadfaíoch a fhorbairt, le céadfaíochtaí a mhéadú agus le treise a chur ar mhodhanna áirithe iniúchta, tástála agus fionnachtana. Soláthraíonn curaclam na n-amharcealaíon raon mór gníomhaíochtaí a chuireann ar chumas an pháiste smaointe a fhorbairt trí shamhlaoidí agus, dá bharr, soláthraítear cothromaíocht atá riachtanach don churaclam níos leithne. Is féidir le foghlaim san ealaín agus tríd an ealaín cur go dearfa le mothú na bpáistí ar a bhféiniúlacht phearsanta agus chultúrtha agus ar a bhforbairt iomlán.

## Na hamharcealaíona i gcuraclam páistelárnach

Tá raon éirimí ag gach páiste agus teastaíonn éagsúlacht de thaithí fhoghlama uaidh/uaithi chun iad a fhorbairt go huile is go hiomlán. Cuireann gníomhaíochtaí sna hamharcealaíona ar chumas na bpáistí ciall a bhaint as a ndomhan agus é a léiriú i bhfoirm infheicthe inbhraite. Is féidir leo bheith ina bhfórsaí comhaontaithe freisin i bhfoghlaim agus i bhforbairt an pháiste. Tugann líníocht, péinteáil, fionnachtain agus tógáil na gnéithe éagsúla de thaithí an pháiste le chéile ar féidir le taithí nua eile ar fad fás astu. Osclaíonn tuiscint ar shamhlaoidí amhairc bealaí eile foghlama do pháistí agus cuireann sé ar a gcumas smaointe agus mothúcháin, idir fhíor agus shamhlaithe, a thaifeadadh. Is cabhair dóibh deiseanna a bheith acu ar iniúchadh agus ar fhiosrúchán a dhéanamh ar na hamharcghnéithe atá ina dtimpeallacht chun nádúr rudaí a mheas agus lena bhfiosracht nádúrtha a dhíriú ar son aidhmeanna oideachasúla. Is féidir go mbeidh éifeacht dhearfa ar fhoghlaim an pháiste in achair eile an churaclaim mar thoradh ar an muinín agus ar an taitneamh a eascraíonn as na gníomhaíochtaí amhairc a bhfuil aidhmeanna leo sna hamharcealaíona.

Is cosúil gurb iad na páistí a bhfuil taithí acu ar iniúchadh agus ar thástáil a dhéanamh ar éagsúlacht ábhar agus meán ealaíne a sholáthróidh ealaín atá pearsanta de réir mar a fhorbraíonn siad. Déanann clár den chéad scoth sna hamharcealaíona deimhin de go mbíonn éagsúlacht de thaithí shaibhrithe sna hamharcealaíona i meáin dhéthoiseacha agus thríthoiseacha ag gach páiste.




UFOS
Parking
UFO
UFO

Roinn 2

# Ábhar an churaclaim sna hamharcealaíona

# Ábhar an churaclaim sna hamharcealaíona

## Struchtúr agus leagan amach

Tá curaclam na n-amharcealaíon struchtúrtha le clár bunleathan cothrom a sholáthar do gach ceann de cheithre leibhéal: ranganna naíonán, ranganna 1 agus 2, ranganna 3 agus 4, agus ranganna 5 agus 6. Tá sé shnáithe ag gach leibhéal agus iad eagraithe le deimhin a dhéanamh de chothromaíocht a bheith ann idir ealaín a dhéanamh agus bheith ag féachaint uirthi agus ag freagairt di.

Is iad na snáitheanna ná:

- *Líníocht*
- *Péint agus dath*
- *Priontáil*
- *Cré*
- *Tógáil*
- *Fabraic agus snáithín.*

Tá na gníomhaíochtaí i ngach snáithe comhghaolmhar agus tugann siad ar na páistí bheith gafa *le sonrú agus le hiniúchadh an domhain amhairc, agus le healaín a dhéanamh, agus le féachaint ar shaothair ealaíne agus ar an domhan amhairc agus le freagairt dóibh.* Cuidíonn na gníomhaíochtaí seo le híogaireacht do ghnéithe den domhan amhairc a fhorbairt agus le cumas an pháiste ar amharcléiriú a fhorbairt. Ina measc seo tá feasacht ar líne, ar chruth, ar fhoirm, ar dhath agus ar thon, ar ghréasán agus ar rithim, ar uigeacht agus ar eagrú spásúil.

Cuidíonn forbairt na feasachta aireachtála le páistí an domhan atá timpeall orthu a fheiceáil agus a thuiscint agus lena gcuid smaointe, mothúchán agus taithí a léiriú i bhfoirm amhairc. Cuidíonn féachaint aireach leo chun ceangail a dhéanamh idir a gcuid oibre féin agus obair dhaoine eile. Chomh maith leis sin cuidíonn sé leo a gcumas dírithe ar thasc agus a gcumas ar aire a thabhairt go ginearálta a fhorbairt. Is cuid riachtanach de gach ceacht ealaíne an taithí seo.

Moltar struchtúr tríchodach le téama nó ábhar ruda a roghnú atá bunaithe orthu seo a leanas:

- taithí
- samhlaíocht
- breathnú agus fiosracht an pháiste.

Cuireann an struchtúr seo deiseanna ar fáil do pháistí ar chásmhaireachtaí inmheánacha nach féidir a chur i bhfocail go furasta a amharcléiriú, ar dhomhan iontach na samhlaíochta a chur in iúl agus ar leanúint dá bhfiosracht ar cháilíochtaí fisiceacha an domhain. Is an-mhinic a tharraingítear ar dhá cheann nó ar thrí cinn díobh seo i ngníomhaíocht nó i dtionscadal amháin ealaíne ag leibhéil éagsúla de bhéim.

# Na snáitheanna

## Líníocht

Tagann páistí ar an líníocht go luath mar mhodh nádúrtha ar thaithí a chur in iúl. Is tríd an líníocht a chruthaíonn siad domhain shamhlaithe agus cuireann siad in iúl iad agus tugann siad saorléiriú dá gcuid cumhachtaí samhlaíochta. Úsáideann páistí níos sine an líníocht le pleananna a shoiléiriú, a fhorbairt agus a chur in iúl. De réir mar a théann siad chun cinn taispeánann siad ina gcuid líníochtaí feasacht amhairc atá ag forbairt, agus íogaireacht do na cumhachtaí lánléiritheacha atá ag líníochtaí ealaíontóirí eile.

## Péint agus dath

Forbraíonn páistí tuiscint don dath agus meas air ó bheith ag breathnú ar an dath atá le feiceáil sa dúlra agus i rudaí monaraithe, agus ó bheith ag baint aoibhnis astu, agus úsáideann siad dath lena gcuid taithí, spéiseanna agus smaointe samhlaithe a léiriú. De réir mar a théann siad chun cinn taispeánann siad forbairt feasachta ar an dath ina gcuid saothair féin agus fás íogaireachta don úsáid lánléiritheach datha atá ag ealaíontóirí eile agus dá thionchar ar rudaí ceardúla agus deartha.

## Priontáil

Is trí thaithí ar phriontaí a dhéanamh a fhoghlaimíonn na páistí conas a n-aire a dhíriú ar an bpróiseas grafach agus conas a dtuiscint air a neartú. Bíonn deiseanna acu ar theicníochtaí déanta priontaí a thástáil, ar iad a úsáid go hairgtheach agus ar phriontaí a sholáthar d'úsáid fheidhmiúil agus ar a son féin chomh maith. De réir mar a théann siad chun cinn foghlaimíonn siad conas cur chuig cruth, imill, leagan amach agus cumadóireacht i bpriontaí a dhéanamh ar bhealach atá níos smaointí, agus conas íogaireacht do cháilíochtaí lánléiritheacha i saothar ealaíontóirí grafacha a fhorbairt.

## Cré

Is breá le páistí an tsaoirse chun cré a mhúnlú agus a athrú agus chun í a úsáid go samhlaíoch. Is trí thaithí ar chré agus ón ngá atá acu le cur in iúl a fhoghlaimíonn siad na scileanna ar í a mhúnlú agus a athrú ar bhealaí a mbíonn aidhmeanna níos fearr leo. Chomh maith le cur in iúl trí dhealbha, bíonn deiseanna acu ar rudaí a dhearadh agus a dhéanamh le hiad a úsáid agus a chaitheamh (beidh úsáid theoranta ag an gceann deireanach de dhíth tornóige), agus a gcumhachtaí cumtha agus cur in iúl á n-úsáid acu. Cuireann forbairt íogaireachta d'fhoirm bhunaidh na timpeallachta agus do shaothair ealaíne ar a gcumas taitneamh a bhaint as dealbhóireacht mhór agus tuiscint di, agus tuiscint go criticiúil do rudaí ceardaíochta.

## Tógáil

Cuireann gníomhaíochtaí tógála deiseanna ar fáil ar dhomhain shamhlaíocha a iniúchadh i meán tríthoiseach. Spreagtar páistí chun úsáid shamhlaíoch lánléiritheach a bhaint as ábhair dheartha agus fhionnachtana agus chun mionsamhlacha a dhéanamh de réir a ndeartha féin. Baineann sé seo le

hiniúchadh a dhéanamh ar cad is féidir a dhéanamh leis na hábhair, le bealaí nua a thástáil chun iad a chothromú agus a chomhcheangal, agus le tuiscint ar bhuanna agus féidearthachtaí struchtúrtha a fhorbairt. Cuidíonn taithí ar thógáil le páistí féachaint ar struchtúir sa dúlra le fiosracht agus le taitneamh, agus chun íogaireacht agus tuiscint do struchtúir ailtirí, dealbhóirí agus ceardaithe a fhorbairt.

### Fabraic agus snáithín

Cuidíonn obair i bhfabraic agus i snáithín le páistí bheith fiosrach faoi conas a dhéantar fabraic choitianta agus forbraíonn sí íogaireacht níos mó do dhath agus do thon, d'uigeacht, do líne agus do chruth. Spreagtar iad chun fabraic agus snáithín a úsáid mar ábhair le haghaidh cumadóireachta samhlaí in dhá thoise agus i dtrí thoise, mar shampla; le saorfhuáil a úsáid mar mhodh chun dromchla fabraice a athrú nó a fhorbairt; lena bhfabraic féin a chruthú, ag úsáid snáithín go samhlaíoch le raon forbarthach de theicníochtaí; le fabraic agus snáithín a úsáid le fíoracha nádúrtha tríthoiseacha a léiriú; agus le súgradh samhlaíoch a léiriú trí phuipéid agus trí chulaithirtí a dhéanamh.

Is trí obair i bhfabraic agus i snáithín a chuireann páistí tús lena dtuiscint ar roinnt de na bealaí oibre agus de na scileanna ceardaíochta agus ar roinnt de na próisis dearaí cruthaitheacha atá san fhíodóireacht cheardaíochta, sa chniotáil agus sa dearadh faisin, mar shampla. De réir mar a théann siad chun cinn forbraíonn siad an ábaltacht ar ábhair cheardaíochta a mheas go grinn le haghaidh oiriúnachta do thasc áirithe, chomh maith leis na lámhdhéantúsáin agus saothair ealaíne sna meáin seo.

## Na hamharcghnéithe

Tá tuiscint bhunúsach ar na hamharcghnéithe riachtanach don teagasc a bhfuil aidhm léi sna hamharcealaíona. Is iad líne, cruth, foirm, dath agus ton, gréasán agus rithim, uigeacht agus eagrú spásúil na bunghnéithe sa chumadóireacht dhéthoiseach agus thríthoiseach. Ba chóir go mbeadh a fhios ag an múinteoir faoi na hamharcghnéithe agus ba chóir aire a tharraingt orthu *go neamhfhoirmiúil* de réir mar a tharlaíonn siad in obair na bpáistí, in obair ealaíontóirí eile agus sa timpeallacht atá á tabhairt faoi deara acu. Tá feasacht ar na gnéithe agus ar a n-imoibriú ar a chéile riachtanach le haghaidh deartha den chéad scoth in obair dhéthoiseach agus tríthoiseach, an cheardaíocht san áireamh. Cuidíonn foclóir forbarthach amhairc agus cumas ar smaoineamh go spásúil agus le hamharc, agus an cumas sin ag fás, le páistí a dhíriú agus iad ag dréim le hamharcléiriú.

### Líne

Is í líne an bhunchuid i luathlíníochtaí páistí. I saothar ealaíne is féidir le líne cruth, gréasán, gluaiseacht agus aontacht a chruthú i gcumadóireacht. Is féidir le líne a bheith tiubh, tanaí, uigeach, mín, deimhneach, cuarach, díreach, leanúnach nó briste. Is go luath a fhaigheann páistí amach gur féidir le línte cruthanna a dhéanamh agus úsáideann siad iad chun a gcuid siombailí féin a chumadh.

Na hamharcghnéithe

- líne
- cruth
- foirm
- dath agus ton
- gréas agus rithim
- uigeacht
- eagrú spásúil



Líne



Líne



Cruth



Foirm



Dath agus ton



Gréasán agus rithim



Uigeacht



Eagrú spásúil

## Cruth

Cruthaítear cruth trí línte a chumasc le chéile, iad a bhualadh ar a chéile agus iad a chur trasna ar a chéile. Is féidir é a shonrú chomh maith trí dhath agus trí thon agus trí uigeacht. Tá scáthchruth ag gach rud chomh maith le cruthanna inmheánacha eile. Tugtar claonchruthanna ar chruthanna a nochtar idir chruthanna eile. Is féidir le cruthanna bheith rialta nó neamhrialta, iata nó oscailte.

## Foirm

Is í foirm an t-ainm a thugtar ar chruth tríthoiseach. Tá sé tathagach. Is féidir foirmeacha a mhúnlú i gcré, i marla nó i *bpapier mâché*. Iniúchtar trí líníocht agus trí phéinteáil cad iad na modhanna chun foirm thríthoiseach ar phlána cothrom (dromchla) a chur in iúl.

## Dath agus ton

Úsáidtear na téarmaí *lí, ton, déine agus teocht* nuair atáthar ag tagairt don dath san ealaín. Tugtar *lí* ar bhuntréith an fhíordhatha, mar shampla buí, dearg, gorm. Is é atá sa *ton* ná éadroime nó duibhe na lí. Tagraíonn an *déine* don neart nó don laige choibhneasta atá ag an lí. I dtéarmaí ealaíne (ach ní i dtéarmaí cruinne eolaíochta) tagraíonn *teocht* don leath fhuar agus don leath the de speictream na ndathanna. Tá sé riachtanach feasacht ar dhath agus ar an tionchar atá aige ar an ngnáthshaol a fhorbairt chun go bhforbrófar feasacht amhairc na bpáistí agus a bhfeasacht ar na torthaí is féidir leo a chruthú le dath laistigh dá saothar féin.

## Gréasán agus rithim

Síoraithris, le héagsúlacht, is ea an gréasán a fhaightear i ngach rud, ón ngréasán atá ar shliogáin mhara go foirmeacha cnoc agus néalta. Tarraingíonn an múinteoir aird ar an ngréasán agus ar an rithim sa dúlra, san ealaín agus in obair na bpáistí de réir mar a tharlaíonn sé. Is féidir le páistí gréasán agus rithim a úsáid mar ghné dheartha i gcumadóireacht dhéthoiseach agus thríthoiseach chun aontacht, éagsúlacht, gluaiseacht agus fórsa treo-aimsitheach a chur i gcrích.

## Uigeacht

Gairbhe nó míne dromchla is ea uigeacht. Tá uigeacht ag gach rud. Is féidir le dromchla a bheith síodúil, lonrach, gruagach nó cnapánach, mar shampla. Is gné thábhachtach í an uigeacht, ní hamháin den domhan tadhlach ach den domhan amhairc freisin. Teastaíonn deiseanna oibre ar dhromchlaí le huigeachtaí éagsúla ó pháistí chomh maith le deiseanna chun teacht ar a mbealaí féin le huigeachtaí a fheictear sa dúlra a chur in iúl.

## Eagrú spásúil

Baineann eagrú spásúil in obair dhéthoiseach le seachmall spáis agus doimhneachta a chruthú ar dhromchla réidh agus le plána pictiúir réidh a eagrú chomh maith. Baineann obair thríthoiseach (tógáil, mar shampla) le teacht ar bhealaí oibre chun struchtúir a chruthú le spásanna éagsúla atá iata nó oscailte nó le ranna: baineann sé seo le struchtúir neamh-mhacasamhlacha chomh maith le cinn mhacasamhlacha nó le cinn shamhlaíocha.

## Na hamharcghnéithe i gcomhthéacs

Tá foghlaim san ealaín forásach agus bunaithe ar ghníomhaíochtaí, agus tógann sí ar thaithí na bpáistí roimhe seo ar mheáin éagsúla. Forbraíonn páistí feasacht ar na hamharcghnéithe agus ar a dtionchar ar a chéile tríd an ealaín a dhéanamh agus trí fhéachaint ar shaothair ealaíne agus trí fhreagairt dóibh. A fhad is atá baint acu leis na sé shnáithe go léir ba chóir aird a tharraingt orthu *go neamhfhoirmiúil, i gcomhthéacs*, agus gan béim thar cuimse a bheith orthu ag an mbunleibhéal. Foghlaimíonn páistí conas líne, cruth, dath agus ton, gréas agus rithim agus uigeacht a úsáid go lánléiritheach agus le haghaidh cuspóirí deartha trí dheiseanna a bheith acu ar fhéachaint go grinn ar an timpeallacht amhairc, agus ar théamaí a bhfuil ciall phearsanta acu dóibh a líniú agus a phéinteáil. Is cabhair é déanamh priontaí simplí agus obair chruthaitheach i bhfabraic agus i snáithín chun an fhorbairt seo a chur chun cinn. Faigheann páistí mothú láithreach bonn ar fhoirm trí bheith ag obair le cré. Is príomhchúram é an gaol spásúil a bhíonn ag daoine, rudaí nó gnéithe teibí lena chéile in ealaín na bpáistí, agus in obair ealaíontóirí eile freisin. Téann páistí óga i ngleic go han-chruthaitheach leis seo agus cumann siad a mbealaí féin chun spás a leiriú. Beidh suim ag páistí níos sine, ar mian leo de ghnáth go mbeidh cuma 'cheart' ar rudaí, a fheiceáil mar a réitíonn ealaíontóirí eile fadhbanna spáis in obair, idir neamh-mhacasamhlach agus mhacasamhlach. Déanann pleanáil aireach deimhin de go mbíonn deiseanna ar fheasacht amhairc a fhorbairt ina mbunchuid de gach ceacht ealaíne.

# Na béimeanna sa churaclam

Is iad na béimeanna atá sa churaclam seo ná:

- tuiscint ar an bpróiseas cruthaitheach trína dtéann páistí agus iad ag déanamh ealaíne
- tuiscint ar na céimeanna forbartha in ealaín an pháiste agus a mbaint leis an líníocht ach go háirithe
- curaclam leathan de shé shnáithe a sholáthar a mbíonn áit lárnach ag an líníocht ann agus a chuimsíonn gníomhaíochtaí san ealaín, sa cheardaíocht agus sa dearadh i gcothromaíocht de mheáin dhéthoiseacha agus thríthoiseacha
- deiseanna ar dhéanamh na healaíne a chothromú le deiseanna dearctha ar an ealaín agus ar fhreagairt phearsanta di.

## An próiseas cruthaitheach

Agus an ealaín á déanamh tá *próiseas an déanta* chomh luachmhar leis an toradh deiridh. Leagtar an bhéim ar iniúchadh agus ar thástáil cad é is féidir a léiriú le hábhair, le huirlisí agus le meáin éagsúla, agus ar na roghanna a chuireann siad ar fáil le haghaidh tascanna éagsúla. Is cuid lárnach é den phróiseas seo comhrá a dhéanamh ar a saothar agus na páistí ag obair, de réir mar is cuí.

Ní mór don atmaisféar i rith an ranga ealaíne a bheith dúshlánach, spreagúil agus tacúil i gcónaí agus ní mór dó a ligean do na páistí a dtuiscint ar a ndomhan a léiriú ar shlí phearsanta. Ní mór don mhúinteoir bheith i gcónaí

san airdeall ar a riachtanais agus ar a n-éiríonn leo chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn baint acu leis ar shlí atá cruthaitheach seachas slí atá fulangach nó aithriseach.

Chun aird a dhíriú agus chun iarrachtaí a spreagadh a fhad is atá na páistí ag obair, téann an múinteoir ina measc, ag plé, ag ceistiú agus, más gá, ag díriú breathnóireachta agus ag cuidiú le suim atá imithe in éag nó le misneach a bhfuil teipthe air a athnuachan. Ba chóir don mhúinteoir bheith tuisceanach faoi cathain a mbeadh a leithéid de chur isteach cabhrach agus cathain nach mbeadh. Nuair a bhíonn díomá ar na páistí de bharr a gcuid iarrachtaí pléitear a ndeacrachtaí chun cuidiú leo croí na faidhbe a aimsiú. Ba chóir gnéithe dearfa a phlé chomh maith, mar shampla cé chomh maith agus a chonaic siad agus a thuig siad cuar, cruth, dath nó meon áirithe. Ba chóir ceisteanna a chumadh chun freagra amhairc, agus uaireanta ceann cinaeistéitseach, a bhaint amach agus chun na páistí a spreagadh chun a n-intinn a dhíriú a thuilleadh fós agus chun rannpháirtíochta níos mó:

- Is maith liom an dath sin: conas a rinne tú é?
- Arbh é sin an geansaí/an gúna ab fhearr leat? An raibh dearadh ann?
- An cuimhin leat mar a bhí do chosa ag gluaiseacht agus tú ag rith?
- An féidir leat a thaispeáint dom mar a bhog béal an mhadra nuair a dhrann sé leat?
- An féidir leat gluaiseacht mhór a dhéanamh le do lámh lena thaispeáint dom an tslí ina gcuarann an chraobhóg sin/ina slaodann gruaig fhada do charad/ina dtéann uisce síos an doirteal?

Ní hé tasc an mhúinteora teicníochtaí cliste a mhúineadh ná modhanna a thaispeáint chun samhlaoidí agus foirmeacha a chruthú a cheapann seisean/sise a bheith inghlactha, ach chun tógáil ar spéiseanna agus ar bhuanna trí na páistí a spreagadh agus trí mholtaí a dhéanamh de réir mar is cuí. Níor chóir a mhúineadh do pháistí treoracha a leanúint gan cheist, mar is cosúil go gcuirfidh sé seo bac ar chruthaitheacht agus ar spontáineacht. Ba chóir cuidiú leo tuiscint a bheith acu ar cé chomh fiúntach agus atá sé saothrú go neamhspleách agus as a stuaim féin, agus ba chóir tástáil agus tuiscint a spreagadh go cothrom in obair dhéthoiseach agus thríthoiseach. Ba chóir go bhfanfadh na páistí mar dhearthóirí sa cheacht ealaíne; níor chóir an ról seo a bhaint díobh.

Ba chóir a bheith níos airí agus an próiseas cruthaitheach á mheas agus é á chomhtháthú le hachair eile sa churaclam: is féidir tacair éagsúla de chuspóirí a chumasc gan iomláine aon cheann acu a chailleadh.

*Ba chóir páistí a spreagadh chun a líníochtaí a úsáid lena gcuid gníomhaíochtaí ealaíne a phleanáil.*

*Tá sé tábhachtach cothromaíocht a choimeád idir ghníomhaíochtaí i meáin dhéthoiseacha agus thríthoiseacha.*

## Na céimeanna forbartha in ealaín na bpáistí

Bíonn patrúin fhorbartha le feiceáil in ealaín páistí go deireadh na bunscolaíochta. Is soiléire iad i samhlaoidí na bpáistí agus tugann siad léargas leathan ar ghnáthdhul chun cinn. Tosaíonn siad le rianta a dhéanamh agus 'pictiúir scrábála', mar a thugtar orthu, agus b'fhéidir go bhforbrófar iad go dtí gurb é léiriú réalaíoch an príomhchúram. De ghnáth fásann tacar pearsanta siombailí (na léirmhínithe amhairc acu féin) le haghaidh rudaí agus le haghaidh fíoracha inaitheanta, mar shampla duine, crann, nó teach. Is féidir gurb é forbairt 'scéimre' (*schema*) chun smaointe a chur in iúl an toradh a bheidh air seo agus is féidir go n-úsáidfear é seo ina gcuid scéalaíochta. De réir mar a théann siad chun cinn tá sé tábhachtach cuidiú leo dul ar aghaidh thar úsáid bheagathraitheach na siombailí céanna. Ba chóir iad a spreagadh freisin chun líníocht a úsáid lena gcuid gníomhaíochtaí ealaíne a phleanáil, mar shampla má tá an téama le cur i gcrích i meán eile. Tá tuiscint ar na céimeanna forbartha nó ar an bpatrún forbartha in ealaín na bpáistí fíorthábhachtach do mheasúnú oibiachtúil ar a gcuid amharcléirithe agus le haghaidh pleanála.

## An curaclam sé-shnáitheach

Soláthraíonn an curaclam deiseanna ar ghníomhaíochtaí a chuimsíonn an ealaín, an cheardaíocht agus an dearadh i meáin dhéthoiseacha agus thríthoiseacha. Is iad an líníocht, an phéinteáil agus an phriontáil (cuirtear an cholláis san áireamh) na meáin dhéthoiseacha. Is iad an chré, an tógáil agus an obair i bhfabraic agus i snáithín na meáin thríthoiseacha a dtagraítí dóibh go traidisiúnta mar ghníomhaíochtaí ceardaíochta agus atá anois á bhforbairt mar phróiseas cruthaitheach ceardaíochta. Tá sé tábhachtach cothromaíocht a choimeád idir ghníomhaíochtaí i meán déthoiseach agus tríthoiseach chun fíormhothú a thabhairt do pháistí ar nádúr tríthoiseach an domhain ina bhfuil siad ag maireachtáil chomh maith le cumas samhlaíochta ar é a léiriú ar dhromchla réidh.

Is ag an líníocht atá an phríomhthábhacht sa churaclam seo. Is tríd an líníocht a éiríonn forbairt na bpáistí rí-shoiléir. Ós rud is ea é a dhéanann formhór na bpáistí óga go nádúrtha tá tábhacht ar leith ag baint lena bhfeasacht amhairc a chur chun cinn agus lena gcumas ar a bhfuil feicthe, braite nó samhlaithe acu a thaifeadadh. Cuidíonn gníomhaíochtaí líníochta le húsáid mhuiníneach lánléiritheach ábhar agus uirlisí a fhorbairt freisin.

## Ag déanamh na healaíne agus ag freagairt di

Leagann an curaclam an-chuid béime ar fhéachaint go haireach, ar ealaín a dhéanamh agus ar fhreagairt di araon. Tá gníomhaíochtaí ealaíne struchtúrtha d'fhonn cuidiú le páistí íogaireacht dá dtimpeallacht amhairc agus do shaothair ealaíne a fhorbairt agus chun ceangail a dhéanamh idir a mbreathnaíonn siad agus a n-obair féin. Is é bunús an léirithe agus an deartha ná ábaltacht fhorbarthach na bpáistí ar rudaí a bhreathnú go grinn agus ar a bhfeiceann siad a léirmhíniú. Tá gá acu le deiseanna ar bhreathnú go grinn ar an timpeallacht nádúrtha bheo chomh maith le deiseanna ar a fheiceáil conas a léirmhíníonn ealaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí í. Ba chóir go mbeadh fáil acu ar éagsúlacht de stíleanna ealaíne ó réanna agus ó chultúir éagsúla mar spreagadh dá gcuid gníomhaíochtaí ealaíne, mar shlí chun codarsnacht a dhéanamh idir leirmhínithe éagsúla ar smaoineamh nó ar théama, nó go simplí ar son an aoibhnis a thugann siad. Ba chóir an bhéim a leagan i gcónaí ar an ealaín mar spreagadh seachas le haghaidh a cóipeála.

Bíonn páistí i gcónaí faoi ionsaí ag samhlaoidí bagracha fógraíochta atá ceaptha lena dteachtaireacht a thabhairt a mhire agus is féidir. Tógann na luachanna níos doimhne, níos caolchúisí agus níos suntasaí atá le meas san ealaín níos mó ama, áfach. Is é tasc an mhúinteora ná cuidiú leo féachaint ar shaothair ealaíne ar feadh tréimhse níos faide agus féachaint orthu le dearcadh níos oscailte seachas mar a dhéanfaidís de ghnáth. Cuireann oscailteacht don ealaín ar chumas na bpáistí saothair ealaíne a mheas ar bhealach atá criticiúil agus lán de bhrí phearsanta. Leathnaítear fad a n-aire agus a gcumhachtaí dianmhachnaimh agus géaraítear iadsan de bharr a bheith go leanúnach i láthair éagsúlachta leithne de shaothair ealaíne.

D'fhéadfadh go gcuimseodh ullmhúchán cinnteoireacht ar

- an méad faisnéise a thabharfaí ar shaol agus ar mhodhanna an ealaíontóra
- cén uair go díreach sa rang a thabharfaí an fhaisnéis seo
- liosta de cheisteanna bunaithe ar an saothar ealaíne a chur i dtoll a chéile agus iad ceaptha chun cumas amhairc na bpáistí a spreagadh
- cé acu a leanfadh nó nach leanfadh gníomhaíocht phraiticiúil é.

Tá sé tábhachtach go gcuirtear ar chumas na bpáistí ceangail a dhéanamh idir saothar ealaíontóirí agus a saothar féin. Ba chóir iad a spreagadh chun teacht ar éagsúlacht in amharcléirithe ó réanna agus ó chultúir éagsúla, chun labhairt fúithi agus faoina bpáirt sna cultúir seo agus faoin tslí ina bhfuil sí éagsúil le hamharcléirithe an lae inniu. De réir mar a théann siad chun cinn ba chóir go mbeadh deiseanna acu ar anailís agus ar phlé a dhéanamh ar na samhlaoidí amhairc a bhfuil a leithéid de thionchar láidir acu ar an mbealach ina bhféachann siad ar an domhan, mar shampla samhlaoidí a thugann an teilifís, póstaeir, fógraíocht, irisí agus faisean sráide. B'fheidir gur chabhair é seo chun mothú ar ghrafaic agus ar dhearadh a fhorbairt.

### *Ceardaíocht*

Tá sé tábhachtach go dtugtar raon mór de phróisis cheardaíochta do pháistí chun cuidiú leo íogaireacht agus tuiscint don áilleacht, do dhea-bhreithiúnas agus do cheardaíocht mhaith a fhorbairt. Chomh maith lena bheith an-taitneamhach, is cabhair é taithí ar fhéachaint agus ar láimhsiú rudaí ceardaíochta atá deartha go maith chun idirdhealú agus cumas criticiúlachta a fhorbairt. Ba chóir go n-éireodh na páistí eolach ar cheirdeanna traidisiúnta na hÉireann, go háirithe ar cheirdeanna áitiúla atá fós in úsáid: is féidir go mbeidh cuairteanna ar cheardlanna áitiúla ar an taithí fhoghlama is suntasaí a bheidh acu. Ba chóir modhanna turgnamhacha ar shaothrú le hábhair cheardaíochta a thástáil.

### *Dearadh*

Tá páirt an-tábhachtach ag an dearadh sa churaclam bunscoile, agus is féidir é a shainmhíniú mar phleanáil ghníomhach agus mar chodanna a chumadh agus a dhéanamh agus iad a chur ag freagairt dá chéile i meán déthoiseach nó tríthoiseach. Ní disciplín aonaránach é seo ach tá sé mar bhunús le gach gníomhaíocht ealaíne agus cheardaíochta, pé acu cumarsáid léiritheach nó cruthú ruda áisiúil an aidhm atá i gceist. Cuireann grinnbhreathnú an domhain máguaird le feasacht amhairc na bpáistí agus leis an stór focal a mbaintear feidhm as le haghaidh léirithe agus deartha. Is cabhair dóibh é aird a tharraingt ar rudaí agus ar fhoirgnimh atá dea-dheartha chun forbairt a dhéanamh ar íogaireacht don dea-dhearadh agus ar an ábaltacht ar a ndomhan a mhúnlú agus a dhearadh. Soláthraíonn a lán saghsanna gníomhaíochtaí dearaidh taithí luachmhar ag gach céim bunscolaíochta nuair a chothaíonn siad breathnú, ceapadóireacht, cur in iúl agus cruthaitheacht.

Déanann páistí cinnteoireacht a bhaineann le dearadh nuair a dhéanann siad iad seo a leanas:

- cinneadh a dhéanamh ar leagan amach a gcuid oibre
- dromchla a shaibhriú le gréasán agus le sonraí
- blúire fabraice a athrú agus aidhm leis trí chur leis nó trí bhaint de, fiú i ranganna naíonán
- ceirt éadaigh nó pháipéir a roghnú do cholláis agus cinneadh a dhéanamh ar cá gcuirfidh siad iad
- sceitse a athoibriú le húsáid mar dhearadh i meán eile, mar shampla trí phictiúr ón dúlra a athrú le húsáid mar phrionta
- pleanáil chun rud éigin a dhéanamh de réir a ndeartha féin: ag iarraidh é a shamhlú; ag smaoineamh ar na hábhair a d'fhéadfaí a úsáid agus conas a úsáidfí iad, mar shampla culaithirt le húsáid i ndráma, nó mionsamhail thríthoiseach a fheidhmíonn
- pleanáil chun rud feidhmiúil a dhéanamh i gcré, mar shampla, agus cinneadh a dhéanamh ar conas a chuid riachtanas feidhmiúil a shásamh.

Is sna comhthéacsanna seo atá páirt thábhachtach ag feasacht ar an dearadh in ealaín sa bhunscoil.

*Tá saghsanna éagsúla páipéir, cárta agus fabraice oiriúnach le haghaidh déanamh priontaí*



Roinn 3

# Pleanáil ag leibhéal na scoile do na hamharcealaíona

# Pleanáil ag leibhéal na scoile do na hamharcealaíona





Beidh cur i bhfeidhm rathúil an churaclaim ag brath ar phleanáil aireach. Ba chóir é a phleanáil mar chlár neamhspleách cothrom comhtháite laistigh de churaclam leathan in oideachas sna hamharcealaíona agus mar chuid riachtanach i bplean iomlán na scoile. Is próiseas comhairleach comhoibritheach é an phleanáil do na hamharcealaíona a bhaineann leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí agus, de réir mar is cuí, leis na tuismitheoirí agus leis an gcoiste bainisteoireachta.

Ba chóir go mbeadh an phleanáil déchodach:

- pleanáil curaclaim
- pleanáil eagair.

## Pleanáil curaclaim

Is féidir go mbeidh gá leis na hábhair seo a leanas a phlé mar chuid den phleanáil do na hamharcealaíona ag leibhéal na scoile:

### Tábhacht oideachais sna hamharcealaíona i gcuraclam na bunscoile

Tosaíonn pleanáil curaclaim le haitheantas a thabhairt do pháirt lárnach an oideachais sna hamharcealaíona i bhforbairt iomlánaíoch an pháiste. I measc na n-ábhar a phléifear ba chóir go mbeadh an próiseas cruthaitheach trína dtéann páistí agus iad ag déanamh ealaíne, na céimeanna nó na patrúin fhorbartha ina gcuid ealaíne agus tábhacht an oideachais sna hamharcealaíona mar *mhodh eolais* a chuireann le hachair eile fhoghlama.

### An bhéim ar an bpróiseas cruthaitheach

Leagtar béim ar an bpróiseas cruthaitheach trína dtéann páistí agus iad ag déanamh ealaíne mar go dtarlaíonn cuid thábhachtach den fhoghlaim san ealaín ina gcur chuige i leith an taisc atá idir lámha acu, agus is féidir nach mbeidh sé seo soiléir sa toradh.

### Curaclam leathan cothrom

Dhearfaí gníomhaíochtaí a bheadh bunaithe ar théama agus a chuimseodh cuid de na meáin d'fhonn na cuspóirí atá ag roinnt de na snáitheanna a chomhlíonadh. Ba chóir don phleanáil a chinntiú go mbeidh clár leathan forásach ag gach páiste sa líníocht, sa phéint agus sa dath agus i meán tríthoiseach ar nós cré, chomh maith le priontaí a dhéanamh, tógáil agus obair i bhfabraic agus i snáithín. Is féidir meáin chuí eile a chur in ionad na dtrí cinn dheireanacha go pointe áirithe, agus is féidir go mbeidh grianghrafadóireacht, nó staidéar scannán nó grafaicí ríomhaire ina measc seo. Dhearfaí gníomhaíochtaí a bheadh bunaithe ar théama agus a chuimseodh cuid de na meáin (mar shampla an líníocht, an phéint agus an dath, an tógáil) d'fhonn na cuspóirí atá ag roinnt snáitheanna sa ghníomhaíocht chéanna a chomhlíonadh, de réir mar is cuí, agus dheimhneodh an plean scoile go leanfaí ar aghaidh den chothromaíocht riachtanach in obair dhéthoiseach agus thríthoiseach. Ba chóir go soláthródh pleanáil scoile na deiseanna ar fhoirmeacha ealaíne ónár gcultúr féin agus ó chultúir eile a

*Dhearfaí gníomhaíochtaí a bheadh bunaithe ar théama agus a chuimseodh cuid de na meáin d'fhonn na cuspóirí atá ag roinnt snáitheanna sa ghníomhaíocht chéanna a chomhlíonadh.*

*Cuireann an curaclam deiseanna ar fáil do pháistí le riachtanais oideachais ar leith ar chumas agus ar ghnóthachtáil neamhspleách a thaispeáint*

fheiceáil, ar mhachnamh a dhéanamh orthu agus ar thuiscint dóibh agus iad ina mbunchóipeanna nó ina macasamhlacha. Déanann curaclam leathan cothrom deimhin de go mbíonn an taithí atá ag teastáil ó na páistí acu chun forbairt a dhéanamh ar na coincheapa agus ar na scileanna atá mar bhunús leis an amharcléiriú.

Beidh tionchar ag coinníollacha agus ag timpeallacht na scoile, ag na traidisiúin áitiúla sna hamharcealaíona agus ag raon spéiseanna agus éirimí na bpáistí ar roghnú na ngníomhaíochtaí agus na n-ábhar. Beidh tábhacht chomh maith ag na spéiseanna agus ag na leibhéil saineolais atá ag baill na foirne sna hamharcealaíona ar chur i bhfeidhm an chláir agus ba chóir iad seo a aithint.

## Páistí le riachtanais éagsúla

Ba chóir go mbeadh fáil chothrom ag gach páiste ar oideachas sna hamharcealaíona. Ba chóir go dtabharfadh an plean scoile gealltanas faoi dheiseanna ar pháirteanna a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a bhfuil aidhm leo a tharraingíonn ar a gcumas cruthaitheach aeistéitiúil. Le linn pleanála do chomhdheiseanna, a chuirfeadh fáil chothrom do bhuachaillí agus do chailíní san áireamh, d'fhéadfadh baill na foirne tuairimí ar an ealaín agus ar na luachanna atá aici dóibh a phlé.

Cuireann an curaclam deiseanna ar fáil do pháistí le riachtanais oideachais ar leith ar chumas agus ar ghnóthachtáil neamhspleách a thaispeáint. Ní mór aitheantas a thabhairt dá gcéim fhorbartha san ealaín, gan bacadh le haois; slí chun a dtuiscint ar an domhan a léiriú is ea a samhlaoidí amhairc agus is gá ligean dóibh forbairt a dhéanamh tríothu. Ba chóir, dá bharr, gníomhaíochtaí agus treoirlínte a chur in oiriúint do riachtanais an duine aonair agus ba chóir dóibh a bheith oiriúnach do chumas agus d'aois an pháiste. De réir mar is cuí, ba chóir gníomhaíochtaí a phleanáil ina n-aonaid inláimhsithe sheicheamhacha agus ba chóir go leor ama a thabhairt do na páistí gach aonad a chríochnú. B'fhéidir go mbeadh gníomhaíochtaí ealaíne d'aon aonad amháin atá gearr níos oiriúnaí do pháistí a bhfuil réise aire gearr acu, agus ó am go chéile b'fhéidir go n-oirfeadh gníomhaíochtaí ilchéadfaíocha cinaeistéiseacha. Freagróidh páistí go fonnmhar do thacaíocht, do spéis agus do mholadh as a gcuid iarrachtaí.

In aon rang is féidir go mbeidh páistí ag obair i dtreo cuspóra laistigh de raon de leibhéil. Le haghaidh páistí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu b'fhéidir go mbeidh gá le roinnt achar foghlama a bhriseadh síos ina n-aonaid níos lú ná mar a mholtar dá leibhéal. B'fhéidir go mbeidh dúshláin níos mó ag teastáil ó pháistí eile ag an leibhéal gníomhaíochta céanna. Ba chóir dóibh a ndúshlán a thabhairt ar a fháil amach cad é an méid is mó is féidir a dhéanamh i ngníomhaíocht ealaíne, agus is féidir go mbeidh iniúchadh leanúnach ar achar amháin níos sásúla ná iniúchadh éadrom ar a lán díobh.

## Pleanáil do nascadh agus do chomhtháthú

Ba chóir pleanáil do ghníomhaíochtaí amharcealaíon a bhaineann le nascadh agus le comhtháthú chun tuilleadh

deiseanna a thabhairt do pháistí ar chruthaitheacht agus ar chumadóireacht agus chun cur ar a gcumas buanna agus spéiseanna a thaispeáint a d'fhéadfadh fanacht neamhshaothraithe murach é. Ba chóir gníomhaíochtaí a chomhtháthaíonn na hamharcealaíona le hábhair eile a phleanáil chun cuidiú le tuiscint na bpáistí ar an ealaín agus ar na hábhair eile a fhorleathnú agus ní hamháin le haghaidh cuspóirí léirithe. Ba chóir gníomhaíochtaí comhtháite amharcealaíon a phleanáil go comhthreomhar agus ba chóir go n-idirghníomhóidís le hábhair eile in ionad a bheith á gcur iontu.

## Am

Ba chóir lárnachas oideachais sna hamharcealaíona in oideachas iomlán na bpáistí a mheas agus clár amharcealaíon á phleanáil. Ba chóir fairsinge an ábhair agus a nádúr praiticiúil a mheas chomh maith agus an t-am á dháileadh. Uaireanta is modh cumasach é am blocáilte chun an t-am a riar le hobair thionscadail, le staidéar comhtháite nó le gné áirithe an chláir a iniúchadh go domhain.

## Taispeántas

Ba chóir go mbeadh polasaí scoile ar thaispeántas ann. Chomh maith lena bheith ag úsáid gach spáis laistigh d'fhoirgneamh na scoile ba chóir, ó am go chéile, dul chuig gníomhaireachtaí lasmuigh den scoil ar nós leabharlanna, ospidéil, stáisiúin an Gharda, bainc, siopaí, séipéil agus lárionaid phobail, ag iarraidh spás taispeántais. Níor chóir, áfach, go gcuirfeadh a leithéid de pholasaí brú ar an múinteoir nó ar na páistí saothar a sholáthar a bheadh inghlactha ag daoine fásta mar go bhféadfadh siadsan an tslat tomhais mhícheart a imirt ar obair na bpáistí. Is féidir nach mbeidh taispeántas poiblí i gcónaí oiriúnach mar bíonn spás síceolaíoch ag teastáil ó pháistí chomh maith le spás fisiceach chun forbairt a dhéanamh.

## Forbairt pholasaí measúnaithe

Is cuid dhílis de phróiseas na múinteoireachta agus na foghlama é an measúnú in oideachas sna hamharcealaíona; bíonn foghlaim na bpáistí agus a straitéisí múinteoireachta féin á measúnú i gcónaí go neamhfhoirmiúil ag na múinteoirí fad a bhíonn siad ag breathnú, ag plé agus ag breithniú ar an obair atá idir lámha acu agus ar an obair atá críochnaithe acu. Mar mhodh féachana ar fheidhmiú an mhúinteora agus an dalta cuireann an méasúnú go mór le meastóireacht fhoriomlán ar éifeacht an chláir ealaíne. Tá sé tábhachtach do phleanáil scoile iomláine agus d'fhorbairt chur chuige aontaithe ealaíne sa bhunscoil.

## Uirlisí measúnaithe

Tá sé tábhachtach go gcuireann múinteoirí chuig an measúnú san ealaín le muinín agus le tuiscint choiteann ar cad tá i gceist. Ba chóir go gcuimseodh measúnú iad seo a leanas:

- breathnú an mhúinteora
- tascanna a dhear an múinteoir
- samplaí oibre, bailiúcháin agus tionscnaimh
- próifílí curaclaim.

*Breathnóireacht an mhúinteora*

I bpróiseas déanta ealaíne agus na freagartha di b'fhéidir go dtaispeánfadh an páiste cáilíochtaí samhlaíochta, cumadóireachta agus rannpháirtíochta a d'fhéadfaí a thabhairt faoi deara san am ach nach mbeadh sé le feiceáil i bpíosa oibre atá críochnaithe, nó nach bhféadfaí cuimhneamh orthu ach le dua. Bheadh na hachair seo a leanas san áireamh:

- ábaltacht an pháiste ar ábhair, uirlisí agus meáin a roghnú agus a úsáid go héifeachtach agus go húrnua le haghaidh taisc nó tionscadail áirithe
- úsáid léiritheach an pháiste as na meáin amhairc i gcumadóireachtaí agus i bhfoirm fhorbarthach
- cáilíocht fhreagairt an pháiste do shaothair ealaíne agus a (h)ábaltacht ar cheangail a dhéanamh idir a s(h)aothar féin agus saothar daoine eile
- cur chuige an pháiste i leith taisc agus méid a rannpháirtíochta ann
- cion an pháiste den ghrúpghníomhaíocht.

*Tascanna a dhear an múinteoir*

D'fhéadfadh an múinteoir gníomhaíochtaí áirithe sna hamharcealaíona a cheapadh ó am go chéile chun gnéithe áirithe forbartha san ealaín a mheas. Chuimseoidís raon na ngníomhaíochtaí i meáin dhéthoiseacha agus thríthoiseacha a bhíonn ar siúl ag na páistí ag céimeanna éagsúla forbartha.

*Samplaí oibre, bailiúcháin agus tionscadail*

Is é an rud a bheadh i mbailiúchán ná sampla ionadaíochta d'obair a rinneadh i raon an mheáin dhéthoisigh ar feadh tréimhse agus a roghnaíodh i gcomhairle leis an bpáiste. D'fhéadfaí grianghraif nó físeáin d'obair a rinneadh i meán tríthoiseach, agus obair thionscadail san áireamh, a chur isteach ann freisin mar thaifeadadh gnóthachtála. Ba chóir bailiúchán a choimeád mar thaifead ar fhorbairt chruthaitheach agus aeistéitiúil an pháiste síos trína b(h)lianta bunscoile.

*Próifílí curaclaim*

Thabharfadh an cineál measúnaithe seo faisnéis áirithe don mhúinteoir, don pháiste agus do na tuismitheoirí ar riachtanais agus ar ghnóthachtáil an pháiste aonair sna hamharcealaíona. Is taifid gnóthachtála iad atá bunaithe ar chuspóirí an churaclaim, agus bheidís mar chuid den phleanáil scoile.


*Ba chóir go dtaispeánfadh measúnú san ealaín mar a fhoghlaimíonn na páistí conas a ndomhan a shonrú agus a iniúchadh, conas freagairt dó agus é a léiriú trí shnáitheanna an churaclaim.*

## Tuiscint choiteann ar mheasúnú a thógáil

Ba chóir go dtaispeánfadh measúnú san ealaín an chaoi a bhfoghlaimíonn páistí conas a ndomhan a shonrú agus a iniúchadh, conas freagairt dó agus é a léiriú trí shnáitheanna an churaclaim. Ba chóir go dtuigfí na critéir le haghaidh measúnaithe atá bunaithe ar luachanna ealaíne agus go mbeadh baill na foirne ar aon intinn fúthu agus ba chóir dóibh a bheith chomh hoibiachtúil agus is féidir. Ba chóir dóibh aitheantas a thabhairt do na nithe atá tábhachtach agus luachmhar in amharcleiriú an pháiste agus ina f(h)reagairt do shaothair ealaíne, agus aon fhadhb atá aige/aici a aithint. Ba chóir na critéir a dhearadh le haghaidh measúnaithe chun fadhbanna agus cumas araon a aithint.

## Inláimhsitheacht an mheasúnaithe

Mar go bhfuil bealaí oibre measúnaithe ceaptha chun faisnéis áisiúil a thabhairt don mhúinteoir ar dhul chun cinn na ndaltaí ba chóir méid inláimhsitheach a choimeád iontu. Ba chóir gearrliosta seiceála de na rudaí ar chóir faire amach dóibh a chur i dtoll a chéile le linn bheith ag breathnú ar pháistí ag obair agus ba chóir do na nótaí scríofa a bheith gearr agus na cnuasaigh a bheith furasta le cur i dtaisce. Ba chóir an t-am atá tugtha don mheasúnú a phleanáil mar chuid dhílis den cheacht agus ba chóir go mbeadh obair riaracháin an mhúinteora inláimhsithe.




Taispeántas ealaíne i seomra ranga

## Pleanáil eagair

Ag forbairt cuspóirí comhpháirteacha d'oideachas sna hamharcealaíona

Ba chóir go mbeadh cur chuige comhairleach agus comhoibritheach ann do phleanáil le haghaidh na n-amharcealaíon. Cuideoidh cumarsáid mhaith idir na páirtithe le cuspóir coiteann a fhorbairt agus lena chinntiú go mbeidh baint ag boird bhainisteoireachta, ag tuismitheoirí agus ag múinteoirí leis. Tá páirt bharrthábhachtach ag na tuismitheoirí i gcothú spéis agus forbairt na bpáistí san ealaín i rith a mbunscolaíochta.

Soláthróidh an coiste bainisteoireachta tacaíocht d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm an phlean scoile do na hamharcealaíona laistigh de na hacmhainní atá ar fáil dó. Beidh dul i gcomhairle le gach páirtí eile i gceist anseo. Déanfar athbhreithniú ar an gclár mar chuid d'athbhreithniú foriomlán an bhoird ar an bplean scoile.

Fásfaidh cuspóir coiteann soiléir agus comhfhreagracht as na hamharcealaíona as plé idir an príomhoide agus an fhoireann mhúinteoireachta. Ba chóir go soláthródh próiseas na pleanála agus an clár scríofa araon cáipéis luachmhar pholasaí agus go dtabharfaidís treo agus cuspóir cinnte don mhúinteoir. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do bhaill aonair na foirne a bhfuil spéiseanna nó saineolas ar leith acu an plé a threorú. Bheadh a leithéid de mhúinteoirí ag gníomhú mar athraitheoirí i bhforbairt nó i gcur i bhfeidhm chlár na n-amharcealaíon ach nach nglacfaidís ról an mhúinteoir ranga chucu féin.

Ba chóir bealaí oibre measúnaithe a phlé i rith chéimeanna na pleanála agus an chur i bhfeidhm. Bunchúis thábhachtach de cheapadh agus de chur i bhfeidhm chlár na n-amharcealaíon is ea féinmheasúnú, mar a mbíonn múinteoirí i gcónaí ag machnamh agus ag ceistiú a straitéisí agus ar fhreagraí na bpáistí orthu. Sa phróiseas seo, d'fhorbrófaí agus bhainfí triail as smaointe nua agus chuirfí iadsan a bhí éifeachtach san áireamh. Chuirfeadh measúnú rialta ar chumas na múinteoirí laigí nó bearnaí sa chlár a aithint agus dhéanfadh sé deimhin de mhúinteoireacht agus d'fhoghlaim den chéad scoth.

Tá soláthar rialta go leor d'ábhair agus d'uirlisí riachtanach d'fhonn tógáil ar spéis agus ar fhlosc na foirne. Tá sé tábhachtach chomh maith pleanáil d'acmhainní coimhdeacha, mar shampla ábhair ghlantóireachta, áiseanna triomaithe agus spás do thaispeántas agus do stóras. Chomheagródh an príomhoide clár bliana na scoile iomláine i gcomhairle le baill na foirne, ag taispeáint mar a chuirfí i bhfeidhm é. Chuideodh a leithéid d'fhráma ama le méid na n-acmhainní atá ag teastáil don chlár agus le méid an ama chun é a chur i gcrích a mheas.

## Ag aithint foinsí tacaíochta don chur i bhfeidhm

D'fhéadfadh baill na foirne faisnéis a chur le chéile ar fhoinsí tacaíochta chun clár na n-amharcealaíon a chur i bhfeidhm. Beidh siad seo a leanas chun tosaigh orthu:

### *Tuismitheoirí mar pháirtithe san oideachas*

Is cabhair é a gcuid oibre a thaispeáint agus a phlé ar bhealach cúntach sa

*Is cabhair é a n-obair a chur ar taispeáint sa bhaile agus í a phlé chun misneach a thógáil agus d'fhéadfadh sé seo na páistí a spreagadh lena spéis san ealaín a fhorbairt lasmuigh den scoil.*

bhaile chun muinín a thógáil agus b'fhéidir go spreagfaidh sé na páistí lena spéis san ealaín a fhorbairt lasmuigh den scoil. Is toisc lárnach sa chur i bhfeidhm rathúil é pleanáil le tuismitheoirí chun tacaíocht do churaclam na n-amharcealaíon a ghiniúint. Tá a spéis ghníomhach riachtanach chun cuidiú lena bpáistí teanga phearsanta amhairc a fhorbairt, agus ba chóir luach a dtacaíochta a dheimhniú dóibh. Chuimseodh an tacaíocht seo taithí chéadfaíoch spreagúil fháis a threoródh amharcléiriú na bpáistí agus, chomh fada agus is féidir, na hábhair agus na huirlisí amhairc chun é sin a chur in iúl. Chuimseodh sé gníomhaíochtaí gearra ealaíne a cheapadh sa bhaile i bpáirt leis na páistí, iad bunaithe, b'fhéidir, ar ábhar atá á fhorbairt acu ar scoil nó ar eachtra thábhachtach i saol an teaghlaigh nó an phobail. Is den riachtanas é measúnú ar obair ealaíne na bpáistí a bheith cuiditheach. Is cabhair é a n-obair a chur ar taispeáint sa bhaile agus í a phlé chun misneach a thógáil agus d'fhéadfadh sé seo na páistí a spreagadh lena spéis san ealaín a fhorbairt lasmuigh den scoil.

### *Tuismitheoirí mar cheangail leis an bpobal*

Is féidir spéis na bpáistí san ealaín a ghríosú trí chuairteanna ar dhánlanna, ar iarsmalanna agus, más féidir, ar ealaíontóirí agus ar cheardaithe ag obair. Tá sé tábhachtach go mbíonn tuiscint acu ar thábhacht na ndaoine a chruthaíonn earraí amhairc sa phobal, mar shampla ealaíontóirí, criadóirí, saoir cloiche, lucht déanta uirlisí ceoil, lucht déanta troscáin, fíodóirí, scríbhneoirí comharthaí, dealbhóirí, lucht déanta priontaí agus caoladóirí. Ba chóir a n-aird a tharraingt ar ghnéithe suimiúla de thírdhreacha agus de dhreacha sráide agus, más féidir, ba chóir dóibh cuairt a thabhairt ar fhoirgnimh atá spéisiúil ó thaobh na hailtireachta agus an deartha de. Is féidir ceangail a chruthú idir ealaín scoile agus ealaín sa phobal trí thús a chur le cuairteanna ar ealaíontóirí agus ar cheardaithe nó, más cuí, trí chomhoibriú leo chun cuairteanna a eagrú. I measc na bpáirteanna ar féidir le tuismitheoirí glacadh leo chun tacaíocht a thabhairt do chlár na n-amharcealaíon tá eagrú cláracha saibhrithe ealaíne agus taispeántas a chuidíonn le príomhghné a dhéanamh d'ealaín na bpáistí i bhféilte áitiúla agus in eagraíochtaí pobail.

Ba chóir tuismitheoirí a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí sa chlár trí chruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí nó trí nuachtlitir na scoile.

### *Ealaíontóirí cónaithe*

Maoiníonn an Chomhairle Ealaíon scéim ealaíontóra chónaithe do scoileanna. Cuireann an scéim seo ar chumas an ealaíontóra obair a dhéanamh i scoil go ceann sé mhí nó mar sin, ar thionscadal atá ceaptha ag an ealaíontóir agus ag an scoil araon. Maoiníonn comhairlí contae áirithe cuairteanna lae nó cuairteanna níos faide a thugann ealaíontóirí ar scoileanna, agus tá sonraí ar fáil ó oifigigh ealaíne contae, mar a oireann.

Tugann an Chomhairle Ealaíon macasamhla ealaíne ar iasacht agus eagraíonn sí taispeántais taistil go scoileanna dara leibhéil. B'fhéidir go mbeadh sé indéanta socruithe a eagrú ionas go mbeadh páistí bunscoile in ann iad a fheiceáil nó cuairt a thabhairt ar sheomra ealaíne scoile logánta, ar uairibh.

*Iarsmalanna agus dánlanna*

Bíonn ceardlanna ag roinnt iarsmalann agus dánlann do pháistí i rith an téarma agus i rith na laethanta saoire freisin. Bíonn ceardlanna do mhúinteoirí ar fáil chomh maith a dhíríonn ar a n-obair le páistí. B'fhéidir go gcuirfeadh iarsmalanna ealaíne, leabharlanna agus cumainn ealaíne logánta tacaíocht ar fáil freisin.

Tá ullmhúchán agus gníomhaíochtaí iarmhartacha riachtanach lena chinntiú go bhfaigheann na páistí an tairbhe is mó as cuairt ar iarsmalann nó ar dhánlann.

*Lárionaid cheardaíochta*

B'fhéidir go mbeidh cuairteanna ar lárionaid cheardaíochta ina mbíonn páistí in ann féachaint ar cheardaí ag obair, nó ina mbíonn siad in ann rud ceardaíochta a dhéanamh, ina dtaithí ghríosaitheach.

*Teilifís agus raidió*

Craoltar cláir ar shaothar ealaíontóirí ó am go chéile ar an teilifís, agus tá cuid acu ar fáil i bhfoirm físeán. D'fhéadfaidís bheith áisiúil de bharr an léargais a thugann siad ar conas mar a oibríonn ealaíontóirí agus cad é a thugann tinfeadh dóibh. Níl cláir a phléann teicníochtaí péintéireachta don duine fásta chomh háisiúil sin chun clár na n-amharcealaíon a chur i bhfeidhm.

*Teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide*

Tá fáil fhorleathan ar chláir ealaíne ríomhaire a chuireann ar chumas an pháiste samhlaoidí úrnua a chumadh. Is iad na cláir imfhiosacha na cinn is fearr, mar is féidir iad a úsáid láithreach agus de ghnáth cuireann siad comhchoibhneas idir na samhlaoidí a dhéantar agus céim fhorbartha an pháiste san áireamh. Tá cláir ar ealaín agus ar ealaíontóirí ar fáil chomh maith ar dhlúthdhioscaí. Tá bailiúcháin ag roinnt de na dánlanna agus de na hiarsmalanna móra san Iarthar ar fáil anois ar an idirlíon.


*Macasamhla ealaíne*

Tá idir shleamhnáin agus dhlúthdhioscaí de shárshaothair roghnaithe as a bhailiúchán déanta ag an nGailearaí Náisiúnta. De ghnáth bíonn cártaí poist, póstaeir agus féilirí ag na príomhiarsmalanna agus dánlanna a thaispeánann macasamhla roghnaithe as a mbailiúcháin. Tá leabhair ar fáil freisin a chuimsíonn raon leathan d'ealaíontóirí agus de stíleanna ealaíne. De ghnáth bíonn roinn amharcealaíon ag na leabharlanna poiblí níos mó, nó iarrann siad leabhar áirithe ar leabharlann eile ar son baill. Tairgeann roinnt de na leabharlanna níos mó seirbhís chun priontaí a fháil ar iasacht.

*Lárionaid oideachais*

Tairgeann lárionaid oideachais cúrsaí fánacha san ealaín do mhúinteoirí i rith an téarma. B'fhéidir go dtairgeann siad comhairle freisin ar úsáid ríomhairí sa cheacht ealaíne.

Bíonn sé áisiúil má bhaineann foirne iomlána, agus, b'fhéidir, foirne ó scoileanna cóngaracha, úsáid as an gcomhairle ghairmiúil óna lárionad logánta féin maidir le gnéithe de dhearadh agus de chur i bhfeidhm an churaclaim, de réir mar is gá.



*Bíonn taithí bhunaidh d'íomhánna agus d'ábhair ealaíne de dhíth ar pháistí*

Roinn 4

# Pleanáil sa seomra ranga do na hamharcealaíona

# Pleanáil sa seomra ranga do na hamharcealaíona



*Ba chóir páistí a spreagadh trí cheistiú atá pleanáilte agus ceannoscailte chun smaointe, mothúcháin, samhlaoidí agus taithí atá tábhachtach dóibh féin a mhúscailt.*

Is barrthábhachtach é eagrú éifeachtach do rath an cheacht ealaíne. Dá bharr seo, tá ullmhúchán roimh ré riachtanach dóibh seo a leanas:

- pleanáil an mhúinteora
- eagrú an tseomra ranga
- pleanáil aonaid oibre.

## Pleanáil an mhúinteora

Baineann sé seo le tábhacht a bhronnadh ar ghnáth-thaithí laethúil an pháiste agus ar a s(h)amhlaíocht atá ag forbairt, agus le bealaí a eagrú chun a c(h)uid riachtanas foghlama a shásamh tríd an ealaín.

Ba chóir go mbeadh roinnt tuisceana ag an múinteoir ar shamhlaoidí amhairc an pháiste agus roinnt taithí praiticiúla aige/aici ar phróiseas déanta na healaíne leis na hábhair a úsáidfidh na páistí. Cuirfidh tuiscint ar na céimeanna forbartha san ealaín ar chumas an mhúinteora bealaí a phleanáil ar theacht chun réitigh le riachtanais fhoghlama an duine aonair de réir na gcuspóirí aontaithe sa phlean scoile. Tá taithí phraiticiúil ar laimhsiú ábhar agus uirlisí riachtanach chun tuiscint a fháil ar a bhféidearthachtaí léirithe agus ar na dúshláin a thugann siad do na páistí ag céimeanna éagsúla forbartha.

D'fhéadfadh go dtabharfadh taifead an pháiste le fios nach raibh taithí shásúil go leor aige/aici ar fhéachaint agus ar fheiceáil, nó taithí bheag ar láimhsiú ábhar agus uirlisí agus ar iniúchadh a bhféidearthachtaí i meán amháin nó níos mó. B'fhéidir go mbeadh breis ama agus breis taithí níos doimhne de dhíth ar pháistí ag leibhéal na naíonán i roinnt snáitheanna. Is féidir go mbeidh gá le páistí níos sine athléirmhíniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí atá leagtha amach do leibhéal amháin nó níos mó faoi bhun an leibhéil a mholtar dá n-aois chun cuidiú leo teacht ar a leibhéal láithreach d'amharcléiriú.

Nuair atá an múinteoir ag tabhairt tascanna ceannoscailte, d'fhéadfadh an phleanáil deiseanna ar roghnú ábhar agus uirlisí do thascanna éagsúla a chuimsiú chun cuidiú le forbairt feasachta ar a n-acmhainn chruthaitheach. Ba chóir go n-eagrófaí bealaí oibre chun go bhféadfaí athruithe i dtuiscint agus i léiriú an pháiste a thabhairt faoi deara agus iad a thaifeadadh i bhfoirm shimplí i rith na hoibre agus ina diaidh, mar chabhair le pleanáil don am atá le teacht.

Ba chóir téama no ábhar a roghnú roimh ré a bhaineann le taithí an pháiste, nó d'fhéadfadh sé teacht i gceist as a stuaim féin i rith seisiúin spreagúil ó am go chéile. Trí cheistiú atá pleanáilte agus ceannoscailte, ba chóir páistí a spreagadh chun smaointe, mothúcháin, samhlaoidí agus taithí atá tábhachtach dóibh féin a mhúscailt. Is féidir spreagthaí focal a úsáid, chomh maith le spreagadh amhairc, cloiste (fuaimeanna) nó cinaeistéiseach (damhsa, dráma), agus chuimseoidís dánta agus blúirí próis a bheadh amharcthuairisciúil.

Ina measc seo bheadh na hachair seo de thaithí na bpáistí:

- an domhan atá ar eolas acu agus ina bhfuil siad ag maireachtáil
- daoine agus créatúir eile
- an rud dúrúnda agus diamhair.

Cuireann an cur chuige seo ar chumas na bpáistí 'gabháil tríd' an taithí, bíodh sí fíor nó samhlaithe, agus freagairt a thabhairt a bhaineann leosan amháin.

## Pointí tosaigh bunúsacha

Ceann de na tascanna is dúshlánaí dá bhfuil ag an múinteoir is ea conas gníomhaíocht áirithe ealaíne a thabhairt isteach. Tosaíonn gníomhaíochtaí ealaíne a bhfuil aidhmeanna leo le spreagadh a ghríosaíonn spéis agus samhlaíocht na bpáistí agus a chuireann an fonn tosaithe orthu. Pointe tosaigh maith is ea aon cheann de na gníomhaíochtaí a fhothaíonn modhanna fionnachtana faoi threoir, nó cumasc díobh. Cuimsíonn siadsan a bheith

- ag obair as taithí agus as samhlaíocht an pháiste
- ag úsáid ábhar agus uirlisí mar spreagadh
- ag obair de bhreathnóireacht agus d'fhiosracht
- ag úsáid saothar ealaíontóirí agus ceardaithe mar spreagadh.

Is féidir go mbeidh pointe tosaigh áirithe níos cuí d'obair i meán áirithe ná cinn eile: mar shampla, is í úsáid ábhar agus uirlisí an pointe tosaigh is cuí le haghaidh priontála. Is féidir go ndúiseofar idéanna oibre i meáin eile ag ceann amháin nó níos mó de na pointí tosaigh molta, agus is féidir go roghnóidh an múinteoir ceann acu. Chun nádúr comhtháite na snáithaonad a chothú d'fhéadfaí obair ealaíontóirí agus ceardaithe a úsáid mar spreagadh in éineacht le pointí tosaigh molta eile.

### *Ag obair as taithí agus as samhlaíocht an pháiste*

Eascraíonn mórán d'ealaín na bpáistí as a ngnáth-thaithí, idir fhíor agus shamhlaithe, agus is minic a dteastaíonn cineál éigin spreagtha uathu chun freagra amhairc a dhúiseacht iontu. Ní mór a spéis a spreagadh ón tús trí sheisiúin spreagúla atá gearr agus dírithe. Is gá mothú na crúóige a thabhairt do thaithí ar an teach agus ar an scoil, ar shúgradh, ar chairde, ar chaitheamh aimsire, ar ócáidí ar leith agus ar áiteanna chun go ndéanfar foinsí d'obair ealaíne atá corraitheach agus cúiteach dóibh. Is féidir le taithí chéadfaíoch ar radharc, ar fhuaim nó ar thadhall, nó ar theanga allabhrach iad a spreagadh chun gabháil nó athghabháil trí eachtraí agus chun muinín a thabhairt dóibh iad a amharcléiriú ar bhealach atá lán de bhrí phearsanta. Is dúshlán leanúnach é an domhan a thabhairt faoi deara agus taitneamh a bhaint as trí thaithí chéadfaíoch agus freagairt dó trí mheán amhairc agus trí mheán na bhfocal, agus ní mór é seo a athdhéanamh i rith bhlianta na bunscolaíochta. Beidh tionchar ag a dtaithí ar láimhsiú ábhar agus uirlisí agus ag a scileanna forbarthacha breathnóireachta ar cháilíocht a léirithe.

Agus taithí á cur in iúl acu, léiríonn páistí iad féin, a dteaghlach, a ngaol le daoine atá dlúthbhainteach leo, agus na gnáthrudaí laethúla a dhéanann siad. Tá siad seo tábhachtach dóibh toisc go mbíonn baint acu féin leis seo, agus baineann siad sásamh as cur síos a dhéanamh ar na staideanna éagsúla a théann i bhfeidhm ar a ngnáthshaol. Cuireann samhlaíocht fhorbarthach bealaí ar fáil chun airgtheacht, fantaisíocht agus gnáth-thaithí a chur in iúl i mblianta tosaigh na scoile.

De réir mar a théann páistí tríd an scoil bíonn tábhacht lárnach i gcónaí ag baint le taithí a léiriú, go háirithe ina ngaol lena gcairde:

- ‘cluiche a imirt le mo chairde’
- ‘éisteacht leis an mbuíon cheoil is fearr liom’.

Is féidir comhfhios agus comhthéacs a chur in iúl in ‘mo sheomra’ nó ‘ár sráid’, mar shampla. B’fheidir go léireoidh páistí níos sine an tábhacht a thugann siad do ‘shamhlaoid’: an mhian go nglacfaidh a bpiarghrúpa leo agus na rudaí agus na gníomhaíochtaí a chomhaontaíonn an glacadh sin, mar shampla éadach, ceol agus pé rud atá san fhaisean. Ba chóir go mbeadh áit ann le spéiseanna atá pearsanta agus níos aonánaí a chur in iúl. De bharr oibre ar théamaí samhlaíocha atá curtha in oiriúint dá n-aois agus dá spéiseanna is féidir go mbeidh toradh thar a bheith bríomhar agus úrnua air. Ba chóir tacú leis seo, áfach, trí oibriú de réir breathnóireachta chun nach dtiocfaidh náire orthu as a saothar—as a líníocht d’fhíor ag gníomhú, mar shampla. Cé is moite dá háit shoiléir in obair phictiúrtha, tá an tsamhlaíocht riachtanach chun dhá thoise agus trí thoise a dhearadh, a phleanáil agus a chumadh, agus taispeánann páistí san aoisghrúpa seo an-chuid díograise sna hachair seo.

### *Ag úsáid ábhar agus uirlisí mar spreagadh*

D’fhéadfadh gur pointe tosaigh corraitheach é an díriú intinne ar cháilíochtaí amhairc agus tadhlacha na n-ábhar agus na n-uirlisí le haghaidh gníomhaíochta ealaíne. Ba chóir taithí a bheith ag páistí ar an taitneamh a bhaineann le láimhsiú raon leathan d’ábhair agus d’uirlisí chun go mbeidh siad in ann foghlaim conas iad a úsáid go muiníneach. A laghad taithí atá acu air seo is ea is tábhachtaí é labhairt leo ar na fionnachtana a dhéanann siad agus cad is féidir, dar leo, a chruthú agus a chumadh. Ba chóir iad a spreagadh chun labhartha ar an meán is fearr leo oibriú leis nó ar na cinn is oiriúnaí, dar leo, do thasc áirithe, agus cén fáth. Na fionnachtana agus na cinntí a dhéanann siad nuair a dhéanann siad daba, sileadh, guairneán, buille, brú, tarraingt, stróiceadh, rolladh, cúngú, tógáil, cóiriú, múnlú agus cothromú le hábhair agus le huirlisí, is cuid riachtanach iad seo dá bhforbairt i ndéanamh ealaíne agus ina bhfreagairt di. Dhéanfadh tastálacha tosaigh ceachtanna beaga iomlána iontu féin, go háirithe le páistí níos óige. Ba chóir tástálacha a leanann iad seo a cheapadh chun tuiscint agus léiriú a dhoimhniú, chun fiontraíocht a spreagadh agus chun ceannas méadaitheach a fhorbairt in úsáid ábhar agus uirlisí.

*Is féidir le foghlaim conas saothar ealaíne a 'léamh', conas a rinneadh é agus cad a bhí i gceist leis cuidiú le ciallú agus le léirthuiscint na bpáistí ar a gcuid saothair féin agus ar shaothar daoine eile a fhorbairt.*

### *Ag obair as breathnóireacht agus as fiosracht*

Iniúchann páistí óga cáilíochtaí dá ndomhan fisiceach go díreach trí laimhsiú agus trí fhéachaint ar rudaí ón dúlra, mar shampla, agus trí cháilíochtaí fisiceacha na n-ábhar ealaíne a iniúchadh. Iniúchtar uigeacht, dath agus foirm, mar shampla, go grinn agus déantar iontas díobh. Chomh maith leis sin iniúchann siad mar a bhaineann rudaí agus daoine lena chéile ó thaobh an spáis de. Ó aois linbh bíonn spéis ollmhór acu ina leithéidí seo de choincheapa: amuigh/istigh, síos/suas, roimh/i ndiaidh, agus i rudaí a théann faoi cheilt agus a thagann i láthair athuair. Is féidir é seo a aithint in obair thríthoiseach na bpáistí agus ina gcuid líníochtaí, agus is minic a thagann siad ar bhealaí atá úrnua go deo chun na coincheapa spásúla seo a léiriú. Ba chóir go mbeadh bailiúcháin bhríomhara agus taispeántais de nithe nádúrtha sa seomra ranga chomh maith le bric-à-brac suimiúil a athraítear a luaithe a chailleann siad spéis na bpáistí.

De réir mar a théann páistí chun cinn thar leibhéal na naíonán is féidir léirmhíniú bunaithe ar bhreathnóireacht dhíreach a sheoladh isteach níos minice agus éiríonn sé an-tábhachtach i mblianta deireanacha na bunscoile. Tugann sé faisnéis dá gcuid tuairimí, cuidíonn sé leo dul thar shiombailí athúsáidte, agus freagraíonn sé don fhiosracht nádúrtha anailíseach. D'fhéadfadh sé a gcur chuige sa dearadh agus sa tógáil i dtrí thoise a shaibhriú agus a threorú. Is féidir tacú le téama roghnaithe nó tús a chur leis trí fhéachaint ar shaothar ábharthach ealaíontóirí, dearthóirí agus ceardaithe.

### *Ag úsáid saothar ealaíontóirí agus ceardaithe mar spreagadh*

D'fhéadfadh gur pointe tosaigh luachmhar le haghaidh gníomhaíochtaí ealaíne é freagraí láithreacha agus fonnmhara na bpáistí. Ba chóir go mbeadh an-chuid deiseanna acu ar mhachnamh a dhéanamh ar raon mór d'éachtaí móra sna hamharcealaíona agus ar thaitneamh a bhaint astu ar mhaithe leo féin. Uaireanta is féidir le gníomhaíocht phraiticiúil a cheaptar ar mhaithe le cur lena bhféachaint ar an ealaín agus lena bhfreagairt di na páistí a shaibhriú. Is cabhair é bheith ag foghlaim conas téama saothar ealaíne a 'léamh', conas a rinneadh é agus cad a bhí i gceist leis, agus am a bheith acu le machnamh a dhéanamh ar a gcuid mothúchán ina leith chun ciallú agus léirthuiscint na bpáistí dá saothar féin agus d'obair daoine eile a neartú. Ba chabhair dóibh é fáil a bheith acu ar raon mór leathan de stíleanna agus de thraidisiúin ealaíne chun go bhfeicfidís mar a bhaineann a léirmhíniú féin ar théama le saothar ealaíontóirí nó ceardaithe agus chun iad féin a fheiceáil mar chuid de phobal domhanda lucht na healaíne. Ba chóir saothar ealaíne a úsáid i gcónaí mar spreagadh, áfach, seachas mar leithscéal ar aithris nó paistís.

## Atmaisféar an tseomra ranga

Tá timpeallacht oibre a ghlacann agus a thacaíonn le páistí riachtanach d'fhorbairt a gcruthaitheachta. I rang na n-amharcealaíon cuireann an glacadh le smaointe na bpáistí aonair agus an luach a leagtar ar ghníomhaíochtaí agus ar an obair chríochnaithe le hatmaisféar cuí a chruthú sa seomra ranga.

Nuair is féidir leis an múinteoir agus leis na páistí smaointe, mothúcháin agus taithí phearsanta agus slite chun iad a léiriú a phlé agus a cheistiú ar bhealach atá oscailte agus ionraic beidh an t-atmaisféar tacúil agus struchtúrtha go leor chun ligean do pháistí forbairt ar a mbealach féin, agus iad ag éirí neamhspleách ar an múinteoir de réir a chéile. Cuidíonn cur chuige i leith mhúineadh na n-amharcealaíon, cur chuige a léiríonn meas ar thaithí na bpáistí, le forbairt a muiníne chun ceisteanna a chumadh agus a chur, agus chun a bhfreagraí féin a fháil. Tá a leithéid de thimpeallacht fhoghlama muiníneach as conas mar ba mhaith le páistí oibriú agus as a gcumas ar bheith freagrach as a n-obair féin. De réir mar a fhorbraíonn muinín na bpáistí as a n-ábaltacht ar a smaointe a amharcléiriú agus a léiriú i bhfocail, cuirfidh sé seo ar a gcumas a modhanna léirithe féin atá pearsanta agus an-aonánach a fhorbairt.

# Eagrú an tseomra ranga

Baineann sé seo le heagar a chur orthu seo a leanas:

- ábhair agus uirlisí ealaíne
- an spás oibre
- timpeallacht na foghlama
- achair na dtaispeántas
- am
- nascadh agus comhtháthú.

## Eagrú na n-ábhar agus na n-uirlisí ealaíne

Moltar liosta a dhéanamh de riachtanais an cheachta agus a dhearbhú roimh ré go bhfuil go leor soláthairtí ann agus iad tarraingteach le húsáid. Ba chóir go n-eagrófaí iad seo roimh thús an ranga. Glacfaidh na páistí a bpáirt i gcaomhnú na soláthairtí a luaithe a thuigfidh siad conas agus cén fáth ar ghá aire a thabhairt dóibh. Ba chóir go bpleanáilfí bealaí oibre glantóireachta roimh ré freisin.

## An spás oibre a eagrú

*An spás oibre*

Chomh fada agus is féidir ba chóir go leor spáis a bheith ag na páistí chun oibriú go compordach. Ba chóir go gcóireofaí an troscán chun gluaiseacht a dhéanamh níos éasca agus le cur ar chumas na bpáistí féachaint ar a n-obair ó chearnaí éagsúla, agus le dromchlaí atá mór go leor a sholáthar don tasc atá idir lámha acu. Ba chóir go mbeadh fáil fhurasta ar uisce ann. Ó am go chéile b'fhéidir gur féidir na páistí a chur ag obair amuigh faoin

spéir: leathnaíonn gníomhaíochtaí don scoil iomlán a bhaineann úsáid as timpeallacht na scoile agus a aithníonn cion gach páiste (mar shampla múrmhaisiú a phéinteáil), taithí an pháiste ar an ealaín lasmuigh de bhallaí an tseomra ranga.

*Socruithe cosanta*

Ba chóir páistí a spreagadh chun éadach cosanta a chaitheamh, agus ba chóir páipéar súite a chur ar fáil dóibh le déileáil le doirteadh trí thimpiste.

*Socruithe slándála*

Ba chóir aire a thabhairt lena chinntiú go n-úsáidtear ábhair neamhnimhiúla agus go bhfuil gach ábhar gearrtha oiriúnach le húsáid ag na páistí. B'fheidir go mbeadh gá le maoirseacht ghrinn ar roinnt gníomhaíochtaí. Ba chóir go leor solais a bheith ann agus an seomra a bheith aeraithe go maith a fhad is atá an obair á triomú.

## Eagrú thimpeallacht na foghlama

Is féidir go mbeadh timpeallacht an tseomra ranga ar cheann de na háiseanna múinteoireachta is cumhachtaí sa cheacht ealaíne. Ba chóir di bheith spreagúil don tsúil agus bríomhar agus ba chóir di foghlaim na bpáistí san ealaín a fhorbairt. Ba chóir do thaispeántais a thosaíonn an múinteoir a bheith spreagúil agus samhlaíoch. Ba chóir dó/di rudaí atá corraitheach agus aisteach don tsúil a chuimsiú, ina measc seo, b'fhéidir, rudaí atá sean nó briste, nó rudaí ón domhan nádúrtha. Ba chóir dóibh samhlaíocht an pháiste a ghabháil agus deiseanna luachmhara a chur ar fáil ar ghrinnfhéachaint, ar chomparáidí a dhéanamh, ar mheastóireacht chriticiúil agus ar ghaolta a aithint.

Ba chóir na páistí a spreagadh chun féachaint go grinn agus chun nithe taispeántais a láimhsiú, de réir mar is cuí, chun faisnéis agus tuiscint ar nádúr rudaí a thógáil, nithe nach féidir a dhéanamh ar aon bhealach eile. Ba chóir, a bhfeasacht ar fheiniméin nádúrtha ina dtimpeallacht, agus a n-ábaltacht ar fhreagairt dóibh, a spreagadh freisin. D'fhéadfaí gloine formhéadúcháin a úsáid ó am go chéile le cur ar a gcumas gréasán agus struchtúr sa domhan nádúrtha a fheiceáil ar scála beag, agus threiseodh sé seo foghlaim san eolaíocht, mar shampla.

Ba chóir go gcuirfí priontaí de shaothar ealaíne ar taispeáint agus foinse phlé bhríomhair a dhéanamh díobh. Ba chóir leabhair le léaráidí den chéad scoth, chomh maith le roinn ealaíontóirí agus foirmeacha ealaíne éagsúla, a chur sa rang nó sa leabharlann scoile. Is féidir bloc-iasachtaí de leabhair ealaíne do pháistí a eagrú le cuid de na leabharlanna poiblí níos mó.

## Achair thaispeántais a eagrú

Ba chóir don seomra ranga a bheith ina ionad oibre spreagúil agus timpeallacht na scoile iomláine ina tionchar dearfa ar chéadfacht na bpáistí a thabhairt chun míneadais. Feidhmíonn prionsabail an dea-thaispeántais go cothrom céanna ar fud fhoirgneamh na scoile dála taispeántas ealaíne laistigh den seomra ranga agus ar fud an churaclaim. Cuidíonn taispeántas maith le timpeallacht aeistéitiúil thaitneamhach a chruthú. Soláthraíonn sé pointe comhtheagmhála d'fhoghlaim trí fhiosracht a mhúscailt, trí phlé a chur chun cinn agus trí smaointe a spreagadh. Chomh maith leis sin spreagann sé rannpháirtíocht: is ionann saothar a chur ar taispeáint agus iarracht a mholadh agus a chúiteamh.

Trí shaothar a chur ar taispeáint cuidítear leis an bpáiste agus leis an múinteoir meastóireacht a dhéanamh agus a fheiceáil mar a sháraítear fadhbanna léirithe i bpíosaí aonair d'obair. Tá sé tábhachtach pictiúir a thaispeáint ina n-iomlán seachas na codanna 'críochnaithe' amháin. Ba chóir rogha a thabhairt do na páistí faoi cad a chuirfí ar taispeáint, mar shampla ag lá oscailte.

## Eagrú ama

Tá eagrú éifeachtach ama barrthábhachtach do ghníomhaíochtaí ealaíne atá taitneamhach agus a bhfuil aidhmeanna leo. B'fhéidir go n-oirfeadh sé am geallta a roinnt ina aonaid níos lú, ó am go chéile, chun fuinneamh giniúnach píosa oibre atá an-dúshlánach ach go háirithe a chothú, agus chun seichimh fhorbartha a thaispeáint. Ba chóir don mhúinteoir obair aonair agus chomhoibritheach araon a cheadú ionas go bhféadfadh páistí a smaointe a roinnt ar a chéile. Uaireanta is féidir le hobair ar théama, mar shampla fríos balla nó múnlú ar scála mór, bheith níos inláimhsithe agus níos rathúla mar thionscadal don rang iomlán.

Ba chóir an t-am atá le tabhairt d'obair ar shnáitheanna aonair, ar théamaí a fhorbraítear in éagsúlacht de mheáin agus ar thionscadail chomhtháite a phleanáil roimh ré. B'fhéidir go rachaidh baill na foirne i gcomhairle lena chéile agus cinntí á ndéanamh acu lena chinntiú go mbeidh curaclam leathan cothrom á mhúineadh ag gach leibhéal, agus laistigh díobh.

## Nascadh agus comhtháthú a eagrú

Tugtar deiseanna ar *nascadh* (comhtháthú laistigh de churaclam na n-amharcealaíon) agus ar *chomhtháthú* (comhtháthú traschuraclaim) ag deireadh gach snáithe.

Tarlaíonn nascadh sna hamharcealaíona *laistigh* de na snáitheanna agus *idir* na snáitheanna araon agus leagann sé béim ar nádúr comhghaolmhar na ngníomhaíochtaí ealaíne. Tarlaíonn sé

- sa tslí ina soláthraíonn an snáithaonad gníomhaíochtaí comhlántacha i *ndéanamh* agus i *bhféachaint* agus i *bhfreagairt*
- i gcur chuige píosa oibre a fhorbairt trí mheáin mheasctha a bhaineann úsáid as an-éagsúlacht d'ábhair, mar shampla trí phrionta, trí chuimilteáin agus trí dhromchlaí péinteáilte a chumasc i gcolláis nó trí ghreamanna maisiúcháin, trí choirníní nó trí phéint fhabraice a chur le hobair *appliqué*
- i dtéama a iniúchadh trí roinnt de na snáitheanna, mar atá leagtha amach in 'Pleanáil aonaid oibre'.

Tairgeann an-chuid achar de churaclam na bunscoile spreagadh iontach amhairc agus samhlaíochta, a mbíonn an múinteoir in ann úsáid a bhaint astu le haghaidh an cheacht ealaíne. Deiseanna soiléire ar chomhtháthú is ea léirmhínithe a dhéanamh ar scéalta, ar dhánta, ar amhráin, ar dhrámaíocht, ar scéalta as an mBíobla agus ar eachtraí stairiúla, i líníocht, i bpéinteáil nó i meán tríthoiseach. Ba chóir béim a leagan ar chur chuige samhlaíoch in ionad bheith ag iarraidh clár an ábhair eile a mhúineadh. Níor chóir nach mbeadh sa chomhtháthú le healaín ach déanamh frapaí chun ábhar eile a mhúineadh, ós rud é gur dóichí nach bhféachfaí ar ghné na fionnachtana samhlaíche mar chuid inmhianaithe sa chás seo, seachas é bheith inmhianaithe go mór, mar ba chóir.

Is é an buntáiste atá ag an gcur chuige múinteoireachta agus foghlama atá comhtháite ná gur féidir na cuspóirí atá ag níos mó ná achar amháin sa churaclam a bhaint amach i ngníomhaíocht nó i dtopaic amháin. D'fhéadfadh sé seo bheith an-chuí ag leibhéal na naíonán, mar a mbíonn an fhoghlaim ina gníomhaíocht ilchéadfaíoch den chuid is mó de. Ba chóir, áfach, pleanáil a dhéanamh do chothromaíocht idir múinteoireacht chomhtháite agus múinteoireacht ábhair amháin, go háirithe ag na leibhéil níos airde sa bhunscoil. Ba chóir a bheith aireach chomh maith lena chinntiú go gcoimeádtar fócas soiléir ar na cuspóirí don ealaín i gcomhtháthú traschuraclaim. Mura mbíonn cuspóirí cuí don cheacht ealaíne i bhfeidhm ní bheidh aon cheacht ealaíne ann i ndáiríre agus dá dheasca sin ní bheidh comhtháthú lán de bhrí ann.

### Comhtháthú

- cuir chuige samhlaíoch a ghlacadh
- cuireann le forbairt iomlánaíoch an pháiste
- deimhníonn gur lánléir iad cuspóirí na healaíne
- spreagthach i dtéarmaí amhairc de

*Oideachas sna healaíona*

Tá comhchiall ag achair den oideachas sna healaíona a chruthaíonn naisc eatarthu. D'fhéadfaí ábhar téama a roinnt le ceol, mar shampla. Is trí rince a dhéantar amharc-choincheapa crutha agus spáis 'nithiúil', agus is féidir go ndéanfar tuilleadh forbartha ar théamaí a iniúchtar tríd an rince trí éagsúlacht de mheáin amharcealaíon.

D'fhéadfadh go mbeadh obair le drámaíocht an-torthúil ar fad. Is féidir le páistí a gcuid láithreán, culaithirtí agus masc a dhearadh, mar shampla. Is féidir léiriú trí dhath, trí fhoirm agus trí thógáil a chur chun cinn ar an mbealach seo agus d'fhéadfaí na tascanna a cheaptar a chur in oiriúint do chumas agus d'aois an pháiste: mar shampla, is féidir go mbeidh déanamh culaithirtí chomh simplí le sean T-léine agus bríste a chlaochlú ina bhfeisteas an-samhlaíoch go deo ach fuíollghearrthóga, fuílligh agus fabraic agus ceirteacha éagsúla eile a roghnaítear go haireach a chur orthu le bioráin. Ba chóir gurb é a bheidh i gcion an mhúinteora féin ná teacht ar bhealaí indéanta chun airgtheacht na bpáistí a spreagadh, agus gan a bheith ag dearadh an ruda iomláin é(í) féin.

*An corpoideachas*

D'fhéadfadh gur spreagthaí den chéad scoth iad samhlaoidí agus rudaí ealaíne don rince, agus is féidir le rince agus le cluichí feidhmiú mar ábhair spreagúla d'ealaín na bpáistí.

*An teanga*

Soláthraíonn gníomhaíochtaí sna hamharcealaíona an-chuid deiseanna ar fhorbairt theagmhasach teanga. Spreagtar páistí le labhairt ar an obair atá idir lámha acu, ar na dúshláin a dtagann siad orthu, ar na cinntí a dhéanann siad maidir lena rogha ábhair agus ar conas a úsáideann siad ábhair agus uirlisí. De réir mar a théann siad ar aghaidh cuidítear leo labhairt le muinín mhéadaitheach ar a bhfuil siad ag iarraidh a dhéanamh agus ar na cáilíochtaí a fheiceann siad ina gcuid oibre féin agus in obair daoine eile.

*An mhatamaitic*

Gné is ea an cruth a 'chomhthátháitear' go minic le matamaitic, agus moltar é seo thar barr. Níor chóir, áfach, go mothódh an múinteoir go bhfuil sé/sí teoranta maidir le cearnóga, ciorcail nó dronuilleoga, mar shampla, a úsáid sa cheacht ealaíne. Ba chóir go músclódh an cruth san ealaín rudaí ar nós scáth ruda ar bith; cruthanna casta ar nós scáth duine; cruthanna imlíneacha d'aon rud nó de ghrúpa rudaí; cruth an spáis idir dhá rud; nó cruth rudaí réidhe ar nós duilleog, ar nós peiteal nó coslorg. Cuireann taithí na bpáistí ar an gcruth sa domhan amhairc lena dtuiscint ar choincheapa an chrutha, baineadh sé le matamaitic nó ná baineadh, ag leibhéal atá i bhfad níos doimhne ná dá gcuirfeadh an múinteoir iad ag plé le gníomhaíochtaí 'ealaíne' amhrasacha a d'úsáidfeadh ciorcail, cearnóga nó dronuilleoga, mar shampla.

*Téama buan in oideachas sna healaíona is ea breathnóireacht ghrinn ar rudaí ón dúlra.*

## *Oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta (OSIE)*

Achar cuí don fhoghlaim chomhtháite is ea iniúchadh ar dhath mar *sholas* i gcuraclam na heolaíochta agus ar dhath mar *ghné amhairc* i gcuraclam na n-amharcealaíon. Déanann forbairt ar an bhfeasacht timpeallachta, ar scileanna breathnóireachta (féach an tíreolaíocht chomh maith) agus ar scileanna i ndearadh agus i ndéanamh a fhorbraítear trí fhiosrúchán eolaíoch, comhlánú ar na coincheapa agus na scileanna (an phleanáil agus an sceitseáil san áireamh) a fhorbraítear i gcuraclam na n-amharcealaíon.

Téama buan in oideachas sna healaíona is ea an bhreathnóireacht ghrinn ar rudaí ón dúlra, agus is léir gur féidir é seo a chomhtháthú leis na snáithaonaid 'Plandaí agus ainmhithe' agus 'Feasacht ar an timpeallacht agus aire a thabhairt di' atá i gcuraclam na heolaíochta (féach an tíreolaíocht chomh maith). Bíonn níos mó tábhachta ag baint le líníochtaí agus le staidéar ar dhathanna a dhéanamh bunaithe ar rudaí nádúrtha a thógtar isteach sa seomra ranga nuair a shroicheann na páistí na ranganna sinseareacha sa bhunscoil. D'fhéadfadh go dtabharfadh struchtúr rudaí nádúrtha spreagadh i ngníomhaíochtaí tógála.

Achar eile le haghaidh comhtháthaithe leis na hamharcealaíona is ea staidéar ar *Tréithe agus cáilíochtaí ábhar* i gcuraclam na heolaíochta: fabraicí agus snáthíní; ábhair sholúbtha ar nós cré; dolúbthacht ábhar tógála; na huigeachtaí; meáchain agus ionsúiteacht páipéar (moltar ceacht áirithe in úsáid an pháipéir mar ábhar tógála). D'fhéadfaí staidéar ar chumhacht gaoithe agus uisce sa snáithaonad *Fuinneamh agus fórsaí* a úsáid le gluaiseacht a sholáthar i mionsamhlacha atá deartha ag na páistí. B'fheidir go mbeadh draíocht sa bhreis ag baint le ciorcad leictreach a dhéanamh, mar shampla, dá n-úsáidfí é chun ollfhoirgneamh mionsamhlach atá deartha agus déanta ag na páistí a shoilsiú.

D'fhéadfaí an-chuid de ghnéithe na teicneolaíochta a chomhtháthú go háisiúil leis an ealaín. B'fhéidir go n-úsáidfí an phriontáil mar shampla den phróiseas déantúsaíochta, cuir i gcás cártaí a dhearadh agus a chlóbhualadh d'ócáid ar leith. Próiseas déantúsaíochta eile is ea an fhíodóireacht nó cruthú éadaigh.

Is féidir go spreagfaidh gnéithe de churaclam na staire, a iniúchann an teaghlach agus domhan an scéil, gníomhaíochtaí sna hamharcealaíona a tharraingíonn ar shamhlaíocht agus ar thaithí saoil an pháiste. B'fhéidir go gcuideodh iniúchadh ar chultúir daoine éagsúla agus ar réanna éagsúla i rith na staire le bealaí na bpáistí chun dearcadh ar an ealaín agus ar lámhdhéantúsáin agus chun freagairt dóibh a fhorbairt.

## *Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS)*

Is féidir tuilleadh iniúchta a dhéanamh trí mheán na n-amharcealaíon ar théamaí agus ar ábhair a iniúchtar tríd an OSPS. Chuimseodh siadsan feasacht fhorbarthach na bpáistí orthu féin, a ngaol éabhlóideach le daoine eile, a dtuiscint fhorásach ar an bhfreagracht agus conas mar a mhothaíonn siad faoi na ceisteanna seo.

## Pleanáil aonaid oibre

Beidh barrthábhacht ag baint le pleanáil chórasach an mhúinteora do choincheapa, do scileanna agus do thuairimí, agus do mheasúnú laistigh d'aonaid oibre a fhorbairt chun go n-éireoidh le clár na n-amharcealaíon. I bpleanáil aonaid oibre dá rang beidh a fhios ag an múinteoir faoin dul chun cinn a rinne na páistí, chomh maith leis na riachtanais ar leith atá ag roinnt páistí. Agus ábhar á roghnú coimeádfar cothromaíocht idir obair i meán déthoiseach agus tríthoiseach agus idir deiseanna ar an ealaín a dhéanamh agus ar fhéachaint uirthi agus ar fhreagairt di.

### Pleanáil eiseamláirí

Léiríonn na heiseamláirí seo a leanas bealaí chun roinnt de na cuspóirí ábhair sa churaclam a chur i gcrích. Cuimsíonn an chéad cheithre cinn de na heiseamláirí raon gníomhaíochtaí i ndéanamh ealaíne, i bhféachaint ar an ealaín agus i bhfreagairt di. Tá achoimrí ar fáil ar na coincheapa agus na scileannna a fhothaíonn na gníomhaíochtaí sna haonaid a phléann le cur chuige teagaisc agus measúnaithe. Tá an cúigiú heiseamláir níos sainiúla agus tá tacar sainiúil de chuspóirí le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá leagtha amach ann. Sampla is ea *Eiseamláir 6* de chomhtháthú le hachair eile sa churaclam, téama ar féidir go ndearnadh iniúchadh níos luaithe air, b'fhéidir, trí éagsúlacht de mheáin sna hamharcealaíona.

Léiríonn an chéad tacar de cheithre eiseamláir conas is féidir téama a iniúchtar i dtosach tríd an líníocht a fhorbairt trí roinnt snáitheanna. Cuimsíonn sé

- aonad oibre do na ranganna naíonán a fhorbraíonn an téama 'Is féidir liom cuidiú' trí líníocht, trí phéint agus trí dhath, trí chré agus trí thógáil
- aonad oibre do ranganna 1 agus 2 a fhorbraíonn téama 'an tsúgartha' trí líníocht, trí phéint agus trí dhath, trí chré agus trí thógáil
- aonad oibre do ranganna 3 agus 4 a fhorbraíonn téama 'na haimsire' trí líníocht, trí phéint agus trí dhath, trí thógáil agus trí fhabraic agus trí shnáithín
- aonad oibre do ranganna 5 agus 6 a fhorbraíonn téama 'na sráide' trí líníocht, trí phéint agus trí dhath, trí phriontáil agus trí thógáil.

Léiríonn *Eiseamláir 5* conas a d'fhéadfaí coincheap ar nós feasacht datha a fhorbairt. Léiríonn *Eiseamláir 6* mar a d'fhéadfaí forbairt níos mó a dhéanamh ar théama an tsúgartha, a fhorbraítear do ranganna 1 agus 2 in *Eiseamláir 2*, trí chomhtháthú le hachair eile sa churaclam.

Is féidir go dtabharfaidh taithí na bpáistí agus a leibhéal forbartha san ealaín le fios gur chóir aonaid oibre a phleanáil ag leibhéal atá níos airde nó níos ísle ná an ceann a thugtar do leibhéal a ranga.



Ceann déanta de chré

Pleanáil aonaid oibre

# Eiseamláir 1

## Aonad oibre do ranganna naíonán

### Téama: ‘Ag cuidiú sa bhaile nó sa scoil’

### Snáithe: Líníocht

Céim 1: An spreagadh

- ag spreagadh na bpáistí le labhairt ar:
  Cé hé a thugann aire duit sa bhaile?
  An bhfuil mórán oibre le déanamh ann?
  An gcuidíonn tusa?
  Cad is fearr a thaitníonn leat?
  Ar mhaith leat tú féin a líniú agus é sin ar siúl agat?

Céim 2: An ghníomhaíocht

- ag úsáid peann luaidhe boga (2B ar a laghad), crián, peann luaidhe daite nó marcóirí chun smaointe agus mothúcháin a chur in iúl ar : ag glanadh an tseomra; ag cothú an linbh; ag cóiriú na leapa; sa chistin; ag an ollmhargadh; sa ghairdín; sa seomra ranga
  ag déanamh roinnt líníochtaí

Céim 3: Measúnú

ag labhairt ar a bhfuil ag tarlú sa phictiúr
ábhair agus uirlisí a úsáideadh
na codanna ar éirigh go geal leo
mar a léirítear an téama san ealaín, m.sh. i saothar Picasso, Chardin

Cur chuige teagaisc

Tarraingítear aird ar cháilíocht na rianta, línte agus cruthanna agus córas siombailí á fhorbairt ag na páistí, agus iad ag insint scéal a mbeatha. Glactar le cumarsáid na bpáistí mar rud tábhachtach.

Measúnú

Lorgaítear córas siombailí an pháiste atá ag teacht chun cinn agus a c(h)umas ar é a úsáid chun smaointe agus mothúcháin ar an ‘gcuidiú’ a chur in iúl. Tugtar faoi deara aon fhadhb fhollasach atá ann.

### Téama: ‘Bronntanas don té a thugann aire dom’

### Snáithe: Péint agus dath

Céim 1: An spreagadh

- ag spreagadh na bpáistí le labhairt ar phictiúr mór daite a dhéanamh mar bhronntanas don té a thugann aire dóibh
- Cad ab fhearr a thaitneodh leo? Inis dom faoi.
- Ar mhaith leat pictiúr mór daite de a phéinteáil?

Céim 2: An ghníomhaíocht

- Ag úsáid na mbundathanna i bpéint, ag meascadh dathanna ar shlí bhunúsach agus ag úsáid na scuaibe ar bhealaí éagsúla
- Múinteoir ag spreagadh nuair is gá: Is maith liom an tslí ar thug tú leadhb bheag don scuab chun an uigeacht sin a chruthú; féach cén cineál rianta is féidir a dhéanamh nuair a dhéanann tú í a bhrú, a tharraingt, a shracadh, í a chlaonadh nó í a chasadh
- Is maith liom an dath seo; conas a rinne tú an an dath eile sin? An bhfuil codanna geala agus dorcha ann? Taispeáin dom mar a dhéanann tú iad. Cad é an chuid is tábhachtaí de do bhronntanas? An féidir é sin a thaispeáint i do phéinteáil?

Céim 3: Measúnú

- Ag labhairt ar cad tá ag tarlú sa phéinteáil
- Ábhair agus uirlisí a úsáideadh
- Na codanna is fearr a thaitníonn leo
- Ag féachaint ar phictiúir le Matisse nó Vlaminck, mar shampla, lena fheiceáil mar a úsáidtear an dath

Cur chuige teagaisc

Leagtar béim ar úsáid lanléiritheach an datha seachas ar an líníocht.

Measúnú

Lorgaítear cumas nó deacracht an pháiste ar phéint a láimhsiú agus ar an dath a úsáid ar shlí spontáineach chun an ní ba mhaith leis/léi a rá faoin ‘mbronntanas’ a chur in iúl.

Comhtháthú

OSPS: Mé féin agus Mé féin agus daoine eile
Teanga: á forbairt go teagmhasach i rith an cheachta.

# Téama: ‘Is féidir liom cabhrú’

## Téama: ‘Ag cabhrú le mo chara a thit sa chlós scoile’

## Snáithe: Cré

### Céim 1: An spreagadh

- ag spreagadh na bpáistí le labhairt ar an uair a bhí siad ag súgradh lena gcara sa chlós scoile: Conas a thit sé/sí? Cén chuma a bhí air/uirthi agus é/í ag titim? Cén bealach a d’imigh na lámha agus na cosa? Cén ball a ghortaigh sé/sí? Cad a rinne tú mar chabhair dó/di? Ar mhaith leat a thaispeáint mar a rinne tú é sin?

### Céim 2: An ghníomhaíocht

- ag tástáil leis na slite ar an gcré a mhúnlú trí í a fháscadh, miotóga a bhaint aisti, píosaí a tharraingt chun géaga a chur in iúl, gan iad a bhaint di
- ag cuimhneamh nó ag samhlú mar a bhí ag mo chara: ina luí, ina s(h)uí ar an talamh, ar shuigh tú in a (h)aice?
- Ag cuimhneamh mar a chabhraigh mé leis/léi: greim láimhe ar a chéile, ag tadhall an bhaill a bhí tinn
- Ag cur uigeacht dromchla leis nó ag gearradh sonraí dromchla air ar nós ceannaithe agus gruaige le méara nó le huirlisí ar nós cipíní líreacáin

### Céim 3: Measúnú

- Ag cur síos ar na foirmeacha cré
- Mar a láimhsigh sé/sí an chré
- An rud is fearr a thaitníonn leis/léi faoin bhfoirm

### Cur chuige teagaisc

Leagtar béim ar an bhfoirm thríthoiseach a fhorbairt in ionad bheith ag líniú sa chré. Tugtar deis do na páistí ar an gcré a láimhsiú gan a bheith orthu rud áirithe a thairgeadh i dtosach. Glacann an ceacht seo leis go bhfuil roinnt taithí ag na páistí cheana féin ar an gcré.

### Measúnú

Lorgaítear an cumas ar an gcré a fhoirmiú agus ar idirdhealú a dhéanamh idir cruthanna réidhe agus foirmeacha tríthoiseacha.

## Téama: ‘Ag déanamh gabhdáin chun mo chuid a choinneáil néata’

## Snáithe: Tógáil

### Céim 1: An spreagadh

- ag spreagadh na bpáistí le labhairt ar
- ‘ghabhdán speisialta a dhéanamh chun do sheomra sa bhaile a choinneáil néata’: coimeádfaidh sé na bréagáin bheaga agus na páirteanna de bhréagáin go léir, na criáin, agus na rudaí beaga a bhíonn ar fud na háite
- ag féachaint go grinn ar roinnt rudaí deartha a bhíonn á n-úsáid gach lá, m.sh. gabhdáin urrannacha

### Céim 2: An ghníomhaíocht

- spreagtar na páistí le héagsúlacht de bhoscaí beaga oscailte a roghnú; labhairt ar cad tá fúthu a chur isteach iontu; cén fáth a gceapann siad go bhfuil an bosca sin oiriúnach;

na boscaí a eagrú i ngrúpaí éagsúla agus féachaint orthu ó gach cearn; iad a eagrú agus a atheagrú agus féachaint orthu arís; ag cinneadh ar cén t-eagrú is fearr nó is measa a thaitníonn leis/léi: An ndéanann roinnt eagruithe níos fusa é é a úsáid mar ghabhdán thar chinn eile?

na boscaí a ghliúáil dá chéile san eagrú roghnaithe agus an taobh amuigh a chríochnú trí phéinteáil, mar shampla: Cad iad na dathanna atá i do sheomra? Cad iad na dathanna a phéinteáilfeá ar do ghabhdán chun go mbeadh cuma mhaith air i do sheomra?

### Céim 3: Measúnú

- ag cur síos ar an struchtúr
- mar a roghnaigh agus a d’úsáid sé/sí ábhair agus uirlisí
- na codanna ar éirigh go geal leo
- ag féachaint ar struchtúir urrannacha simplí ar nós tráidirí sceanra, coimeádán deisce, boscaí uirlisí oibre

### Cur chuige teagaisc

Ná déantar dearmad ar oiriúnacht na n-ábhar agus ar an struchtúr dá bhfuil sa ghabhdán a fhad is atá freagairt aonair á spreagadh.

### Measúnú

Lorgaítear an cumas ar ábhair oiriúnacha a roghnú agus ar iad a ghrúpáil i spás.

### Comhtháthú

OSPS: Mé féin agus Mé féin agus daoine eile
Teanga: á forbairt go teagmhasach i rith an cheachta

# Eiseamláir 2

## Aonad oibre do ranganna 1 agus 2

### Téama: 'Ag imirt cluiche le mo chairde'
### Snáithe: Líníocht

Céim 1: An spreagadh
- ag spreagadh na bpáistí le labhairt ar chluiche a imirt lena gcairde sa chlós scoile, sa ghairdín, sa pháirc: Cad iad na cluichí a d'imir sibh díreach anois sa chlós scoile/sa cheacht corpoideachais? Cén cluiche is fearr a thaitníonn leat? An cuimhin leat mar a mhothaigh tú i rith na himeartha? An raibh tú ag rith? An raibh tú ag caitheamh liathróide? Ar bhain spraoi leis? Déanaimis roinnt líníochtaí díot agus tú ag imirt le do chairde

Céim 2: An ghníomhaíocht
- ag úsáid peann luaidhe boga, marcóirí, crián, pastail ola, leathanaigh pháipéir atá cuibheasach mór
- ag cur tuilleadh ceisteanna spreagúla faoi cad tá ar siúl sa líníocht de réir mar is cuí agus is gá:
- Inis dom faoin gcluiche. Cé is tapúla atá ag rith? An bhfuil greim láimhe acu ar a chéile? An bhfuil duine éigin ag breith ar liathróid? An ard nó iseal atá an féar? An raibh sé/sí faoi cheilt taobh thiar de rud éigin? Cé acu is gaire? Cé acu is faide i gcéin? An raibh ort léim go han-ard? An bhfuil air/uirthi rud éigin a screadaíl?

Céim 3: Measúnú
- ag labhairt ar a bhfuil ag tarlú sa phictiúr
- mar a úsáideadh ábhair agus uirlisí agus mar a cuireadh gluaiseacht agus spás in iúl
- an rud is fearr a thaitníonn leis/léi faoin líníocht
- ag féachaint mar a léirítear an téama san ealaín, m.sh. i bpéinteáil Breughel *Cluichí Páistí*

Cur chuige teagaisc

Tugtar an-chuid aire d'iarrachtaí ar an ngluaiseacht agus an spás a chur in iúl, ag léiriú spéise agus tuisceana don saothar mar a théann sé ar aghaidh. Tarraingítear aird ar na pointí maithe. Moltar an chuid a n-éiríonn léi.

Measúnú

Lorgaítear iarrachtaí ar an bhfíor a thaispeáint ag déanamh ruda (is cuma cé chomh hamscaí) agus ar iarrachtaí ar an spás a chur in iúl. Tugtar faoi deara aon deacracht fhollasach atá ann chomh maith leis an gcumas ar dhul i ngleic leis an tasc.

### Téama: 'An bréagán is fearr a thaitníonn liom'
### Snáithe: Péint agus dath

Céim 1: An spreagadh
- ag spreagadh na bpáistí le labhairt ar an mbréagán is fearr a thaitníonn leo agus ar na cluichí is breá leo a imirt leis: Cad é an bréagán is fearr a thaitníonn leat? Déan cur síos air. Cén cluiche a d'imir tú leis le deireanas? Péinteáilimis pictiúr de do bhréagán

Céim 2: An ghníomhaíocht
- ag úsáid péint teampara agus scuab mhór chun 'an bréagán is fearr a thaitníonn liom' a phéinteáil, leis an mbéim ar an dath seachas ar na sonraí
- ag cur tuilleadh ceisteanna de réir mar is cuí: Is maith liom an tslí inar úsáid tú an dath anseo. Cén dath ba mhaith leat don chuid seo? Conas a dhéanfá é? Ar mhaith leat roinnt dathanna a dhéanamh níos gile agus níos dorcha ná cinn eile? An bhfuil do bhréagán bog agus muirneach nó an bhfuil sé crua agus lonrach? Conas a úsáidfidh tú do scuab chun é sin a thaispeáint? An bhfuil codanna eile den leathanach ann (is é sin an cúlra) ar mhaith leat iad a phéinteáil le roinnt de na dathanna is fearr a thaitníonn leat?

Céim 3: Measúnú
- ag labhairt ar cad tá ag tarlú sa phéinteáil
- na dathanna agus na toin a roghnaíodh
- línte, cruthanna, gréasáin, uigeachtaí, achair chodarsnachta a cruthaíodh
- cad a bhí sé/sí ag iarraidh a chur in iúl
- cad é is fearr a thaitníonn leis/léi faoin bpéinteáil
- ag féachaint mar a léirítear an téama san ealaín, m.sh. in *Scoil na mBábóg* le Walter Osborne

Cur chuige teagaisc

Leagtar béim ar úsáid lánléiritheach an datha agus an toin, chomh maith le gréasán, chun éifeachtaí beoga agus aontacht iomlán a chruthú. Spreagtar leis an leathanach a líonadh le samhlaoid mhór dhaite agus leis an scuab a úsáid ar bhealaí éagsúla.

Measúnú

Lorgaítear an cumas ar dhathanna agus ar thoin a mheascadh agus ar iad a úsáid ar son na héifeachta. Lorgaítear an cumas ar an scuab a úsáid ar bhealaí éagsúla chun uigeachtaí éagsúla a chruthú.

Comhtháthú

Corpoideachas: Cluichí

Teanga: á forbairt go teagmhasach i rith an cheachta

# Téama: Ag súgradh

## Téama: 'An bhfuil peata agat ar féidir súgradh leis?'

## Snáithe: Cré

### Céim 1: An spreagadh

- ag labhairt agus ag cuimhneamh ar 'mo pheata': Cén saghas peata atá nó ba mhaith leat a bheith agat—bog agus clúmhach nó mín agus láidir? Cad iad na cluichí is maith le do pheata a imirt? An maith leis rith agus léim? Cén chuma atá air? An maith leis a cheann a chur ina chamas uaireanta? Ar mhaith leat mionsamhail chré de do pheata a dhéanamh?

### Céim 2: An ghníomhaíocht

- ag fáscadh, ag baint miotóg agus ag rolladh meall cré chun mo pheata a mhúnlú
- an múinteoir ag cur tuilleadh ceisteanna nó ag déanamh moltaí, de réir mar is cuí: Is maith liom an tslí ina ndearna tú do pheata ramhar agus deas don lámh. An féidir leat a thaispeáint mar a bhíonn a cheann/eireaball agus é mar sin? Conas a oibrítear a chosa? An féidir an ghluaiseacht sin a thaispeáint tríd an chré a tharraingt, ach gan an píosa a bhaint de? An bhfuil fionnadh gruagach nó mín síodúil ar do pheata? An féidir rianta a dhéanamh sa chré chun é sin a thaispeáint?

### Céim 3: Measúnú

- ag cur síos ar an bhfoirm
- mar a mhothaigh sé bheith ag obair le cré
- cad a bhí sé/sí nó an t-ealaíontóir ag iarraidh a chur in iúl
- cad é is fearr a thaitníonn leis/léi sa saothar
- ag féachaint ar shnoíodóireachtaí d'ainmhithe ar stíl *netsuke* na Seapáine.

### Cur chuige teagaisc

Tugtar deis do na páistí ar an gcré a láimhsiú gan a bheith orthu rud áirithe a tháirgeadh i dtosach. Spreagtar a gcuimhne agus a samhlaíocht trí labhairt ar na cáilíochtaí amhairc agus tadhlacha atá ag peataí réadúla nó samhlaithe.

### Measúnú

Lorgaítearr an cumas ar fhoirmeacha simplí a dhéanamh agus ar uigeacht dromchla a chruthú i gcré. Tugtar faoi deara aon fhadhb fhollasach atá ann.

## Téama: 'Teach do mo pheata'

## Snáithe: Tógáil

### Céim 1: An spreagadh

- ag labhairt ar struchtúr a thógáil a oireann do riachtanais 'mo pheata': An dteastaíonn mórán spáis uaidh? An dteastaíonn spás uaidh chun bogtha amháin nó chun a scíth a ligean? An dteastaíonn spás oscailte nó iata ó do pheata? Conas a rachaidh sé isteach agus amach? Conas is féidir é a dhéanamh ionas go n-osclóidh agus go n-iafaidh sé? Ar mhaith leat an chuma a bheidh ar do struchtúr a líniú?

### Céim 2: An ghníomhaíocht

- ag eagrú agus ag atheagrú boscaí atá cuibheasach beag, earraí fuíll,

ag féachaint ar an struchtúr ó gach cearn leis na spásanna a chruthaítear a fheiceáil agus an tslí ina mbaineann na codanna leis an rud iomlán

- iad a ghliúáil dá chéile in eagrú roghnaithe
- an dath a úsáid ar bhealach smaointeach chun meon a bhaint amach nó ar son na béime

### Céim 3: Measúnú

- ag cur síos ar an struchtúr
- na hábhair agus na huirlisí a roghnaíodh agus roghanna eile is féidir a dhéanamh
- mar a eagraíodh na spásanna
- mar a baineadh an chothromaíocht amach
- cad a bhí sé/sí ag iarraidh a bhaint amach
- cad é is fearr a thaitníonn leis/léi faoin saothar
- ag féachaint ar mhionsamhlacha nó pictiúir de ghnáthóga ainmhithe

### Cur chuige teagaisc

Spreagtar na páistí le smaoineamh ar ghnéithe an deartha chomh maith le hamharcghnéithe an tionscadail. Spreagtar iad le pleananna simplí a líniú agus a leasú le cuidiú leo a fheiceáil cén chuma a d'fhéadfadh a bheith ar a struchtúr agus mar a d'oibreodh sé.

### Measúnú

Lorgaítear an cumas ar ábhair a roghnú agus ar fhadhbanna a n-eagraithe agus a gcurtha le chéile i dtasc tógála a fhuascailt. Tugtar faoi deara aon fhadhb fhollasach atá ann

### Comhtháthú

OSIE: An eolaíocht: Ag dearadh agus ag déanamh
Teanga: á forbairt go teagmhasach i rith an cheachta

# Eiseamláir 3

## Aonad oibre do ranganna 3 agus 4

### Téama: ‘Lá báistí’

### Snáithe: Líníocht

**Céim 1: An spreagadh**

- ag spreagadh na bpáistí le labhairt air: An raibh tú riamh in áit ina raibh a lán lochán ar lá an-fhliuch? B’fhéidir gur cúinne láibe goirt ba ea é a raibh na tógálaithe ann; b’fhéidir go raibh ort dul ar fothain faoi roinnt crann. An raibh a lán linntreog agus lochán ann? An cuimhin leat an tslí inar thit na braonta báistí de phlabadh isteach sna locháin nó mar a thit siad de na crainn? An raibh fonn ort siúl sna locháin? B’fhéidir go bhfuil sé ag báisteach anois má fhéachaimid an fhuinneog amach

**Céim 2: An ghníomhaíocht**

- Arbh fhéidir leat lochán a líniú? Línítear locháin chomh mór le leathanach páipéir agus gearrann thart ar thriúr páistí amach iad, ansin cuirtear ar an urlár iad, sceitseáiltear iad i gcóngar, agus arís i gcéin: cén tslí ar athraíodh an cruth de réir dealraimh?
- Ag úsáid peann luaidhe boga agus marcóirí dubha, do do líniú féin le do chuid éadaigh báistí ort agus tusa ag pocléimnigh tríd an mbáisteach ag déanamh cuilithíní agus ag slaparnach sna locháin. An cuimhin leat an chuma a bhí ar na locháin i gcéin? Cad a fheiceann tú seachas iadsan? Crainn? Plandaí? Geataí?

**Céim 3: Measúnú**

- Ag cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa líníocht
- Mar a úsáideadh ábhair agus uirlisí chun gréasán de steallóga nó cuilithíní, nó gréasán de dhuilleoga a chruthú
- Cad a bhí i gceist
- Cad is fearr a thaitníonn leis/léi faoin bpictiúr
- Ag féachaint ar shaothar ealaíontóirí a mbaineann a gcuid oibre leis an téama, m.sh. Turner, Constable

**Cur chuige teagaisc**

Tugtar réamhrá bunúsach ar an bpeirspeictíocht. Iniúchtar tionchar an ghréasáin, rithime agus codarsnachta le marcóir dubh ar pháipéar bán.

**Measúnú**

Lorgaítear an cumas ar an bhfad a chur in iúl ar dhromchla réidh. Tugtar faoi deara aon fhadhb fhollasach atá ann.

### Téama: ‘An ghrian ag taitneamh ar an tsráid’

### Snáithe: Péint agus dath

**Céim 1: An spreagadh**

- ag féachaint an fhuinneog amach lá gréine agus ag labhairt air. An féidir leat a fheiceáil mar a bhfuil an ghrian ag taitneamh ar fhoirgnimh? ar chrainn? ar shléibhte? An féidir leat achair gheala agus dhorcha a fheiceáil? An bhfuil na dathanna sna hachair seo mar an gcéanna nó an-éagsúil? An féidir leat cruth na scáthanna a fheiceáil? Ar thug tu riamh faoi deara do scáth ar an talamh agus tú ag súgradh? Péinteáilimis rud éigin a fheicimid an fhuinneog amach agus taispeáinimís na codanna grianmhara agus faoi scáth

**Céim 2: An ghníomhaíocht**

- ag déanamh péinteálacha de rud mór amháin (m.sh. teach nó gluaisteán, agus cuirtear cúlra in iúl), lá grianmhar, agus péint teampara agus scuaba móra á n-úsáid agus ag díriú intinne ar dhath agus ar thon, ar chruth, ar imlíne agus ar chruth na scáthanna
- ag cur ceisteanna atá dírithe ar an tsúil de réir mar is gá: An féidir leat na cruthanna éagsúla a fheiceáil—cruthanna grianmhara, cruthanna scáthaithe? An athdhéantar roinnt cruthanna agus dathanna? Cá bhfuil na dathanna is gile? Cad a tharlaíonn do na dathanna faoi scáth? An féidir leat a fheiceáil mar a bhfuil an ghrian ag taitneamh? An féidir leat na codanna a fheiceáil nach mbaineann an ghrian amach
- ag tástáil gan na scáthanna a dhéanamh ródhorcha

**Céim 3: Measúnú**

- ag cur síos ar cad tá ag tarlú sa phéinteáil
- na dathanna agus toin a úsáideadh chun codarsnacht a chruthú idir an solas agus an scáth
- cad é a bhí i gceist
- mar a mhothaíonn sé/sí faoin bpéinteáil
- ag féachaint ar shaothar ealaíontóirí a mbaineann a gcuid oibre leis an téama, m.sh. Hopper

**Cur chuige teagaisc**

Iniúchtar úsáid an datha agus an toin chun an solas agus an scáth a chur in iúl agus chun codarsnacht agus spéis a chruthú i bpéinteálacha.

**Measúnú**

Lorgaítear an cumas ar chodarsnachtaí solais agus scátha a chruthú agus ar thoirt a chur in iúl ar an mbealach seo.

**Comhtháthú**

OSIE: An tíreolaíocht: An domhan fisiceach
Teanga: á forbairt go teagmhasach i rith an cheachta

# Téama: 'An aimsir'

## Téama: 'Áit chónaithe i gcomhair tosca foircneacha'

## Snáithe: Tógáil

Céim 1: An spreagadh

- ag spreagadh na bpáistí le labhairt ar an gcineál gnáthóige a d'fhéadfadh cosaint a thabhairt ar thosca foircneacha aeráideacha: Cén saghas fothana a theastódh uait ar an díle? dá mbeadh cónaí ort i gceantar de chreathanna talún? in aeráid fhíor-the? dá mbeifeá ceaptha ag an sneachta go minic? dá bhfulaingeofá anfaí gainimh go minic? dá mbuailfeadh dreigítí thú?

Céim 2: An ghníomhaíocht

- áit chónaithe mhionsamhlach a dhearadh agus a chruthú a d'oirfeadh do thosca áirithe: Conas is féidir é a dhéanamh slán, seasmhach agus compordach? Cad iad na hábhair is oiriúnaí?
- Tuilleadh ceisteanna a chur de réir mar is gá: an bhfaca tú riamh pictiúir nó físeáin ag taispeáint mar a chónaíonn daoine i dtíortha i gcéin nó faoi dhaoine samhlaíocha ina gcónaí ar phláinéid aisteacha? An bhfuil a fhios agat mar a mhair daoine in Éirinn fadó? An mbeadh roinnt dá gcuid smaointe áisiúil do do struchtúr? Ar mhaith leat plean a tharraingt dó?

Céim 3: Measúnú

- Ag cur síos ar an struchtúr
- Na hábhair agus na huirlisí a roghnaíodh don tasc
- Mar a cruthaíodh na spásanna agus mar a baineadh
- cothromaíocht amach
- Mar a fuasclaíodh fadhbanna i ndearadh agus i dtógáil
- Cad is fearr a thaitníonn leis/léi faoin struchtúr
- Ag féachaint ar réitigh ailtireachta ar fhíorfhadhbanna, m.sh. tithe sneachta na nInuit, tithe ar chosa taca, áiteanna cónaithe atá gearrtha isteach in aghaidheanna aille

Cur chuige teagaisc

Leagtar béim ar an bpleanáil agus ar fhadhbanna a réiteach chomh maith le léirmhíniú samhlaíoch ar an dearadh.

Measúnú

Lorgaítear an cumas ar dhearadh a phleanáil agus a chur i gcrích a chomhlíonann a fheidhm féin ar shlí shamhlaíoch.

## Téama: 'An díle/an spéirling/an t-anfa sneachta/an hairicín'

## Snáithe: Fabraic agus snáithín (colláis)

Céim 1: An spreagadh

- spreagtar na páistí le roghnú as measc na n-ábhar agus le smaoineamh agus labhairt ar mhéideanna móra d'uisce ag sní go mear; splancacha geala de thintreach; anfa gainimh ag déanamh guairneáin; teannas á chur ar na crainn agus smionagar caite: An bhfaca tú riamh abhainn ina díle/spéirling/anfa sneachta/hairicín? An cuimhin leat cé chomh tapa agus callánach a bhí sí? Ar iompair sí rudaí léi? An féidir leat cuimhneamh ar dhathanna an uisce/na splancacha/an ghainimh/na scamall? An raibh cuma níos feargaí ar roinnt codanna ná mar a bhí ar chinn eile? Cad a cheapann tú conas mar a bhraithfeadh sé bheith á iompar aici? An bhféadfá na gluaiseachtaí sin a dhéanamh le do lámha? An bhféadfá iad a líniú? Cad iad na píosaí fabraice agus snáithín a roghnófá chun an ghluaiseacht agus na dathanna agus na huigeachtaí sin a chur in iúl?

Céim 2: An ghníomhaíocht

- roghnaíonn na páistí stiallacha fabraice i ndearadh pleanáilte chun aon cheann de na cinn thuas a chur in iúl, á ngliúáil den chúlra
- roghnaíonn siad rudaí ar nós cnaipí, coirníní, sreangán, síolta, ceirteacha fabraice ar dhathanna agus uigeachtaí atá in imeartas a chéile chun smionagar atá á iompar thart a chur in iúl, á n-eagrú agus á ngliúáil den fhabraic

Céim 3: Measúnú

- ag cur síos ar an bpíosa oibre: cad is féidir leat a fheiceáil: scamaill dheannachúla? Crainn á síobadh ag an ngaoth? Splancacha tintrí?
- cáilíochtaí na n-ábhar a roghnaíodh
- comhcheangail dathanna, gréasán agus torthaí uigeachtaí a baineadh amach
- Ag féachaint ar shaothar ealaíontóirí a bhain úsáid as an meán seo

Cur chuige teagaisc

Leagtar béim ar dhath, ar ghluaiseacht, ar rithim agus ar uigeacht.

Measúnú

Lorgaítear an cumas ar dhearadh a dhéanamh laistigh de raon beag de dhathanna agus de thoin i bhfabraic agus i snáithín.

Comhtháthú

OSIE: An eolaíocht: Ag dearadh agus ag déanamh
An tíreolaíocht: Timpeallachtaí an duine, An domhan fisiceach
Teanga: á forbairt go teagmhasach i rith an cheachta.

# Eiseamláir 4

## Aonad oibre do ranganna 5 agus 6

### Téama: 'Sonraí na sráide'

### Snáithe: Líníocht

Céim 1: An spreagadh

- ag féachaint go grinn ar roinnt cuairteanna ar an tsráid agus ag labhairt ar an leagan amach agus ar na sonraí:
- An bhfuil roinnt de na foirgnimh níos airde/mó ná cinn eile? An bhfuil ceann amháin níos feiceálaí na cinn eile? Cén fáth sin? Cad iad na sonraí eile a thugann tú faoi deara? An seasann aon dath amháin amach nó an dtugann tú a lán dathanna faoi deara? An bhfuil rudaí suimiúla eile le feiceáil?

Céim 2: An ghníomhaíocht

- ag líniú shonraí na sráide: cineálacha fuinneog, sonraí na mbrící, leacáin na ndíonta, céimeanna ráillí, cuaillí lampa, boscaí gutháin, scafall, póstaeir atá ag titim den bhalla, ag bailiú a lán eolais i sceitsí, ag úsáid marcóir dubh, peann luaidhe, peann luaidhe daite agus marcóirí, uaireanta á gcomhcheangal ar son chur chuige i meáin mheasctha
- ag iniúchadh gréasán, uigeachta agus sonraí struchtúr leis an gceamara freisin
- ag déanamh nótaí amhairc de thaispeántais i bhfuinneoga siopaí
- ag sceitseáil an lucht cheannaithe agus daoine ag dul thart
- ag déanamh staidéir níos mó ar fhoirgnimh iomlána, ar aghaidheanna siopaí, ar ghluaisteáin, ar an tsráid ar fad

Céim 3: Measúnú

- ag cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa phictiúr
- rogha na n-ábhar agus na n-uirlisí a úsáideadh agus na torthaí a bhí i gceist
- úsáid an fhorluí nó an scála chun spás i ndoimhneacht a chur in iúl
- ag féachaint ar phictiúir le Lowry, ag cur dreach sráide le roinnt ealaíontóirí, m.sh. Lorenzetti, Vermeer, Hopper, na hImpriseanaithe, i comparáid lena chéile

Cur chuige teagaisc

Leagtar béim ar an bhféachaint ghrinn agus spreagtar an sceitseáil sula ndéantar líníochtaí níos sonraíche.

Measúnú

Lorgaítear an cumas ar shonraí suimiúla a thabhairt faoi deara agus ar líniú de bhreathnóireacht dhíreach.

### Téama: 'Radhairc sráide'

### Snáithe: Péint agus dath

Céim 1: An spreagadh

- ag labhairt ar eachtra sráide agus ag roghnú as measc 'Ár sráid um Nollaig', 'I rith an mhórshiúil', 'Nuair a thochail an BSL ár mbóthar', 'Nuair a cuireadh an scafall suas', 'Fleá/feis na sráide', mar shampla

Céim 2: An ghníomhaíocht

- ag roghnú modh amháin nó níos mó:
- péinteáil mhór a dhéanamh trí na dathanna a fheictear i mbrící agus clocha a mheascadh; doirse; mar a bhuaileann an solas dromchla an bhóthair
- ag tabhairt faoi deara méid comhréireach datha a úsáidtear
- ag líonadh achar de leathanaigh mhóra pháipéir leis na dathanna agus iad tirim, foirgnimh, trácht, daoine a líniú isteach gan a bheith ag iarraidh an líníocht a chur in oiriúint d'imill na bpaistí bunaidh datha, ag úsáid scuaba míne agus péint dhubh nó dhorcha
- ag déanamh colláise i bpéint nó i meáin mheasctha d'fhoirgnimh a líníodh de bhreathnóireacht: fríos a athnuatar gach bliain, ag baint sonraí iomchuí de nó á gcur leis ag amanna éagsúla
- ag déanamh péintealácha aonair de rud éigin ag tarlú ar an tsráid, m.sh. bailc, imbhualadh, titim sneachta, robáil, sladmhargadh

Céim 3: Measúnú

- ag cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa phéinteáil
- mar a úsáidtear dathanna comhlántacha nó analógacha agus toin agus difríochtaí fíneáilte datha
- mar a chuirtear in iúl rithim, gluaiseacht, atmaisféar, éagsúlacht, spás-i-ndoimhneacht
- cad a bhí sé/sí nó an t-ealaíontóir ag iarraidh a chur in iúl
- mar a mhothaíonn sé/sí faoin bpéinteáil nó fríos
- mar a léirítear an téama san ealaín, m.sh. i saothar Fernand Léger (féach 'Líníocht' chomh maith)

Cur chuige teagaisc

Leagtar béim ar achair spéise agus ar chiall iomlán d'aontacht a chruthú trí dhath, trí uigeacht agus trí chruth a úsáid.

Measúnú

Lorgaítear an cumas ar dhath agus ar shonraí a úsáid chun eachtra na sráide a léirmhíniú.

Comhtháthú

OSIE: An tíreolaíocht: Timpeallachtaí an duine

Teanga: á forbairt go teagmhasach i rith an cheachta

# Téama: ‘An tsráid’

## Téama: ‘Póstaer le scáileán síoda d’eachtra ar ár sráid’

## Snáithe: Prionta

Céim 1: An spreagadh

- ag labhairt ar phóstaeir agus ar scríbhneoireacht chomharthaí: Ar thug tú póstaer fíorshuimiúil faoi deara le deireanas? Cad é a mheall do shúil? An féidir leat smaoineamh ar aon difríocht idir póstaeir agus péinteálacha? Conas a phleanálfá chun do cheann féin a dhearadh? An féidir leat cuimhneamh ar roinnt de na cineálacha scríbhneoireachta comharthaí a chonaic tú os cionn siopaí nó ar veaineanna le deireanas? An bhféadfá do cheann féin a chumadh do chúis áirithe?

Céim 2: An ghníomhaíocht

- póstaer a dhearadh, ag baint úsáide as stionsal bunaithe ar sceitse athléirmhínithe (i bhfoirm crutha réidh) den tsráid; ag cuimsiú litreoireachta cumtha ag suí na stionsal (don tsamhlaoid agus don litreoireacht) ar pháipéar atá curtha faoin scáileán; ag fáisceadh líne datha (nó níos mó ná dath amháin) trasna bharr an scáileáin; ag déanamh prionta le tarraingt chaoin dhaingean den squeegee

Céim 3: Measúnú

- rogha an deartha, na n-ábhar agus na n-uirlisí
- na héifeachtaí a bhí i gceist
- ag féachaint ar stíleanna litreoireachta i nuachtáin, in irisí agus ar an ríomhaire
- ag iniúchadh litreoireachta ó chultúir eile agus stíleanna peannaireachta
- ag féachaint ar phriontaí le Toulouse-Lautrec, Milton Glaser, priontaí *ukiyo-e* ón tSeapáin, póstaeir d’eachtraí ceoil, fógraíocht fhaisin

Cur chuige teagaisc

Leagtar béim ar an dearadh deimhneach agus ar thionchar an datha.

Measúnú

Lorgaítear an cumas ar an teicníocht a úsáid chun samhlaoidí soiléire a chruthú le teachtaireacht shoiléir.

## Téama: ‘Sráid a thógáil i dtrí thoise’

## Snáithe: Tógáil

Céim 1: An spreagadh

- ag labhairt ar ghnéithe den tsráid, m.sh. taispeántais i bhfuinneoga siopaí agus mar a mheallann siad an lucht ceannaithe
- ag déanamh sceitsí, ag breacadh síos nótaí faoi fhuinneoga is féidir leis na páistí a fheiceáil ar a mbealach chun na scoile agus ar ais
- ag féachaint ar ghrianghraif
- buíonta beaga ag cruthú taispeántas fuinneoige i gcúinne den seomra

Céim 2: An ghníomhaíocht

- ag obair ó sceitse den tsráid a rinneadh de bhreathnóireacht
- ag roghnú codanna a mheallann agus á gcur i bhfoirgnimh atá le tógáil
- ag déanamh sráide ar scála aontaithe, m.sh. urlár amháin: 20 cm
- ag úsáid boscaí, earraí fuíll, meáin mheasctha
- ag cur gluaisteán, leoraithe, fíoracha a rinne sé/sí féin agus a c(h)airde ranga leis
- b’fhéidir ag soilsiú na bhfoirgneamh le ciorcad aibhléise ag úsáid dé-óideanna astaíochta solais (LEDs) nó bolgáin solais bheaga

Céim 3: Measúnú

- ag cur síos ar a c(h)ion den tógáil fhoriomlán
- mar a chabhraigh na hábhair a roghnaíodh lena c(h)uspóirí a chur i gcrích nó a bhac
- spásanna, imlínte, sonraí a cruthaíodh
- cad é a mhothaíonn sé/sí faoin tógáil
- ag féachaint ar stíleanna ailtireachta Seoirseacha agus stíleanna na naoú haoise déag

Cur chuige teagaisc

Leagtar béim ar an dearadh tríthoiseach agus ar a chuid impleachtaí ar an struchtúr agus ar an gcothromaíocht.

Measúnú

Lorgaítear an cumas ar spásanna tríthoiseacha oscailte agus iata a eagrú agus ar éagsúlacht, ar aontacht agus ar shonraí dromchla a chruthú.

Comhtháthú

OSIE: An tíreolaíocht: Timpeallachtaí an duine
An eolaíocht: Ag dearadh agus ag déanamh
Teanga: á forbairt go teagmhasach i rith an cheachta

# Eiseamláir 5

## Ag iniúchadh an datha ó naíonáin go rang 6

### Snáithe: Péint agus dath

### Leibhéal: ranganna naíonán

Cuspóirí

- chun nádúr leachtúil péinte a iniúchadh agus taitneamh a bhaint as
- chun cur ar chumas na bpáistí teacht ar an draíocht a bhaineann le dathanna nua a dhéanamh agus iad ag meascadh péinte.

Céim 1: An spreagadh

- Spreagtar na páistí le blúirí de pháipéar nó d'éadach uaine, mar shampla, a bhreith isteach leo. Labhraíonn siad orthu, á n-eagrú ó gheal go dorcha agus á n-atheagrú ó theolaí go fionnuar (buí-uaine go gorm-uaine). Ansin gliúálann siad iad de leathanach boinn agus cuireann siad ar taispeáint iad.
- Tá an deis acu ar fhéachaint ar phrionta de phéinteáil le healaíontóir ar nós Kandinsky nó Matisse atá ar taispeáint i rith na seachtaine.

Céim 2: An ghníomhaíocht

- Gan ach tobáin bheaga de bhuí, de ghorm, de dhubh agus de bhán a úsáid (foireann amháin do gach páiste nó buíon de cheathrar ar a mhéid) agus scuaba móra agus beaga, déanann na páistí rianta ar leathanaigh mhóra de pháipéar, ag plé na ndathanna nua de réir mar a thagann siad chun cinn.

Céim 3: Measúnú

- Spreagtar na páistí le labhairt ar na dathanna a rinne siad agus mar a rinne siad iad.

Céim 4: Forbairt

- Déanann na páistí péinteáil gan ach buí, gorm, dubh agus bán in úsáid acu.
- Níos faide anonn sa bhliain déanann siad staidéar ar nós ar dhath eile, gan ach dearg, bán agus dubh, mar shampla, a úsáid do phéinteáil iarmhartach.

### Snáithe: Péint agus dath

### Leibhéal: rang 1 agus 2

Cuspóirí

- chun níos mó taithí a thabhairt do na páistí ar an dath a anailísiú agus a mheascadh
- chun an íogaireacht do mhiondifríochtaí fíneáilte datha a mhéadú
- chun úsáid a bhaint as na dathanna atá measctha acu le haghaidh an deartha mhaisiúil.

Céim 1: An spreagadh

- Taispeánann an múinteoir ceithre leathanach mhóra de pháipéar, gach ceann acu péinteáilte le haon dath amháin (a mheasc sé/sí roimh ré as thart ar thrí dhath éagsúla). Tugtar dúshlán na bpáistí ar na dathanna a *anailísiú* agus ar iad a mheascadh iad féin.
- Cuirtear daba de gach dath atá ag teastáil ar bhlúire beag páipéir do gach páiste nó buíon de thart ar cheathrar chun é a iniúchadh go grinn.

Céim 2: An ghníomhaíocht

- Tugtar mórán tráidirí measctha, páipéar saor chun na dathanna a thriail orthu, na ceithre dhath i bpéint teampara, scuaba móra agus beaga, prócaí uisce a athraítear go mion minic agus páipéar síoda chun na scuaba a thriomú tar éis a nglanta.
- Déanann siad iarracht ar na dathanna a mheascadh go haireach, ag úsáid méideanna beaga i dtosach, agus is minic a thósaíonn siad as an nua arís.
- Nuair atá na páistí sásta go bhfuil an dath faighte acu chomh maith agus is féidir, péinteálann siad ar stiall bheag pháipéir é atá greamaithe den leathanach mór atá ag an múinteoir agus atá ar chomhdhath, lena fhéiceáil cé chomh hionann agus atá siad.

Céim 3: Measúnú

- Pléitear na torthaí: cé mhéad stiallacha ar bheag nach dtéann siad as radharc in aice leis an gceann bunaidh?

Céim 4: Forbairt

- Féachann na páistí siar ar a dtástálacha agus déanann siad iarracht ar roinnt de na dathanna a fuair siad a mheascadh arís agus ar iad a úsáid i ndearadh: ainmchlár do do dhoras; páipéar le cur ar bhronntanais; ábhar cuirtíní.
- Tástálann siad le dathanna atá gar dá chéile agus leis an mbán.

# ‘Measc agus comhoiriúnaigh’

## Snáithe: Péint agus dath
## Leibhéal: ranganna 3 agus 4

### Cuspóirí

- chun feasacht datha a mhéadú trí dhíriú ar raon datha amháin agus trí bheith ag maireachtáil leis ar feadh tréimhse, m.sh. seachtain amháin
- chun breathnóireacht agus íogaireacht don dath a mhéadú trí obair ón dúlra.

### Céim 1: An spreagadh

- Tugtar isteach fóid fhéir, tortóga d’fhéar fada agus cineálacha éagsúla eile de ghlasra sa seomra ranga.
- Spreagtar na páistí le labhairt ar cad iad na cinn is dorcha, gile, buí, goirme, doinne, corcra.

### Céim 2: An ghníomhaíocht

- Déanann na páistí roinnt péinteálacha féir, ag smaoineamh ar an tslí ina bhfuil an féar ag fás chomh maith lena chuid dathanna éagsúla, ag déanamh péinteálacha de dhuilleoga glasa eile a ndearnadh staidéar orthu, ag díriú ar dhath seachas ar líníocht.
- Déanann siad staidéar datha ar chuid de thoradh nó de ghlasra suimiúil, ag iarraidh na dathanna a chomhoiriúint chomh cruinn agus is féidir dá chéile.

### Céim 3: Measúnú

- Spreagtar na páistí le labhairt ar na dathanna a bhain siad amach agus mar a rinne siad iad agus iad a chur i gcodarsnacht leis na cinn bhunaidh.

### Céim 4: Forbairt

- Ag gliúáil ruainní daite de phaipéar as iris dhaite de leathanach páipéir agus ag iarraidh na dathanna a fheictear a mheascadh; gréasán a dhéanamh le trí nó ceithre cinn acu ar an gcuid eile den leathanach, ag tosú gach datha gar dá leagan bunaidh.

## Snáithe: Péint agus dath
## Leibhéal: ranganna 5 agus 6

### Cuspóirí

- chun na páistí a spreagadh leis an dath a iniúchadh agus a anailísiú
- chun cur ar a gcumas dathanna níos casta a mheascadh.

### Céim 1: An spreagadh

- Tógann na páistí isteach irisí daite, féilirí agus cártaí beannachta, mar shampla, agus iniúchtar iad le haghaidh comhcheangal dathanna agus fíneáltacht datha.
- Cuirtear priontaí de shaothar ealaíontóirí eile ar taispeáint ar feadh na seachtaine, mar shampla Gauguin, Cézanne, Bonnard.

### Céim 2: An ghníomhaíocht

- Gearrann na páistí cuid bheag as iris (nó a leithéid) agus gliúálann siad é de lár leathanaigh. Déanann siad iarracht ar na dathanna a fheictear a mheascadh chomh cruinn agus is féidir agus leathnaíonn siad an tsamhlaoid go himeall an leathanaigh, ag baint triail as na ndathanna ar bhlúirí páipéir de réir mar a oibríonn siad.

### Céim 3: Measúnú

- Spreagtar na páistí le labhairt ar na dathanna a bhain siad amach agus ar iad a *anailísiú* agus a chur i gcomórtas leis na cinn bhunaidh.

### Céim 4: Forbairt

- Úsáideann na páistí na dathanna atá measctha acu chun meon nó atmaisféar i bpéinteáil a chruthú.

# Eiseamláir 6

## Téama comhtháite do ranganna 1 agus 2

**Ag imirt**

### An corpoideachas

#### Rince

- ag freagairt don téama trí rince

#### Cluichí

- ag imirt chluichí an chlóis scoile

### Na hamharcealaíona

- ag iniúchadh an téama in éagsúlacht de mheáin
- ag fáil amach mar a léirítear an téama san ealaín (féach *Eiseamláir 2*)

### An ceol

- ag canadh amhráin an chlóis scoile agus cluichí agus amhráin ghnímh
- ag úsáid maisíochtaí fuaime nó cnaguirlisí mar thionlacan
- ag éisteacht le ceol a iniúchann an téama sin agus ag freagairt dó

### OSIE

#### An stair

- ag fáil amach faoi chluichí neamhfhoirmiúla a d'imríodh tuismitheoirí, nó seanaithreacha agus seanmháithreacha nó a bhíodh coitianta sa dúiche tráth dá raibh
- rialacha, traidisiúin, amhráin nó rainn a bhaineann leo

#### An tíreolaíocht

- ag fáil amach faoi chluichí a imríonn páistí in áiteanna eile
- róil daoine a chuidíonn linn ag imirt

#### An eolaíocht

- ag tástáil mar is féidir rudaí ar nós bréagán a bhogadh trí iad a bhrú nó a tharraingt
- ag breathnú ar ainmhithe agus ag tabhairt aire dóibh

### An teanga

- gníomhaíochtaí aithrise agus curtha síos ar an téama
- smaointe, tuairimí agus mothúcháin a chur in iúl

### An dráma

- dráma a chruthú a iniúchann an cairdeas agus an t-eisiamh

### An mhatamaitic

- ag forbairt fheasacht ar spásúlacht

### OSPS

- ag iniúchadh go gníomhach an gá atá le haire, tuiscint, múineadh, meas ar rialacha agus cothrom na Féinne a thaispeáint agus tú ag imirt le daoine eile



Ag tógáil agus ag súgradh le boscaí ar shlí chruthaitheach



*Ag dearadh, ag cruthú agus ag roinnt idéanna*

Roinn 5

# Cur chuige agus modhanna teagaisc

# Cur chuige agus modhanna teagaisc



### Pointí tosaigh do ghníomhaíochtaí ealaíne

- taithí agus samhlaíocht an pháiste
- ábhair agus uirlisí
- oibriú de bhreathnóireacht agus d'fhiosracht
- saothar ealaíontóirí agus ceardaithe

## Éagsúlacht sa chur chuige

Cuimsíonn na snáitheanna bealaí ar shaothrú de thaithí, de shamhlaíocht agus de bhreathnóireacht a thógann ar fhiosracht nádúrtha na bpáistí. I gcuraclam páistelárnach ní mór don ábhar eascairt as taithí saol na bpáistí agus as a samhlaíocht. Cuidíonn oibriú de bhreathnóireacht le forbairt a dhéanamh ar an bhfeasacht amhairc agus ar an gcumas ar an ealaín a dhéanamh agus ar fhreagairt do shaothar ealaíne ar shlí atá lán de bhrí phearsanta. Tá taithí ar raon leathan d'ábhair sna hamharcealaíona riachtanach chun na cuspóirí seo a bhaint amach. Fothaíonn na prionsabail seo cur chuige i leith na snáitheanna, a mholtar thíos, a mhúineadh agus ba chóir dóibh ullmhúchán an mhúinteora a threorú.

Is é an fhionnachtain threoraithe an modh múinteoireachta is oiriúnaí le haghaidh na n-amharcealaíon. Ó am go ham is féidir go mbeidh modh níos dírí ag teastáil ó roinnt scileanna praiticiúla, mar shampla siosúr agus greamacháin a úsáid. Spreagann modhanna fionnachtana na páistí lena fháil amach cad is féidir a léiriú le raon leathan d'ábhair agus d'uirlisí a oireann do thasc áirithe agus lena bheith ag tástáil leo; chun dath, dearadh agus struchtúr sa timpeallacht a thabhairt faoi deara agus chun taitneamh a bhaint as a bhfeiceann siad ar bhealach pearsanta; chun gnéithe tábhachtacha dá saol a léiriú i bhfoirm amhairc agus chun saothar ealaín a mheas go criticiúil. San fhionnachtain threoraithe soláthraíonn an múinteoir timpeallacht oibre spreagúil, gríosaíonn sé/sí na páistí agus breathnaíonn sé/sí ar a ndul chun cinn, pléann sé/sí a gcuid oibre leo, de réir mar is gá, a fhad is a bhíonn siad ag obair agus tar éis dóibh críochnú, agus tairgeann sé/sí moltaí de réir mar is cuí.

## Pointí tosaigh


Braitheann múinteoireacht ealaíne den chéad scoth ag an mbunleibhéal níos mó ar thuiscint an mhúinteora agus ar a m(h)eas ar chion gach páiste ná ar a c(h)umas nádúrtha féin sna hamharcealaíona. Teastaíonn tuiscint ar an nádúr chomh maith le meas ar an bpróiseas cruthaitheach, agus freagra atá eolach agus ar an eolas faoi iarrachtaí na bpáistí ar dhéanamh ealaíne agus ar a bhfreagairt di, lena chinntiú go gcomhlíonfar na huaillmhianta atá leagtha amach sa churaclam. Is cosúla le hathraitheoir é/í ná le múinteoir teicníochtaí.

Tá sé tábhachtach chomh maith a bheith in ann cumais nádúrtha na bpáistí a mheas, a bheith eolach go bhfuil na 'céimeanna forbartha', mar a thugtar orthu, níos ginearálta ná sain-tagraí d'aoisghrúpaí agus do leibhéil ranganna, agus gur chóir a ndúshlán a thabhairt chun a n-acmhainn a bhaint amach. Tá an-tábhacht ag baint le feasacht an mhúinteora freisin agus lena g(h)lacadh le raon leathan de shamhlaoidí amhairc, in obair na bpáistí agus in obair ealaíontóirí. Ba chóir go rachadh taithí na bpáistí ar an ealaín thar thraidisiún clasaiceach an Iarthair a chuimsíonn foirmeacha ealaíne ó an-chuid cultúr agus réanna. Is féidir na cuspóirí comhghaolmhara ar dhéanamh ealaíne agus ar fhreagairt di a bhaint amach trí phleanáil aireach

agus trí mhachnamh toilteanach ar chur chuige reatha, agus más gá trí athsmaoineamh a dhéanamh air.

Braithfidh forbairt na bpáistí san ealaín ar na deiseanna atá acu ar thaitneamh a bhaint as iniúchadh agus as tástáil ábhar agus uirlisí, ar a bheith ag éirí íogair don amharcthimpeallacht agus do shaothar ealaíne, agus ar a dtuairim phearsanta den domhan a chur in iúl. Taithí dhomhain is ea iad seo agus is gá iad a phleanáil go smaointeach. Is dóichí go bhfágfaidh toradh réamh-shainmhínithe, a fhorbraíodh trí phróiseas réamh-ordaithe ('gearr anseo', 'gliúáil anseo'), cruthaitheacht as an áireamh agus gur beag an luach oideachasúil a bheidh air. Is dóichí gurb iad na gníomhaíochtaí ealaíne a chothaíonn cruthaitheacht a ghinfidh freagraí atá lán de bheocht, de ghus agus de phearsantacht agus atá, b'fhéidir, ciotach agus in abar, agus iad go léir san aon phíosa oibre amháin. Tá cion pearsanta na bpáistí barrthábhachtach mar ba chóir gurb iad a gcuid íogaireachtaí agus a gcumhachtaí breathnóireachta, a dtaithí agus a samhlaíocht agus a gcuimhne amhairc a threoróidh a gcuid oibre, agus ní mór cuidiú leo iad a thabhairt go glinn chun cuimhne.

Ba chóir go mbeadh gníomhaíochtaí sna hamharcealaíona struchtúrtha chun seicheamh agus fás i gcastacht a thaispeáint agus ba chóir dóibh tógáil ar thaithí agus ar scileanna a insealbhaíodh níos luaithe. Ba chóir ceachtanna a dhíriú a ndóthain chun cuidiú le páistí fíorthuiscint a fhorbairt ar an bhfoclóir amhairc atá ag teastáil chun freagairt don domhan amhairc atá timpeall orthu agus chun é a léirmhíniú, agus dhéanfadh cuspóirí cinnte deimhin de go bhfaighidís fócas dá n-obair go tapa. Ach de bharr raon na taithí agus na gcumas in aon rang is féidir gur gá clár ranga a cheapadh ó am go chéile, clár a chuimsíonn gníomhaíochtaí ó leibhéil éagsúla ranga.



Péinteáil páiste atá lán de bheocht, de ghus agus de phearsantacht

# Líníocht

Gníomhaíocht dhúshlánach a thaitníonn go mór le formhór na bpáistí is ea an líníocht. Tosaítear air i rith na leanbaíochta leis an gcéad chúpla ceann de na rianta draíochtacha sin ar féidir leo, de bharr taithí, líníochtaí casta a dhéanamh díobh. A thúisce agus a thuigeann páistí na torthaí is féidir leo a chruthú le déanamh na rianta, déantar bealach den líníocht ar fhíordhomhain agus ar chinn shamhlaíocha a iniúchadh mar a bhfuil siad in ann súgradh go sábháilte le smaointe, le mothúcháin agus le taithí. Soláthraíonn sé freisin comhthéacs atá an-ghríosaitheach agus an-taitneamhach le haghaidh gníomhaíochtaí chun fadhbanna a réiteach.

Gníomhaíocht chéadfaíoch is ea an líníocht. Dá bharr ba chóir go gcuideofaí le gach páiste feasacht a fhorbairt ar a ndomhan, agus orthu féin sa domhan sin, trí fhéachaint, trí thadhall, trí éisteacht agus, de réir mar is cuí, trí ghluaiseacht a iniúchann a ngaol le rudaí, le háiteanna agus le heachtraí ina saol. Cabhair is ea é cuidiú leo le mothú fiosrachta ar an domhan atá timpeall orthu a fhorbairt chun méadú ar mhéid a gcuid smaointe air agus a mbealaí chun é a chur in iúl trí líníochtaí. Is ionann an tábhacht a bhaineann le fáil a bheith acu ar raon leathan d'uirlisí agus d'ábhair líníochta, agus an t-am chun taitneamh a bhaint as a bhféidearthachtaí amharcléirithe a fhionnachtain.

### Pointí tosaigh i gcomhair líníochta

Teastaíonn cineál éigin spreagtha ó pháistí mar phointe tosaigh i gcomhair gníomhaíochtaí líníochta. Ba chóir go gcuimseoidís

- oibriú as taithí agus as samhlaíocht
- díriú intinne ar ábhair agus ar uirlisí líníochta
- oibriú as breathnóireacht agus as fiosracht.

## Oibriú as taithí agus as samhlaíocht

Tugann gníomhaíochtaí atá bunaithe ar thaithí na bpáistí, bíodh sí fíor nó samhlaíoch, deiseanna dóibh ar

- an líníocht a fhionnachtain mar mhodh cumarsáide
- a gcuid siombailí grafacha ar an bhfíor dhaonna, ar ainmhithe agus ar raon leathan de rudaí atá feicthe acu a chumadh agus a fhorbairt
- a thaispeáint mar a bhaineann fíoracha agus rudaí lena chéile i spás ar bhealaí éagsúla agus le comhthéacsanna a éiríonn níos oibrithe amach de réir a chéile
- iniúchadh a dhéanamh ar ghréasán agus ar uigeacht mar mhodhanna chun líníocht a fhorbairt níos mó
- an líníocht a úsáid chun domhain shamhlaíocha a chruthú agus a léiriú.

Tá barrthábhacht ag baint leis an ábhar do na páistí ag leibhéal na naíonán, agus dá bhaintí agus atá sé lena gcuid taithí agus tuisceana is é is airgthí agus lánléirithí a bheidh a gcuid líníochtaí, de réir dealraimh. Bainfidh siad taitneamh as téamaí bunúsacha a líniú, mar atá 'mé féin', 'mo pheata', 'an bréagán is mó a thaitníonn liom' nó 'mo theach'. Tá gné láidir den chur i gcéill ag baint leis seo agus teidil á gcur ag páistí réamhscoile ar a bpictiúir-scrábála, agus ba chóir urraim dó a léiriu de réir mar a leanann sé ar aghaidh i saol súgartha a bpictiúr: mar shampla, ciallaíonn an cuar ollmhór sin go ndeachaidh an gluaisteán ar luas lasrach thar an gcúinne. De ghnáth forbraítear déanamh na rianta ó na pictiúir scrábála sin go cruthanna a mbíonn níos mó smachta orthu agus a bhaineann leis an domhan a bhfuil eolas acu air. Is cód pearsanta a líníochtaí ar a dteastaíonn uathu a amharcléiriú.



Líníocht de phictiúr 'fillte ar a chéile' a rinne páiste

Is minic páistí ag tástáil le coincheap an spáis ar pháipéar: cuirtear rudaí faoi cheilt, ag dul síos suas, roimhe nó taobh thiar, uaireanta ag úsáid bhrollach agus chúl an leathanaigh i ngníomhaíocht ghlinn súgartha. Agus a gcuid oibre á plé leo tá sé tábhachtach an t-ábhar a phlé chomh maith leis an gcineál línte agus cruthanna atá á ndéanamh acu, chun go mbraithfidh siad go bhfuil cumarsáid á déanamh acu. D'fhéadfaí téamaí samhlaíocha as scéalta, as dánta agus as amhráin a thabhairt isteach de réir mar a théann siad chun cinn.

Nuair atá *scéimre*, nó tacar pearsanta siombailí, forbartha ag páistí ar a dteastaíonn uathu a amharcléiriú, beidh féachaint níos dírithe ag teastáil uathu agus iad ag dréim le níos mó sonraí agus réalachais ina líníocht. De ghnáth tarlaíonn sé seo thart ar dheireadh thimthriall na naíonán nuair a bhíonn níos mó spéise acu ina ngnáthshaol lena dteaghlach, lena gcairde, leis an mbaile, le súgradh agus le rudaí súgartha. D'fhéadfaí téamaí líníochtaí a roghnú a chuireann béim éagsúil ar uigeacht, ar ghréasán nó ar an bhfíor dhaonna agus í i mbun gnó de shaghas éigin. Faoin am seo beidh a gciall do chomhthéacs tar éis éirí níos tábhachtaí dóibh: cá bhfuil siad, cad tá á dhéanamh acu, cé atá ina bhfochair. De ghnáth úsáidfidh siad bunlíne chun fíoracha agus rudaí a chur uirthi. Ó am go chéile úsáidtear líníochtaí 'fillte ar a chéile' chun coincheap an spáis a chur

## Spás a eagrú ar leathanach

- rudaí agus fíoracha a chur ina bhforluí ar a chéile
- rudaí agus fíoracha a líniú go híseal agus go mór ar leathanach, ag cruthú céille do chóngaracht
- rudaí a líniú go hard agus níos lú ar an leathanach, ag cruthú mothaithe ar fhad

in iúl trí fhíoracha atá eagraithe i gciorcal a thaispeáint, nó atá ar thaobhanna os comhair a chéile, agus na fíoracha bunoscionn ar thaobh amháin. Is féidir téamaí samhlaíocha a thabhairt isteach trí phlé bheoga a dhúisíonn cáilíochtaí amhairc agus éirim scéalaíoch scéalta, dánta, cláracha teilifíse, cluichí ríomhaire nó scannáin.



Portráid a línigh páiste i rang 2

Is trí dheiseanna ar obair agus athobair a dhéanamh ar a scéimre a éireoidh a líníochtaí níos anailísí, agus beidh siad ag dréim le héifeachtaí níos réalaíche. Ag an gcéim seo (thart ar rang 3 nó 4) teastóidh clár uathu a leagfaidh béim níos mó ar an líníocht de bhreathnóireacht ghrinn, agus ar bhealaí níos forbartha chun eagrú spásúil ar leathanach a chur in iúl. Is anois a bheadh cruthanna, fíoracha agus rudaí a fhorluíonn mar ghnáthbhealach acu chun eagrú spáis agus chun doimhneacht ar phlána a chur in iúl. Níos faide anonn cuideoidh obair de bhreathnóireacht leo agus iad ag líniú téamaí ón gcuimhne agus ón tsamhlaíocht. Ba chóir neart gréasán cumtha agus sonraí a spreagadh ina gcuid líníochtaí d'eachtraí, d'áiteanna, de thithe, d'innill, d'fhoirgnimh nó d'arrachtaí samhlaíocha. Mar go bhfuil siad anois i mbarr a lánléirithe tá sé tábhachtach go bhforbróidh siad muinín as a n-obair ag an gcéim seo.

Gar do dheireadh an bhun-timthrialla bheadh íogaireacht áirithe do mheáin líníochta forbartha ag na páistí, agus ciall níos géire don bhreathnóireacht acu. De bharr taithí úsáidfidh siad cáilíocht líne agus uigeachta do mholtaí níos caolchúisí agus cuirfidh siad iad féin in iúl níos fearr le haidhm. Tá sé riachtanach go leanfaidh siad d'oibriú de bhreathnóireacht dhíreach chun dul thar chéim na siombailí.

Is féidir líniú fíoracha de réir na breathnóireachta grinne, go háirithe líniú dá chéile i mbun gníomhaíochtaí éagsúla, cuidiú le géarú na breathnóireachta agus le dul thar athúsáid na siombailí d'fhíoracha daonna. Ba chóir aird a tharraingt go neamhfhoirmiúil ar an bhfoirm atá mar bhunús leis an bhfíor agus dá comhréir agus ar na claonchruthanna a chruthaítear ag na lámha nó na cosa, sula línítear sonraí éadaigh nó trealaimh, mar shampla.

I bportráidí a líniú ba chóir forbairt ón staidiúir tosaigh go dtí an phróifíl trícheathrú nó go dtí an lánphróifíl a spreagadh. Ba chóir aird a tharraingt go neamhfhoirmiúil ar chomhréir bhunúsach an chloiginn agus ar an tslí ina dtiteann an solas ar fhoirmeacha na fíorach. Cuireann sonraí ar nós seodra, ceannbhearta, rud i lámh nó suíomh tábhachtach leis an spéis. Is féidir go bhfásfaidh plé ar bhealaí chun ceannaithe a líniú as féachaint ar stíleanna éagsúla portráidí.

# Eiseamláir 7

## Portráid de 'Mo theaghlach agus mé féin' ranganna 1 agus 2

Úsáideann páistí an líníocht go nádúrtha lena gcuid gnáth-thaithí a chur in iúl, saol an teaghlaigh san áireamh. D'fhéadfadh go mbeadh toise shamhlaíoch ag baint le portráidí pearsan as scéalta, as dánta agus as amhráin.

### Céim 1: An spreagadh

Spreagtar na páistí le labhairt ar a dteaghlach ar bhealach a dhúisíonn freagra amhairc. D'fhéadfaidís labhairt orthu seo a leanas:

- cé a oibríonn sa ghairdín, cé is mó a fhéachann ar an teilifís, cé a imríonn peil, cé a dhéanann an gáire is mó, cé aige a bhfuil an ghruaig is mó/is lú, cé a chaitheann seodra, cé leis a dtaitníonn dathanna geala
- na rudaí is fearr a thaitníonn liom a dhéanamh le mo theaghlach.

Féachann siad ar shaothar ealaíontóirí lena fheiceáil conas mar a léirítear an teaghlach san ealaín, mar shampla i saothar na ndeartháireacha Le Nain, Frans Hals, Munch nó Mary Cassatt.



Portráid páiste de 'Mo theaghlach agus mé féin'

### Céim 2: An ghníomhaíocht

Agus iad ag obair, agus de réir mar is cuí, spreagtar iad le smaoineamh agus labhairt orthu seo a leanas:

- na hábhair agus na huirlisí a d'úsáidfidís agus mar a d'úsáidfidís iad
- cé hé atá á líniú acu; cé a bhí ag caitheamh a c(h)uid éadaigh is fearr leis/léi san am; ag cur síos ar na héadaigh; cé a bhí ag mothú go sona, go brónach nó go codlatach, mar shampla; cén chuma a bhí air/uirthi; conas a líníonn tú é sin; cad a úsáidfidh tú chun é a líniú
- cá raibh an teaghlach san am sin; ag cur síos ar an áit; an raibh duine ina shuí nó ina sheasamh os comhair duine eile; an raibh duine níos airde nó níos lú ná duine eile; cá bhfuil tusa; cé a bhí in aice leat, os do chomhair amach nó taobh thiar díot; an raibh do chuid éadaigh is fearr leat á caitheamh agat; ag cur síos uirthi; an féidir leat an gréasán ar do gheansaí a thaispeáint; cad a úsáidfidh tú chun é sin a líniú.

Beidh a fhios ag an múinteoir de bharr a (h)íogaireachta do riachtanais na bpáistí cathain ba chóir agus cathain nár chóir cur isteach orthu le ceisteanna ar nós na gcinn thuas.

### Céim 3: Measúnú

Taispeánann na páistí a líníochtaí críochnaithe do gach duine; labhraíonn siad ar cad a bhí siad ag iarraidh a chur in iúl agus cad a thaitníonn leo ina n-obair féin agus in obair daoine eile.

# Eiseamláir 8

## Créatúr samhailteach nó áit shamhailteach a líniú

gach leibhéal

### Céim 1: An spreagadh

D'fhéadfadh scéal, dán nó blúire ceoil ar phearsa neamhghnách nó ar áit rúnda, nó péinteáil le duine de na hosréalaithe—saothar Dali, Magritte nó Miró, mar shampla—bheith ina spreagadh don líníocht shamhlaíoch.

### Céim 2: An ghníomhaíocht

Agus iad ag obair, agus de réir mar is cuí, spreagtar na páistí le smaoineamh agus labhairt orthu seo a leanas:

- na hábhair agus na huirlisí a roghnóidís agus mar a d'úsáidfidís iad
- conas a shamhlóidís an chuma atá ar an gcréatúr nó ar an áit seo; conas a mhaireann nó cá gcónaíonn an créatúr agus cad é atá chomh speisialta nó neamhghnách sin faoi
- cén chuma atá ar a n-áit rúnda féin agus conas a bhraithfeadh sé a bheith ann; cad é a dhéanann rúnda í.

### Céim 3: Measúnú

Spreagtar na páistí lena saothar críochnaithe a thaispeáint agus labhairt air, ar cad a bhí siad ag iarraidh a chur in iúl, ar cad é ba mhó a thaitin leo ann agus cén fáth. D'fhéadfadh go labhródh páistí le breis taithí ar na dúshláin a tugadh agus mar a chuaigh siad i ngleic leo.



Líníocht páiste de chréatúr samhailteach

# Eiseamláir 9

## Spás a eagrú agus sonraí samhlaíocha a chruthú

ranganna 4 go dtí 6

Is féidir bealaí chun spás a chur in iúl a iniúchadh trí théamaí a bhaineann le heagrú samhlaíoch d'fhoirgnimh, mar shampla.

### Céim 1: An spreagadh

- Labhraíonn na páistí ar scéalta, ar dhánta, ar scannáin nó ar fhíseáin atá bunaithe ar chathracha neamhshaolta nó samhailteacha.
- Díríonn siad ar a gcoimhthíocht; cé chomh mór nó beag agus atá na foirgnimh; cé chomh gar agus atá siad dá chéile; mar a bhfuil cuid acu os comhair a chéile, nó taobh thiar díobh nó in aice leo; ar an gcineál sonraí ba chóir dóibh a thaispeáint agus cá háit.
- Labhraíonn said ar cé acu an bhfuil cuma gheal ar an gcathair nó cuma chairdiúil, dhorcha nó scanrúil agus mar a d'fhéadfadh sé a bhrath a bheith i do chónaí ann.
- Féachann siad ar shaothar páistí eile nó ar shaothar ealaíontóirí lena fheiceáil conas mar a chuir siadsan spás in iúl i gcomhthéacsanna a bhí mar an gcéanna, mar shampla saothar Lorenzetti, Antonello da Messina, Feininger, Braque agus Delaunay.

### Céim 2: An ghníomhaíocht

- Déanann na páistí rogha as roinnt peann luaidhe, gualaigh, crián, marcóirí, peann, cailceanna raonta páipéar ar dhathanna agus uigeachtaí éagsúla agus tástálann siad leis an gcineál rianta is féidir leo a dhéanamh leo.
- Spreagtar iad le labhairt ar na torthaí ba mhian leo a chruthú ina líníochtaí.

Agus iad ag obair, agus de réir mar is cuí, spreagtar iad le smaoineamh agus labhairt ar

- na hábhair agus na huirlisí a d'úsáidfidís agus mar a d'úsáidfidís iad
- bheith sa chathair choimhthíoch seo, le foirgnimh arda aisteacha timpeall orthu, nó bheith ag breathnú uirthi i gcéin nó ó leibhéal ard. Cad a fheiceann tú? An bhfuil roinnt de na foirgnimh níos airde, níos lú, níos leithne, níos caoile ná cinn eile? Línigh iad. An bhfuil sráideanna ag gabháil idir na foirgnimh seo? An féidir leat roinnt foirgneamh a fheiceáil os comhair ceann eile nó taobh thiar díobh? An bhfuil daoine nó créatúir sna sráideanna? Cad tá á dhéanamh acu? An bhfuil cuid acu roimh chuid eile nó taobh thiar díobh? An bhfuil cuid acu sna foirgnimh? Cá háit? Línigh iad.
- ghréasán agus sonraí samhlaíocha a chur leis chun béim a leagan ar an atmaisféar neamhshaolta.

## Céim 3: Measúnú

Labhraíonn na páistí ar a líníochtaí: cad a bhí siad ag iarraidh a léiriú, na codanna is mó a thaitníonn leo agus cad a thaitníonn leo i líníochtaí daoine eile.




Foirgnimh shamhailteacha a línigh páiste i rang 4

## Ábhair líníochta

- pinn luaidhe bhoga/graifíte
- peann/scuab agus dúch
- pinn luaidhe dhaite
- criáin
- cailceanna
- páipéir

# Ag díriú ar ábhair agus ar uirlisí

Tugann díriú ar ábhair agus ar uirlisí deiseanna do pháistí

- ar thaitneamh a bhaint as an gcorraitheacht a bhaineann le déanamh rianta a thástáil
- ar bheith ag éirí feasach ar na torthaí lánléiritheacha is féidir leo a chruthú le héagsúlacht leathan de mheáin líníochta agus foghlaim conas iad a úsáid le muinín
- ar thaitneamh a bhaint as láithreachas na meán líníochta chun an domhan amhairc a iniúchadh, chun a dtuiscintí ar a bhfeiceann agus ar a samhlaíonn siad a chur in iúl, chun smaointe a shoiléiriú, chun dearadh agus chun cumadh as an nua.

I measc na n-ábhar agus na n-uirlisí líníochta bheadh éagsúlacht de phinn luaidhe (2B, 4B agus 6B, mar shampla, chomh maith le gualach, conté agus pinn luaidhe dhaite), criáin, pastail, cailceanna, marcóirí, dúigh agus péinteanna. D'fhéadfadh go gcuimseodh páipéar an nuachtpháipéar is coitianta a úsáidtear, páipéar siúcra, páipéar ríomhaire, cartús, páipéar athchúrsáilte agus páipéar gréiscdhíonach, atá an-oiriúnach do chuimilteáin. Tá páipéar de ghráinne mín níos oiriúnaí don líníocht le pinn luaidhe ghraifíte nó le pinn luaidhe dhaite, agus ceann de ghráinne meánach oiriúnach don líníocht le pastail, le criáin agus le cailceanna daite. Roghnaítear iad lena bheith oiriúnach don ghníomhaíocht agus don leibhéal taithí atá ag na páistí.

Ba chóir go dtosódh páistí le taithí níos lú le tástálacha saora ar pháipéar saor, ag plé na rianta a thagann amach: tiubh, tanaí, cruinn, géar, doiléir, geal nó dorcha, mar shampla. D'fhéadfaí na cineálacha cruthanna a thagann amach a phlé ar an mbealach céanna: fada, gearr, tanaí, ramhar, le himill dhíreacha nó le cinn chuara. Níor chóir béim thar cuimse a leagan ar a ngnéithe céimseatúla, agus d'fhéadfaí páistí óga a spreagadh le gluaiseachtaí agus rithimí láimhe nó colainne a dhéanamh chun cuidiú leo taithí a fháil ar choincheapa an chrutha agus an spáis agus ar iad a thuiscint. Ba chóir roinnt ábhar agus uirlisí líníochta a roghnú go speisialta ar son a n-uigeachtaí éagsúla, agus ba chóir suim atá ag fás i ngréas a spreagadh trí chuidiú leo a fháil amach cad iad na torthaí atá ag rianta, línte agus cruthanna a dhéantar arís agus arís eile.

# Eiseamláir 10

## Éagsúlacht torthaí a chruthú le huirlisí líníochta — gach leibhéal

### Céim 1: An spreagadh

- Spreagtar na páistí leis na rianta éagsúla is féidir leo a dhéanamh a fhionnachtain le héagsúlacht ábhar agus uirlisí líníochtaí.

### Céim 2: An ghníomhaíocht

- Spreagtar iad le smaoineamh agus le labhairt ar na hábhair agus ar na huirlisí líníochta a d'úsáidfidís agus mar a d'úsáidfidís iad.
- Déanann páistí i ranganna naíonán tástáil le héagsúlacht de línte agus de rianta a dhéanamh le gach ceann de na huirlisí faoi seach, agus ina dhiaidh sin le dhá cheann ar an aon leathanach amháin. An bhfuil siad difriúil? Conas a bhraith sé agus iad á ndéanamh acu?
- Spreagtar páistí le breis taithí gréasán sa timpeallacht amhairc a léirmhíniú (i nduilleoga, i scamaill, i gcuilithíní ar an gcladach) agus tástáil a dhéanamh leis na héifeachtaí toin is féidir leo a bhaint amach le meáin líníochta éagsúla.
- Is féidir leo tástáil le gualach chun líníochtaí láidre líneacha a chruthú agus chun éifeachtaí toin agus uigeachta a iniúchadh: bealaí chun an gualach a chumasc chun ton mín a chruthú, bealaí chun ton a éadromú agus bealaí chun achair a aibhsiú. D'fhéadfaí na patrúin nó na gréasáin shimplí a chruthaítear ar an mbealach seo a úsáid in obair phictiúrtha freisin.

### Céim 3: Measúnú

- Taispeánann na páistí a gcuid oibre dá chéile agus labhraíonn siad ar cad é a bhí siad ag iarraidh a bhaint amach agus ar na gnéithe ba shásúla dá n-obair.




Líníocht páiste a thaispeánannn éagsúlacht de línte

*Tá sé tábhachtach féachaint na bpáistí seachas a líníocht a threorú.*

## Oibriú as breathnóireacht agus as fiosracht

Cabhróidh foghlaim conas féachaint go grinn ar rudaí nádúrtha agus monaraithe le cumas líníochta na bpáistí a fhorbairt agus lena mbreathnóireacht a ghéarú agus a dhíriú. Tosóidh siad

- ag tabhairt rithimí, uigeachtaí agus cruthanna faoi deara agus á léirmhíniú i líníochtaí
- ag tabhairt faoi deara conas is féidir leis na himill a bheith crua, bog nó garbh agus conas mar a chuidíonn siad le tréith ruda a shainmhíniú
- ag éirí feasach ar nádúr tríthoiseach na foirme agus ag tabhairt foirmeacha i rudaí faoi deara
- ag tabhairt solais agus scátha faoi deara ar fhoirmeacha simplí agus á gcur in iúl i líníochtaí toin
- ag soiléiriú agus ag forbairt smaointe deartha.


Tá sé tábhachtach féachaint na bpáistí seachas a líníocht a threorú. Bainfidh páistí taitneamh as breathnú ar an bhfás sa nádúr agus as é a léirmhíniú, agus beidh plandaí, sliogáin mhara, coirt chrainn agus snáithe adhmaid ina measc seo. B'fhéidir go léirmhíneofar freisin bréagáin agus rudaí cuí súgartha trí éagsúlacht de mheáin líníochta. Beidh sé ar chumas páistí le breis taithí rudaí a líniú as breathnóireacht dhíreach, ag díriú intinne ar a ngnéithe riachtanacha. Tá torthaí nó glasraí atá gearrtha ina gcodanna agus blúirí d'innealra nó de bhréagáin bhriste an-oiriúnach go deo dá leithéid de ghníomhaíocht.

Le himeacht aimsire tosóidh siad ag tabhairt achair sholais agus scátha faoi deara i rudaí a bhfuiltear ag breathnú go grinn orthu. Taitneoidh sé le páistí beaga a bheith ag líniú cóirithe simplí de bhláthanna nó d'fhéara atá curtha ina seasamh i ngabhdán, nó seilfeanna ar a bhfuil rudaí ionúine, agus a bheith ag labhairt ar na cruthanna agus ar na hachair gheala agus dhorcha a chruthaítear. Is féidir cóirithe d'ábhar neamhbheo de bhoscaí simplí agus d'fhoirmeacha cruinne a léirmhíniú in obair dhéthoiseach agus thríthoiseach araon. Is féidir go mbeidh baint ag páistí a bhfuil breis taithí acu le cumadóireacht a thógáil ar bhealaí éagsúla, m.sh. trí fhorluí, trí ghrúpáil nó trí rudaí a leagan amach i líne dhíreach.

## Sceitseanna ealaíontóra



Líníocht chomhrianach



Ton á úsáid chun toirt agus foirm a chur in iúl



Béim á leagan ar phlánaí chun an tríú toise a chur in iúl

Ba chóir éagsúlacht sa chur chuige a chleachtadh nuair atáthar ag líniú as breathnóireacht, mar shampla líníocht chomhrianach a úsáid chun meon nó tréith d'fhíor nó de rud a ghabháil go tapa, ton amháin a úsáid chun toirt agus foirm a chur in iúl, béim a chur ar phlánaí chun an tríú toise ar dhromchla réidh a chur in iúl agus intinn a dhíriú ar bhealaí a fháil amach chun uigeacht a chur in iúl.

D'fhéadfaí scáthú, dath agus ton nó plánaí atá ag dul i gcéin a úsáid chun fad a chur in iúl ar leathanach: na cruthanna, rudaí nó fíoracha níos cóngaraí a líniú níos mó, níos ísle ar an leathanach agus roinnt sonraí iontu, agus iadsan atá níos faide i gcéin ag éirí níos lú, níos airde ar an leathanach agus níos doiléire de réir a chéile. D'fhéadfaí doimhneacht i spás a chruthú freisin trí chruthanna, rudaí agus fíoracha a chur le hais a chéile agus ina bhforluí ar a chéile.

# Eiseamláir 11

## An geal agus an dorcha a iniúchadh: torthaí tríthoiseacha a chruthú — ranganna 5 agus 6

### Céim 1: An spreagadh

- Cuirtear rudaí de spéis amhairc ar taispeáint i gcúinne sa seomra ranga, mar shampla torthaí, sliogáin, bréagáin, boscaí agus mangarae, le go bhféachfaidh na páistí orthu, go dtadhlóidh siad iad agus go labhróidh siad orthu.
- Féachann siad ar chóirithe d'ábhar neamhbheo simplí nó cuidíonn siad le hiad a eagrú, ag iniúchadh na n-achar geal agus dorcha chun teacht ar bhealaí chun foirm thríthoiseach a chur in iúl i líníocht.



Líníocht páiste a chuireann foirm thríthoiseach in iúl

### Céim 2: An ghníomhaíocht

- Spreagtar na páistí le smaoineamh agus labhairt ar na hábhair agus na huirlisí a d'úsáidfidís agus mar a d'úsáidfidís iad.
- Más féidir, cuirtear grúpaí rudaí comhghaolmhara sna cóirithe.
- Eagraítear foinse amháin solais más féidir chun béim a leagan ar na hachair gheala agus dhorcha.
- Pléitear achair gheala agus dhorcha agus toin idirmheánacha.
- Úsáidtear scáthú chun foirm a chur in iúl (ag seachaint imlínte chomh fada agus is féidir).
- Déantar líníochtaí ag leibhéal na súl agus ó leibhéal níos airde ag féachaint síos freisin, chun ciall de pheirspictíocht a sheoladh isteach.

### Céim 3: Measúnú

Taispeánann na páistí a gcuid oibre dá chéile. Labhraíonn siad ar cad a bhí siad ag iarraidh a dhéanamh, na dúshláin a cuireadh orthu agus mar a chuaigh siad i ngleic leo. Labhraíonn siad ar na hachair is sásúla dá gcuid oibre féin agus ar cad é is mó a thaitníonn leo in obair daoine eile.

# Eiseamláir 12

## Líniú as breathnóireacht: bláth a líniú

gach leibhéal



Líníocht páiste de bhláth

### Céim 1: An spreagadh

- Roghnaíonn na páistí bláth as triopall mór in achar an taispeántais, nó spreagtar iad lena gceann féin a bhreith isteach leo.
- Féachann siad ar an mbláth go han-aireach, á thadhall go bog. An bhfuil sé réidh, garbh, bog, nó crua? Conas a chuirfidh tú an chuma sin air? Cén cruth atá air? Conas a dhéanfaidh tú an cruth sin?

### Céim 2: An ghníomhaíocht

- Spreagtar na páistí le smaoineamh agus labhairt ar na hábhair agus na huirlisí a d'úsáidfidís agus mar a d'úsáidfidís iad.
- Agus iad ag obair, agus de réir mar is cuí, is féidir leis an múinteoir ceisteanna a chur atá dírithe ar an amharc: an féidir leat an imlíne nó an cruth a dhéanann sé a fheiceáil ó chearnaí éagsúla? An féidir leat a shamhlú go bhfuil tú ag méarú na n-imeall ar fad?

### Céim 3: Measúnú

- Taispeánann na páistí a líníochtaí dá chéile. Labhraíonn siad ar cad é a bhí siad ag iarraidh a dhéanamh, cad a d'éirigh leo a dhéanamh agus cad é is mó a thaitníonn leo ina líníocht féin agus i líníochtaí daoine eile.

De réir mar a théann siad ar aghaidh beidh spéis acu i bhféachaint go grinn ar an timpeallacht níos fairsinge, agus sonraí di a líniú. D'fhéadfadh gur ina measc seo bheadh an scoil (nó aon fhoirgneamh eile) a líniú óna liacht dearcadh radhairc agus is féidir i líne agus i ndath. D'fhéadfaí fuinneoga an tseomra ranga a úsáid chun rudaí a shuí sa chumadóireacht, ar an taobh istigh ag féachaint amach nó ar an taobh amuigh ag féachaint isteach. D'fhéadfadh páistí a bhfuil breis taithí acu lorgán radhairc a úsáid chun codanna de thailte na scoile, den tsráid, de chosán casta nó de charrchlós le crainn, le fásra nó le buíonta daoine, mar shampla, a leithlisiú.

D'fhéadfaí tabhairt faoi spásanna inmheánacha a líniú ar an mbealach céanna agus thabharfadh sé seo dúshlán na bpáistí ar na fadhbanna a bhaineann le gaol spásúil a réiteach. Is féidir go gcuirfidh na páistí spás in iúl trí fhíoracha agus rudaí a chur gar dá chéile nó le hais a chéile, ag úsáid líne chothrománach amháin nó níos mó. Níos faide anonn, d'fhéadfaí ciall do 'roimh' nó 'i ndiaidh' a chur in iúl trí fhorluí. De réir mar a fhaigheann siad níos mó taithí is féidir go gcuirfidh siad spás in iúl ina gcuid líníochtaí trí fhuinneog, mar shampla, agus trí radharc taobh thiar di a chur ann freisin.

Bainfidh páistí de gach aois taitneamh as breathnú ar na leideanna de ghréasáin a chruthaítear ag an ngluaiseacht sa dúlra, as iad a phlé agus iarracht a dhéanamh ar iad a ghabháil, mar shampla gréasáin de bhraonta báistí ag titim isteach i mbáisín uisce, nó de bháisteach throm agus í ag cruthú lochán, den spéir agus cumaí éagsúla uirthi, den ghaoth nó d'anfaí sneachta nó de dhuilleoga ar chrann sa ghaoth.



Lorgán radhairc á úsáid

# Eiseamláir 13

## An scoil a líniú ó chearnaí éagsúla radhairc

ranganna 5 agus 6

### Céim 1: An spreagadh

- Siúlann na páistí thart agus féachann siad ar an scoil ón taobh istigh agus ón taobh amuigh agus roghnaíonn siad an radharc ba mhaith leo a líniú. D'fhéadfaidís féachaint freisin ar thírdhreacha nó ar dhreacha cathrach ó ealaíontóirí éagsúla ar nós Ruisdael, Corot, Cézanne, Hokusai, van Gogh, Pissarro nó Grant Wood.



Líníocht páiste de radharc ar an scoil

### Céim 2: An ghníomhaíocht

- Spreagtar na páistí le smaoineamh agus labhairt ar na hábhair agus na huirlisí a d'úsáidfidís agus mar a d'úsáidfidís iad.
- Ar dtús líníonn siad sceitsí tapa den dearcadh radhairc a roghnaigh siad. Is féidir go ndéanfar cuid acu amuigh agus cuid eile ón seomra ranga ag féachaint amach dóibh, ag úsáid na fuinneoige mar fhráma radhairc (.i. mar lorgán radhairc).
- Má bhíonn fadhbanna acu, ní mór don mhúinteoir iad a spreagadh le labhairt ar na fadhbanna ar gá iad a shárú chun a bhfeiceann siad a chur in iúl, mar shampla conas spás i ndoimhneacht a chur in iúl, agus mar atá siad ag tabhairt faoi.
- Roghnaíonn siad an sceitse is mó a thaitníonn leo agus déanann siad líníocht shonraíoch atá bunaithe air, ag féachaint níos grinne air an babhta seo ón dearcadh radhairc sin.

### Céim 3: Measúnú

Taispeánann na páistí a gcuid sceitsí agus líníochtaí críochnaithe dá chéile, ag aithint suíomh roghnaithe a chéile. Labhraíonn siad ar na dúshláin a tugadh agus ar an ngné ba shásúla dá gcuid oibre féin agus d'obair daoine eile.

# Péint agus dath

*Tá an-chuid deiseanna ag teastáil ó pháistí ar bhreathnú ar an dath sa timpeallacht, ar a thabhairt faoi deara mar a úsáideann ealaíontóirí an dath agus ar an dath a úsáid go lánléiritheach ina gcuid oibre féin.*

I dtuairim na bpáistí tá an dath ar cheann de na cáilíochtaí is tarraingtí sa domhan amhairc, ó dhathanna fíneálta an domhain nádúrtha go dathanna geala a mbréagán, a gcuid éadaigh agus leabhar. Tá an-chuid deiseanna ag teastáil uathu ar bhreathnú ar an dath sa timpeallacht, ar a thabhairt faoi deara mar a úsáideann ealaíontóirí an dath agus ar dhath a úsáid go lánléiritheach ina gcuid oibre féin. Is í an phéint an meán is oiriúnaí chun an dath a iniúchadh, mar gur leacht í agus is furasta í a mheascadh, agus bainfidh páistí óga taitneamh as a bheith ag iniúchadh conas mar a oibríonn sí, chomh maith le conas mar a bhraitheann sí.

Úsáidfidh páistí an phéint le haghaidh línithe. Úsáideann páistí níos óige an dath gan aon ghaol díreach datha a bheith ann leis an rud nó leis an bhfíor atá á péinteáil. De réir mar a thagann siad in inmhe úsáidfidh siad an dath ar bhealach níos nádúrtha agus iad ag dréim le réalachas níos mó ina gcuid oibre. Tá sé tábhachtach go mbíonn fáil ag gach páiste ar éagsúlacht leathan ábhar agus uirlisí a bhaineann le péint agus le dath agus ar dheiseanna ar a bhféidearthachtaí lánléiritheacha a iniúchadh. Is féidir, mar shampla, a dtaithí ar an dath agus ar an uigeacht a leathnú le criáin, le marcóirí agus le pastail, trí pháipéar agus trí chrolláis fabraice, i bpriontaí a dhéanamh agus trí obair i bhfabraic agus i snáithín.

Is cabhair é timpeallacht dhaite a chruthú i gcúinne den seomra ranga trí rudaí nádúrtha agus monaraithe a úsáid chun féachaint na bpáistí a dhíriú agus chun feasacht ar fhineáltachtaí datha a fhorbairt.

## Pointí tosaigh don phéint agus don dath

Bíonn spreagadh de shaghas éigin ag teastáil ó pháistí mar phointe tosaigh do ghníomhaíochtaí péinteála. Chuimseodh na gníomhaíochtaí

- oibriú de thaithí agus de shamhlaíocht
- díriú intinne ar ábhair agus ar uirlisí
- oibriú as breathnóireacht agus as fiosracht.

## Oibriú as taithí agus as samhlaíocht

Tugann péinteáil atá bunaithe ar thaithí fhíor nó shamhlaithe na bpáistí deiseanna dóibh

- ar an bpéint agus ar dhath a úsáid chun a saol agus a spéiseanna féin a chur in iúl
- ar an dath a úsáid go samhlaíoch agus go tuairisciúil.

Bainfidh páistí óga taitneamh as pictiúir dhaite a phéinteáil a bhaineann leo féin, nó leis an mbaile nó leis an súgradh. Slite spreagúla chun freagraí a ghríosú is ea staideanna dathannacha a dhúiseacht, mar shampla cuimhne ar chuairt ar an sorcas, nó caint ar scéal, dán nó amhrán a bhfuil mothú láidir amhairc aige.

Ba chóir buanchruthanna maoithneacha an datha a sheachaint, mar shampla an gorm a mholadh don bhrón: is féidir leis an ngorm éadroime, soiléireacht nó ríméad a chur in iúl freisin, mar atá i spéir shoiléir ghorm. Athraíonn dathanna a

dtoisí lánléiritheacha de réir úsáid an duine aonair. Baineann páistí óga an úsáid is éifeachtaí as an dath chun mothúcháin a chur in iúl laistigh de chomhthéacs téama atá lán de bhrí phearsanta, mar shampla 'Bíonn áthas orm súgradh le mo chara.' Ba chóir iad a spreagadh chun línithe leis na scuaba péinte in ionad líníochtaí a dhathú. Is féidir go mbeidh frustrachas ar pháistí a bhfuil scil áirithe bainte amach acu le hábhair líníochta de dheasca gan a bheith in ann an méid céanna sonraí a fháil leis an bpéint. Ba chóir go molfaí téamaí a dteastaíonn freagra níos leithne uathu agus a chuirfeadh ar a gcumas taitneamh a bhaint as dath a ritheann go réidh, mar shampla 'éan/iasc/neach neamhshaolta mór daite', 'pictiúr mór díomsa agus m'fheisteas Samhna orm'.

De réir mar a théann siad chun cinn, úsáidfidh na páistí an dath go lánléiritheach chun sonraí, gréasán agus rithim shaibhir éagsúil a chruthú ina gcuid oibre ealaíne. Le taithí úsáidfidh siad dath agus ton chun foirm thríthoiseach i rudaí a chur in iúl, agus tástálfaidh siad leis na dathanna teolaí agus fionnuara agus le toin chun spás i ndoimhneacht ar leathanach a chur in iúl.



Péinteáil a thaispeánann dath a ritheann go réidh

# Eiseamláir 14

## Péinteáil: 'Eachtra'

ranganna 3 agus 4

### Céim 1: An spreagadh

- Tá an-tábhacht ag baint leis an réamhrá agus an spreagadh a thugann an múinteoir anseo. Insíonn nó léann sé/sí scéal go pointe áirithe agus ansin deir sé/sí: 'Péinteáiligí a bhfeiceann sibh. Péinteáiligí an chéad rud eile a tharlóidh.' Leagtar béim ar ghnéithe amhairc agus atmaisféir. Cén saghas lae atá ann? Cén saghas áite?



Meandar as scéal eachtraíochta á ghabháil

- Féachann na páistí ar phéinteálacha roinnt ealaíontóirí a bhfuil cuid den scéalaíocht iontu, mar shampla péinteálacha uaimhe, péinteálacha Giotto nó Sydney Nolan.

### Céim 2: An ghníomhaíocht

- Spreagtar na páistí le roinnt de na fíoracha nó rudaí a phéinteáil cuibheasach mór, in ionad léargas iomlán ar an scéal a thabhairt.
- I radharc, marcálann siad, ar dtús, an pointe ina gcríochnaíonn an talamh agus a dtosaíonn an spéir. Spreagtar iad chun cuidiú lena chéile trí staidiúirí an-ghearra a dhéanamh dá chéile nuair atá fíor-aicsean ag teastáil ó aon duine.

### Céim 3: Measúnú

Taispeánann na páistí a gcuid péinteálacha agus pléann siad iad. Filleann siad orthu agus iad triomú lena chinntiú an bhfuil siad críochnaithe nó nach bhfuil.

# Eiseamláir 15

## Péinteáil: 'An geimhreadh' ranganna 5 agus 6

### Céim 1: An spreagadh

- Spreagtar na páistí le féachaint go géar an fhuinneog amach ar an radharc agus le breathnú (i séasúr) ar chruthanna agus ar dhathanna an chlóis scoile, na scamall, na ngort, na sléibhte, na bhfoirgneamh, b'fhéidir chun scáthanna fada a thabhairt faoi deara de bharr na gréine ísle agus scáthchruthanna na gcrann lom dorcha. Má tá sneachta ann, spreagtar iad lena fháil amach conas mar a fhrithchaitear dathanna rudaí nach bhfuil dath bán orthu i mbáine an tsneachta.
- Spreagtar iad chun samhlaoidí a mhúscailt a bhaineann siadsan le súgradh sa gheimhreadh: ag dul síos cnoc sneachtúil ar charr sleamhnáin ar luas lasrach; ag dul síos cosán oighriúil ar nós na gaoithe; an taitneamh troda le liathróidí sneachta; éadach teolaí geal geimhridh á gcur orthu.
- D'fhéadfadh gur tuilleadh spreagtha é féachaint ar an gcaoi a léirmhínítear radhairc gheimhridh san ealaín, mar shampla i saothar Monet, Turner nó Breughel.

### Céim 2: An ghníomhaíocht

Agus iad ag obair, spreagtar na páistí le smaoineamh agus labhairt ar

- na hábhair agus na huirlisí a d'úsáidfidís: raon de dhathanna teolaí agus fionnuara a roghnú nó a mheascadh i bpéint, i gcriáin, i bpastail nó i meáin mheasctha chun tírdhreacha nó dreacha cathrach fuara/geala/gruama, fuinneoga ar shiopaí tarraingteacha agus éadach teolaí a chur in iúl; obair ar pháipéir ar dhathanna éagsúla, mar shampla radharc sneachta a phéinteáil ar pháipéar dubh.

Más radharc sneachta é an suíomh, is féidir iad a spreagadh le smaoineamh agus labhairt ar:

- conas mar a bhraithfeadh sé a bheith ar charr sleamhnáin? Cé a bheadh páirteach sa spraoi? Conas a chuirfí fuinneamh sa cholainn? Dreacha aghaidhe; cén chuma a bhíonn ar ghruaig agus ar éadach agus tú ag gluaiseacht go tapa; conas dathanna agus toin a mheascadh chun na gluaiseachtaí seo a ghabháil. An mbeadh dath bán ar fad ar an sneachta? Cad iad na dathanna a chuirfeá leis an mbán chun na toin seo a chruthú? An gcaithfeadh gach duine liathróidí sneachta san am céanna? Cad eile a bheadh ar siúl acu? Conas a chuirfidh tú in iúl go bhfuil roinnt de na fíoracha agus rudaí níos cóngaraí don fhéachadóir agus roinnt acu níos faide i gcéin? Cuirfidh péinteáil mhór in iúl gur faoi spraoi agus faoi ghníomhaíocht atá an pictiúr, le sneachta mar chúlra aige.

### Céim 3: Measúnú

- Spreagtar na páistí le labhairt ar a bpictiúir féin agus ar chinn na bpáistí eile. Labhraíonn siad ar cad a bhí siad ag iarraidh a chur in iúl, an cinneadh a tógadh i rith an phróisis agus ar cad é is mó a thaitníonn leo i saothar daoine eile.



Péinteálacha de 'Chluichí Geimhridh' a rinne páistí

## Is féidir gur i measc na n-ábhar daite a bheidh

- péint teampara
- criáin
- pastail ola
- pinn luaidhe dhaite
- dúigh

# Ag díriú ar ábhair agus ar uirlisí

Is féidir gur i measc na n-ábhar daite a bheidh péint teampara, criáin, pastail ola, pinn luaidhe dhaite agus dúigh, de réir leibhéal thaithí na bpáistí. Bainfidh páistí níos óige taitneamh as taithí thadhlach na péinte, ag úsáid éagsúlacht uirlisí dóibh, mar shampla scuaba, maidí agus spúinsí. Bheadh éagsúlacht páipéir atá comhchosúil leis na cinn a mholtar le haghaidh na líníochta oiriúnach don obair seo.

Úsáideann páistí ag leibhéal na naíonán an dath le barr taitnimh. De bharr spreagtha déanfaidh siad rianta agus cruthanna atá saor agus spontáineach. D'fhéadfadh go dtosódh ceachtanna iniúchta datha leis na bundathanna (an dearg, an buí agus an gorm) i bpéint, ag úsáid datha amháin san am le beagáinín den dá cheann eile chun go dtiocfadh eolas chucu ar fhineáltacht lí. De bharr taithí tiocfaidh siad ar an draíocht a bhaineann le dathanna nua a chruthú agus iad ag meascadh péinte. Déanfaidh páistí le breis taithí tástáil le dathanna comhlántacha (mar shampla an dearg agus an uaine) chun torthaí beoga a chruthú agus le dathanna maolaithe le haghaidh torthaí níos ciúine.

Iniúchfar bealaí chun an spás a chur in iúl ar leathanach le dathanna teolaí (mar shampla flannbhuí-dhearga agus buíonna, a 'théann chun cinn') agus dathanna fionnuara (mar shampla gorma agus uainí, a 'chúlaíonn'). Iniúchfar bealaí freisin chun torthaí uigeachta a chruthú trí scuab agus péint a úsáid i gcomhair éagsúlachta uigeachta. Is féidir go n-iniúchfar iarrachtaí ar an bhfoirm a chur in iúl trí dhath agus trí thon a úsáid nuair a bheidh dóthain forbartha déanta ar chumhachtaí breathnóireachta na bpáistí agus ar a bhfeasacht ar chaolchúiseanna datha agus toin. Thabharfadh staidéar ar an dath deiseanna do na páistí ar raon dathanna agus ton laistigh d'achar datha a chruthú.

## Ag obair as breathnóireacht agus as fiosracht

Cuidíonn deiseanna ar an dath a thabhairt faoi deara sa timpeallacht le

- feasacht amhairc a fhorbairt
- íogaireacht don dath a fhorbairt
- fiosrúchán agus anailís a dhéanamh ar an dath sa timpeallacht nádúrtha agus thógtha.

Cé gurb iad déanamh na rianta agus forbairt na siombailí a ghabhann intinn an pháiste go luath, is é an dath a mheallann iad. Tá sé riachtanach dá bharr sin cuidiú leo feasacht don dath sa gharthimpeallacht a fhorbairt chomh luath agus is féidir, agus cuidiú leo na bundathanna agus na dathanna tánaisteacha, chomh maith leis na cinn níos éadroime agus níos dorcha, a aithint. Chun a dtaithí ar an dath a leathnú imrítear cluichí le héagsúlacht ábhair daite, an fhabraic agus an snáithín san áireamh, ina sórtáiltear agus ina gcomhoiriúnaítear dathanna dá chéile. Le treorú, tosóidh siad ag tabhairt caolchúiseanna na ndathanna faoi deara. De réir mar a théann siad chun cinn éiríonn breathnóireacht agus anailís ar an dath sa timpeallacht níos tábhachtaí. Is cabhair é gnáthúsáid dathanna comhlántacha, comhghaolmhara agus neodraithe (maolaithe) a thabhairt faoi deara, agus deiseanna a bheith acu ar iad a thástáil, chun na torthaí is féidir a chruthú le dath a thuiscint.

Tá sé tábhachtach go mbeidh an-chuid deiseanna ag na páistí ar fhéachaint go haireach ar shaothar ealaíontóirí, lena fheiceáil conas mar a úsáideann ealaíontóirí an dath agus chun tionchar na sárphictiúr a thaithiú. Baineann siad an-saibhreas as péinteálacha (nó sleamhnáin nó priontaí) a fheiceáil a bhaineann leis an obair atá idir lámha acu nó atá mar spreagadh do thuilleadh oibre nó fiú amháin leis an mbarr aoibhnis a thugann siad. Teastaíonn treorú ó pháistí maidir le féachaint ar phéinteálacha chun go dtuigfidh siad cad a bhí i gceist ag an ealaíontóir agus conas mar a thug sé/sí faoi. Teastaíonn am uathu chomh maith chun machnamh a dhéanamh ar a bhfeiceann siad agus chun a bhfreagairt phearsanta féin dó a dhéanamh. Tá sé tábhachtach go gcuirtear éagsúlacht leathan stíleanna péinteála i láthair na bpáistí. Is féidir le feasacht ar stíleanna ealaíne neamhréalaíocha ó chultúr an Iarthair agus ó chultúir eile cuidiú le hiarrachtaí na bpáistí níos sine a chothromú agus iad i ngleic le réalachas. B'fhéidir go gcuideoidh plé ar luachanna san ealaín agus ar cad is ealaín 'mhaith' ann, agus ar cad iad na suáilcí coibhneasta den eispreiseanachas agus den réalachas san ealaín a fheiceann siad, mar shampla, le féachaint go criticiúil ach go tógálach ar a gcuid oibre féin agus ar shaothar daoine eile.

# Eiseamláir 16

## Péinteáil as breathnóireacht: ábhar neamhbheo

ranganna 5 agus 6

### Céim 1: An spreagadh

- Cuidíonn na páistí le grúpaí de rudaí nádúrtha ar dhathanna glinne agus le cruthanna simplí orthu a chóiriú, mar shampla úlla, piobair ghlasa agus dhearga, trátaí, raidisí, cabáistí glasa agus dearga, oinniúin agus cainneanna. Spreagtar iad le hiad a chóiriú chun go mbeidh cothromaíocht de dhathanna codarsnacha, de chruthanna agus de chlaonchruthanna ann.
- B'fhéidir gurb áis é sceitsí tapa den chóiriú a roghnaigh siad a dhéanamh ó chearnaí radhairc éagsúla chun cuidiú leo a bhfeiceann siad a léirmhíniú, ach bíonn an bhéim fhoriomlán ar an dath.
- Tig le féachaint ar ábhar neamhbheo san ealaín feidhmiú mar spreagadh, m.sh. i saothar Cézanne, Klee, Picasso agus van Gogh.

### Céim 2: An ghníomhaíocht

Agus iad ag obair, agus de réir mar is cuí, spreagtar iad le smaoineamh agus labhairt

- ar na hábhair agus ar na huirlisí a d'úsáidfidís agus mar a d'úsáidfidís iad: péinteanna teampara ar pháipéir d'uigeachtaí éagsúla
- conas mar atá an solas ag titim ar rudaí: An bhfuil achair gheala agus dhorcha ann? An féidir leat toin gheala agus dhorcha a dhéanamh? An féidir leat a fheiceáil cá dtiteann an solas ar roinnt de na baill? Conas a léireoidh tú é sin i do phéinteáil? Cén dath atá ar an scáth, meas tú? An féidir le haon duine dath frithchaite a fheiceáil gar do bhun na dtorthaí? An bhfuil na dearga agus na huainí mar an gcéanna? An bhfuil cuid acu níos teolaí nó níos fionnuaire ná na cinn eile? An féidir na dathanna teolaí agus fionnuara a mheascadh? An bhfuil roinnt de na torthaí nó glasraí os comhair nó laistiar de chinn eile? Conas a thaispeánfaidh tú é sin? An mothódh na rudaí go léir mar an gcéanna? Conas a thaispeánfaidh tú an difríocht?

### Céim 3: Measúnú

- Spreagtar na páistí le labhairt ar a gcuid oibre féin agus ar obair na bpáistí eile; na hábhair agus na huirlisí a úsáideadh; cad a bhí siad ag iarraidh a chur in iúl; na dúshláin a tugadh agus an chinnteoireacht; cad a thaitníonn leo ina saothar féin agus i saothar páistí eile.

Baintear úsáid as rudaí aonair agus an cineál oibre seo ar siúl den chéad uair riamh agus tógtar roinnt ama chun ceithre nó cúig cinn de na dathanna a fheictear a mheascadh, mar cheacht ann féin.



Péinteáil d'ábhar neamhbheo a rinne páiste

## Péint agus acmhainní datha

Is é teampara an meán péinteála is oiriúnaí do chláir ealaíne bunscoile. Is féidir teampara atá ina leacht a chur go furasta, tá cumas clúdaithe maith aige agus is féidir leis torthaí glinne agus caolchúiseanna a chruthú. Tá raon bunúsach iomlán de dhathanna riachtanach le deimhin a dhéanamh de mheascadh agus de chomhoiriúint dhiongbháilte dathanna. Is féidir le páistí tástáil le teampara a mheascadh ar chrián nó pastal, mar shampla, le haghaidh torthaí a chruthú i meáin mheasctha.

Bundathanna

- Dhá dhearg: an corcairdhearg: riachtanach chun corcra a mheascadh
  an flanndearg: riachtanach chun dathanna flannbhuí a mheascadh
- Dhá ghorm: an t-ultramairín
  an spéirghorm nó cyan
- Dhá bhuí: an chaidmiaim
  buí an ócair: dath buí talún
  ba chóir go mbeadh soláthar mór de bhuí ann
- Uaine amháin: viridian
  is féidir uainí éagsúla a mheascadh as na bunbhuíonna agus na bunghorma
- Donn amháin: siaineach dóite
- Bán: a cheithre oiread níos mó ná na cinn eile
- Dubh

Moltar an t-umbar agus buí na líomóide chomh maith, ach gan na dearga agus na gorma a bheith thíos leis. Moltar go mbeidh soláthar mór de na bundathanna ann, ar féidir dathanna flannbhuí, corcra agus doimhneachtaí pastail a mheascadh díobh. Cuireann meascadh dathanna solúbthacht níos mó ar fáil. Forbraítear scileanna agus an-chuid taithí trí bheith ag dréim leis na dathanna agus doimhneachtaí a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach.

Acmhainní datha eile

- Criáin ola
- Pastail ola
- Pinn luaidhe dhaite
- Cailc
- Marcóirí
- Dathanna
- Dúigh
- Páipéar daite, páipéar síoda san áireamh

Uirlisí péinteála

- Lámha agus méara (naíonán)
- Maidí
- Ceirteacha
- Cairtpháipéar
- Spadail phlaisteacha
- Sceana pailéid
- Spúinsí
- Scuaba: tá raon de mhéideanna éagsúla acu ann agus déantar iad as guaire, as móihéar, as gruaig bhog nó as níolón. Ba chóir go mbeadh gach páiste in ann scuab mhór amháin agus ceann beag amháin a úsáid i bpíosa oibre amháin. Ceannaítear na scuaba is fearr dá bhfuil ann.

Páipéar

- Nuachtpháipéar
- Páipéar siúcra
- Páipéar ríomhaire
- Cartús
- Páipéar athchúrsáilte.

## Treoirlínte chun dathanna a mheascadh


Foghlaimíonn páistí tuiscint do dhifríochtaí caolchúiseacha datha trí dhathanna a mheascadh agus trí phéinteáil leo. Foghlaimíonn siad conas dathanna a dhéanamh níos éadroime nó níos dorcha agus, tríd an bpéinteáil, cad iad na cumaisc a thugann torthaí suimiúla nó áisiúla. D'fhéadfaí ceachtanna ar mheascadh dathanna a eagrú go neamhfhoirmiúil mar chuid de rang péinteála. De réir mar a mhéadaítear ar an taithí foghlaimeoidh páistí conas dathanna a anailísiú de bheith ag breathnú orthu agus beidh siad in ann dathanna níos caolchúisí a aithint thar a chéile agus a mheascadh.

Tá roth na ndathanna áisiúil chun staidéar a dhéanamh ar an dath. Freagraíonn ord na ndathanna d'ord na ndathanna sa tuar ceatha. Is féidir na gaolta atá idir na dathanna a fheiceáil nuair a chuirtear i gciorcal iad, as ar féidir rialacha ginearálta maidir le meascadh dathanna agus péinteáil leo a fhorbairt. Beidh suim ag na páistí eolas a fháil ar roth na ndathanna, ach níor chóir cur chuige rótheoiriciúil a chur in ionad gníomhaíochtaí nithiúla iniúchta.

Ní féidir an buí, an dearg ná an gorm a dhéanamh trí líonna eile a mheascadh, agus dá bharr sin tugtar 'bundathanna' orthu. Ach má mheasctar i gcumaisc oiriúnacha iad, is féidir leo gach dath eile a dhéanamh. Is é an rud atá ag teastáil chun meascadh agus péinteáil datha a dhéanamh ná íosmhéid dathanna ar féidir leo cumasc lena chéile chun uasmhéid dathanna a chruthú.

Déantar an flannbhuí, an uaine agus an corcairghorm trí bhundathanna atá le hais a chéile a mheascadh lena chéile, agus tá siad ina luí eatarthu ar roth na ndathanna. Tugtar 'dathanna tánaisteacha' orthu san. Nuair a mheasctar na trí bhundath go léir lena chéile neodraíonn nó maolaíonn siad a chéile, agus, ag brath ar an méid de gach bundath a úsáidtear, soláthraíonn siad liatha nó donna neodracha.

Deirtear go bhfuil dathanna teolaí nó fionnuar, ag brath ar an méid deirg nó goirm, faoi seach, atá iontu.




Taispeánann an léaráid seo go gcomhdhéanann dearg agus buí flannbhuí, dearg agus gorm corcairghorm, agus go gcomhdhéanann gorm agus corcairghorm gorm-corcairghorm.

**Roth na ndathanna**

Is iad na dathanna a théann ón mbuí go dtí an dearg-chorcairghorm na dathanna teolaí. I bpéintéalacha bíonn an chuma orthu go mbíonn siad ag teacht i dtreo an fhéachadóra. Is iad na dathanna sa raon buí-uaine go corcairghorm na dathanna fionnuara. I bpéintéalacha bíonn an chuma orthu go mbíonn siad ag imeacht ón bhféachadóir.

Má tá dathanna gar dá chéile ar roth na ndathanna agus gaol gairid acu lena chéile, mar shampla an dearg, an flannbhuí agus an buí, tugtar dathanna comhchosúla nó gaolmhara orthu. De bharr nach maolaíonn dathanna gaolmhara a chéile nuair a mheasctar iad, mar shampla buíonna agus uainí, is minic gurb é an meascadh an tslí is fearr chun dathanna a éadromú nó a dhorchú gan a ndéine a laghdú.

Má tá dathanna go díreach os comhair a chéile ar roth na ndathanna, mar shampla an dearg os comhair na huaine agus an buí os comhair an chorcairghoirm, tugtar dathanna comhlántacha nó dathanna codarsnacha orthu, is é sin bundath os comhair datha thánaistigh ar meascadh é ón dá bhundath eile atá fágtha. Cruthaíonn siad toradh atá an-drámatúil nuair a chuirtear le hais a chéile iad i bpéinteáil. Agus iad á meascadh lena chéile, maolaíonn nó neodraíonn dathanna comhlántacha a chéile, agus soláthraíonn siad liatha agus donna neodracha.

Tagraíonn 'ton' do ghile nó do dhorchacht an datha. Is cabhair iad toin chun seachmaill an spáis agus na doimhneachta i bpéinteáil nó i líníocht a chruthú agus chun atmaisféar agus codarsnacht a chruthú. Le taithí úsáidfidh páistí dathanna teolaí agus fionnuara, dathanna glé agus maolaithe agus toin gheala agus dhorcha chun torthaí éagsúla chruthú. Beidh leibhéal na caolchúise a mbeifear ag súil leis i meascadh na ndathanna ag brath ar chéim fhorbartha an pháiste san ealaín.

## Ag obair le péint teampara

- Cuirtear an méid is lú den phéint isteach sna gabhdáin phéinte.
- Coimeádtar soláthar de ghabhdáin nó de phailéid ghlana (gabhdán an páiste ar a laghad) leis na péinteanna a mheascadh.
- Spreagtar na páistí chun an phéint sa bhreis a chuimilt dá scuaba isteach sna gabhdáin phéinte.
- Nuair atáthar ag glanadh na scuab i rith seisiúin phéinteála, spreagtar na páistí leis an bhfarasbarr uisce a fháscadh amach chun stop a chur le lagú na ndathanna.
- Clúdaítear gabhdáin phéinte oscailte le plaisteach nó le scragall chun iad a choinneáil tais idir sheisiúin phéinteála.
- Ná fágtar choíche scuaba ina seasamh in uisce.
- Úsáidtear a lán gabhdán beag le clúdaigh orthu ar féidir le buíon páistí péint a scaobadh amach astu ar a dtráidirí measctha gan rianta na ndathanna eile a fhágáil sna gabhdáin.

# Priontáil

Freagraíonn páistí go fonnmhar do shamhlaoidí dathannacha priontáilte a mheallann an tsúil i bhfógraíocht, i bpacáistiú, i bhfabraicí agus i leabhair phictiúr. De réir mar a fhorbraítear a gcumhachtaí breathnóireachta agus idirdhealaithe tosaíonn siad ag tuiscint conas mar a úsáidtear an tsamhlaoid phriontáilte sa domhan atá timpeall orthu agus conas í a úsáid iad féin. Is é atá i gceist le priontaí a dhéanamh ag an mbunleibhéal ná cruthanna, spásanna, gréasáin agus uigeacht a chruthú, a eagrú agus a chothromú. D'fhéadfadh go mbeadh raon de shamhlaoidí simplí aonair go dearaí atá an-fhorbartha i gceist. Is féidir tógáil orthu seo trí chruthanna, trí uigeachtaí nó trí dhathanna a chur ina bhforluí nó le hais a chéile, agus ba chóir gurb iad cruthanna simplí deimhnitheacha an toradh foriomlán.

Ar nós na péinteála, ba chóir go mbeadh deiseanna ag na páistí ar fhéachaint ar éagsúlacht leathan de rudaí nádúrtha agus monaraithe agus iad a thadhall, rudaí a dhíríonn an aird ar an gcruth, ar an ngréasán, ar an uigeacht agus ar an dath. Ba chóir iad a spreagadh le labhairt ar na comhchosúlachtaí agus na difríochtaí a dtagann siad orthu agus lena fháil amach conas a d'fhéadfaidís iad a léirmhíniú i ndearadh prionta.

Is tríd an taithí atá faighte acu sa líníocht agus sa phéinteáil a thuigfidh siad an gá atá le tástáil a dhéanamh ar éagsúlacht ábhair agus uirlisí prionta lena fheiceáil cad iad na torthaí is féidir leo a chur i gcrích. Tá sé tábhachtach chomh maith go dtuigeann páistí na difríochtaí idir dromchlaí péinteáilte agus priontáilte agus go dtuigeann siad dóibh, mar go mbeidh tionchar aige seo ar an úsáid a bhainfidh siad as meáin chun priontaí a dhéanamh agus conas mar a eagróidh siad a gcuid dearthaí prionta. Chun é seo a shoiléiriú is cabhair é féachaint ar shamplaí de shamhlaoidí priontáilte atá le feiceáil timpeall orthu agus ar shaothair ealaíontóirí a úsáideann an cruth, an uigeacht agus an dath chun samhlaoidí agus dearaí a chruthú.

## Pointí tosaigh i gcomhair priontaí a dhéanamh

Tionscadal riachtanach ar an bpriontáil is ea tástáil le hábhair agus le huirlisí lena fháil amach cad is féidir a dhéanamh leo. Go dtí go mbíonn tuiscint acu air seo ní féidir le páistí tús a chur le dearadh don mheán. Dá bharr seo moltar ábhair agus uirlisí agus obair lucht déanta priontaí a iniúchadh mar phointí tosaigh níos oiriúnaí chun smaointe a chur in iúl mar shamhlaoidí priontáilte.

## Ag díriú ar ábhair agus ar uirlisí

Tugann díriú ar ábhair agus ar uirlisí déanta priontaí deiseanna do pháistí

- ar thaitneamh a bhaint as an gcorraitheacht a ghabhann le teacht ar rianta priontaí
- ar roghanna a dhéanamh d'ábhair agus de theicníochtaí.

Bheadh aon rud nádúrtha nó monaraithe a mbeadh cruth nó uigeacht shuimiúil orthu oiriúnach do phriontaí a dhéanamh. Is áisiúil é bailiúcháin de bric-à-brac atá oiriúnach do dhéanamh priontaí a stóráil i mboscaí. Chuimseodh sé seo cairtpháipéar gan ghréasán nó rocach, ceirteacha fabraice (heiseán, mar shampla), páipéar balla uigeach, sreangán, adhmad agus páirteanna de sheanuirlisí, gléasanna agus innill. Bheadh éagsúlacht de pháipéar, de chairtpháipéar agus d'fhabraic i measc na ndromchlaí a d'oirfeadh don phriontáil. Is féidir dúch atá intuaslagtha in uisce nó péint teampara a úsáid; maidir le péint, b'fhéidir gur gá í a thiubhú le gallúnach leachtach nó le gliú PVA chun dlús atá greamaitheach go leor a chruthú nó chun nach dtriomóidh sé go róthapa.

I measc na n-acmhainní do dhéanamh na bpriontaí sa churaclam seo bheadh:

- dúch priontála uiscebhunaithe
- rollóirí priontála
- péint teampara
- pillíní boga chun an dúch a aistriú go dromchla priontála
- scuaba chun péint a aistriú go dromchla priontála
- dromchlaí réidhe neamhscagacha chun an dúch a rolladh amach orthu, mar shampla gloine, Perspex, Formica, miotal, leacáin chriaga gan ghréasán, aiceatáit
- bailiúchán de rudaí nádúrtha agus aimsithe chun priontaí a dhéanamh
- crián bán nó coinneal chéarach
- pastail ola
- scagairí le haghaidh scagchlóbhualadh
- éagsúlacht de pháipéir, de cairtpháipéar agus d'fhabraicí le priontaí a chur orthu
- nuachtpháipéar nó oléadach chun dromchlaí na hoibre a chlúdach.

## Pointí tosaigh praiticiúla do phriontaí a dhéanamh

Molann an curaclam éagsúlacht sa chur chuige déanta priontaí. Is iad seo a leanas iad:

- priontáil rilífe, agus san áireamh beidh
  - priontáil ina n-ardaítear dromchla an phrionta trí rudaí a ghreamú de, mar shampla sreangán
  - priontáil ina n-ardaítear dromchla an phrionta trí ghearradh timpeall air, mar shampla priontaí le práta
  - priontáil rilífe a fhorbraítear níos faide trí roinnt de na hachair phriontáilte a chumhdach agus prionta eile a dhéanamh
  - priontáil rilífe a dhéantar le dearaí gearrtha i leaca cré, nó le rudaí uigeacha atá brúite isteach sa chré
  - cuimilteáin
- monaiphriontáil
- stionsaláil, agus scagchlóbhualadh mar fhorbairt ar an teicníocht sin.

Is féidir gníomhaíochtaí traidisiúnta scoile, ar nós aistreog i gcrián céarach, céirdhíonadh agus cuimilteán, a úsáid mar theicníochtaí chomhthreomhara leis an bpriontáil agus is féidir, fiú, iad a chumasc le priontáil ar son éifeachtaí i meáin mheasctha. Is gníomhaíocht mhaith tionscnaimh nó ceann atá comhthreomhar le priontáil é cuimilteáin a dhéanamh. Is féidir iad a thógáil d'an-chuid dromchlaí éagsúla agus is féidir iad a úsáid chun aird a dhíriú ar uigeacht agus ar ghréasán. Is féidir roinnt den obair a dhéantar a choinneáil le haghaidh oibre colláise, agus is féidir leis na páistí forbairt níos mó a dhéanamh ar chuid eile trí líniú orthu le marcóirí nó trí iad a úsáid chun priontáil orthu. Is féidir 'Cuimilteáin phictiúrtha' a dhéanamh chomh maith trí chruthanna (teibí nó atá bunaithe ar théama) a líniú, a ghearradh amach agus a eagrú. Cuirtear iad faoi leathanach de pháipéar tréshoilseach agus cuimlítear iad le taobh de chrián dorcha. Is féidir na cruthanna a bhogadh thart, a athdhéanamh, a chur ina bhforluí ar a chéile nó a chur sa treo eile de réir mar a fhásann an chumadóireacht. Ba chóir an obair a chur ar leathán boinn. Feabhsaítear an tuiscint ar chruth, ar uigeacht agus ar chumadóireacht tríd an bpróiseas seo.

## Tástálacha tosaigh i ndéanamh priontaí

D'fhéadfadh go gcuimseodh siad seo priontáil ó éagsúlacht de rudaí aimsithe, buidéil phlaisteacha, giotaí adhmaid nó rudaí ar a bhfuil uigeacht nó gréasán ardaithe, ag úsáid dúch priontála uiscebhunaithe nó péint teampara thiubhaithe. Is cabhair do na páistí é tosú leis an aon dath amháin chun díriú ar thorthaí mheán na priontála. Níos faide anonn is féidir dathanna eile a thabhairt isteach. Ba chóir na páistí a spreagadh leis na priontaí a rinneadh a iniúchadh agus labhairt orthu agus lena shamhlú cén saghas prionta a dhéanfadh rud áirithe. Is féidir leo tástáil le héagsúlacht de phriontaí ó roinnt rudaí, ag déanamh staidéir ar thorthaí a gcurtha le hais a chéile, á rothlú trí éagsúlacht fhairsing d'uillinneacha agus prionta amháin a chur anuas ar cheann eile agus dath nua in úsáid acu. Is féidir leo, mar chlabhsúr, cumadóireachtaí prionta níos diongbháilte a dhéanamh—idir theibí agus mhacasamhlach—trí phriontaí de rudaí aimsithe a chur le chéile.


*Sa phlé ar an bprionta críochnaithe is féidir go mbeidh áit lárnach ag suí agus cothromú na gcruthanna agus na n-uigeachtaí.*

## Bloic phriontála a dhéanamh do phriontáil rilífe

Is féidir é seo a dhéanamh go simplí trí fhuíollghearrthóga de chairtpháipéar, d'éadach nó d'ábhar tanaí eile—sreangán nó líontán, mar shampla—a roghnú, a eagrú agus a ghliúáil de bhonn cairtpháipéir agus prionta a dhéanamh. Cuirtear mothú doimhneachta agus an iliomad sraitheanna in iúl trí chruthanna níos lú a ghliúáil anuas ar chinn níos mó. Is féidir an dúch a rolladh amach go réidh cothrom ar leathán de phlaisteach crua agus é a aistriú go dtí dromchla na priontála.

Sa phlé ar an bprionta críochnaithe is féidir go mbeidh áit lárnach ag suí agus cothromú na gcruthanna agus na n-uigeachtaí, mar shampla, agus ní fada go dtabharfaidh páistí faoi deara go dtagann a gcuid cumadóireachtaí amach droim ar ais. Is féidir go leanfaidh ceacht é seo ina ndéanfaidh páistí cruthanna a líniú, a ghearradh amach agus a eagrú de réir a ndeartha féin, ag cur uigeachta agus líne (sreangán mar shampla) leis de réir mar is maith leo. Moltar cumadóireachtaí teibí chomh maith le cinn atá bunaithe ar théama. Is féidir úsáid a bhaint as bloic ar scála níos lú a dhéantar ar an mbealach céanna i stampáil phriontaí, mar shampla chun gréasán athdhéanta a chruthú mar dhearadh le haghaidh páipéir fhillteáin nó fabraice. Is féidir dúch do phriontáil fabraice a úsáid má táthar ag priontáil ar fhabraic.

Is féidir bloc rilífe a dhéanamh chomh maith trí achair bheaga a ghearradh amach, ar nós an phrionta thraidisiúnta le práta. Tá an scála anseo beag agus doláimhsithe do pháistí óga. Ba chóir don mhúinteoir bheith aireach gan siombailí buanchruthacha a chur ar fáil, ar nós réaltaí, gealacha, triantáin nó seamróga, agus ina n-ionad sin ba chóir na páistí a spreagadh le tástálacha a dhéanamh le cineál gearrtha atá ceannoscailte agus teibí, rud is féidir a chur i gcrích níos fusa agus is féidir a chur le chéile ar bhealaí níos suimiúla.


Fótaiphrionta a rinne páiste i rang 2

Is ábhar an-áisiúil í an chré chun priontaí a dhéanamh mar is féidir léi cló a thógáil agus is féidir gearradh isteach inti go han-fhurasta. Féadann na páistí dearaí agus cumadóireachtaí a chruthú trí rudaí a bhrú isteach i leac chré atá 12 cm faoi 16 cm, trí dhúch priontála a rolladh air ar fad agus prionta a thógáil. Is féidir leis na páistí chomh maith líniú isteach sa chré le ceann scuaibe péinte agus é a ghearradh amach, ag fágáil a gcuid cruthanna línithe ina seasamh, agus tagann siadsan amach ina samhlaoid dhearfa. Is féidir cruthanna cré a ghearradh amach agus a chur ar bhonn cré le haghaidh priontála. Úsáidtear crann fuinte go han-chaoin chun an dromchla a mhíniú sula gcuirtear an dúch air. Ba chóir go mbeadh dlús níos daingne ag an gcré ná mar a úsáideann na páistí de ghnáth i gcomhair criadóireachta agus dealbhóireachta. Cuirtear leathanach páipéir ar an dromchla ar a bhfuil an dúch agus cuimlítear go han-chaoin é leis an gcuid bhog den bhos. Ba chóir páistí a chur san airdeall ar bhaol leactha a gcuid oibre.

Chomh maith le bheith ag priontáil ar leathanaigh ghlana, is féidir úsáid a bhaint as seantástálacha priontála nó cuimilteáin le priontáil orthu ar son éagsúlacht na dtorthaí suimiúla, agus dath eile in úsáid acu. Is féidir achair den rud bunaidh a chumhdach trí stiallacha páipéir nó cruthanna páipéir atá gearrtha de réir dhearadh an pháiste a chur air go sealadach i rith an dara priontáil.

## Monaiphriontaí

Is é atá i monaiphrionta ná prionta a dhéantar aon uair amháin. Is iomaí slí atá ann chun monaiphriontaí a dhéanamh:

- trí scannán tanaí de dhúch priontála a rolladh amach ar bhlúire de leathán righin plaisteach nó ar rud cosúil leis. Línítear isteach sa dúch ansin le huirlisí seiftithe ar son éagsúlacht na dtorthaí agus tógtar prionta
- is féidir monaiphrionta a dhéanamh de líníocht níos sonraíche ar bhealach atá go mór mar an gcéanna. Rolltar amach sraith de dhúch priontála atá an-tanaí go deo agus cuirtear leathanach páipéir anuas air. Suítear líníocht an pháiste air seo ansin agus rianaítear air seo, nó cuirtear an líníocht go díreach ar an dúch agus rianaítear air chun go ndéantar prionta ar an taobh eile de, nó cuirtear leathanach glan ar an dúch agus línítear go díreach air ar son prionta láithrigh ar an taobh eile de
- is féidir achair de dhromcla ar a bhfuil dúch a chumhdach le scáthchruthanna, cruthanna nó stionsail atá gearrtha as páipéar sula gcuirtear leathanach páipéir anuas air agus go dtógtar prionta. Is féidir é seo a chomhcheangal le foirmeacha eile priontála.

Bítear aireach gan lámh a leagan ar an bpáipéar agus an tsamhlaoid á rianú. Ba chabhair é lámh na líníochta a chur ina luí ar 'dhroichead' a dhéantar as rialóir atá ina luí ar dhá cheap adhmaid. Ba chóir an páipéar a bhaint de go haireach.

# Eiseamláir 17

## Monaiphrionta a dhéanamh

ranganna 5 agus 6

### Céim 1: An spreagadh

- Féachann na páistí go grinn ar rudaí nádúrtha agus monaraithe. Chuideodh lorgán radhairc le hachar a leithlisiú mar bhunús deartha. Léirmhínítear an dearadh ansin i líníocht líne nó mar chruthanna réidhe, ag tabhairt aire chomh maith do na cruthanna a thagann chun cinn idir chruthanna.
- D'fhéadfadh gur spreagadh dóibh é féachaint ar phriontaí ealaíne (m.sh. saothar Toulouse-Lautrec nó Andy Warhol) agus ar phóstaeir agus fógraí in irisí agus in áiteanna poiblí.

### Céim 2: An ghníomhaíocht

- Agus iad ag obair, spreagtar na páistí le smaoineamh agus, má théann a gcuid smaointe i ndísc, le labhairt ar phróiseas na monaiphriontála mar a leagtar amach thuas é.

### Céim 3: Measúnú

- Spreagtar na páistí le labhairt ar a gcuid oibre féin agus ar shaothar páistí eile maidir le cruthanna, gréasáin agus dathanna; conas mar a úsáideadh ábhair agus uirlisí; conas mar a fuasclaíodh fadhbanna; cad é is fearr a thaitníonn leis/léi ina s(h)aothar féin agus i saothar daoine eile; a c(h)uid monaiphriontaí a chur i gcomórtas le stionsail a rinneadh roimhe seo.



Ag déanamh monaiphrionta

## Stionsaláil

Leathanach de pháipéar greamaitheach inbhogtha is ea stionsal a bhfuil dearadh gearrtha isteach ann. Cuirtear ar leathanach páipéar é agus cuirtear péint air, agus mar go ngreamaíonn sé den leathanach coscann sé ar an bpéint dul thar an gcruth gearrtha. Is slí shimplí ach suimiúil é do pháistí chun tástálacha a dhéanamh le cruth agus dath agus chun teacht ar bhealaí ar iad a chumasc san aon dearadh amháin nó i ngréasán athdhéanta. Is féidir an phéint a smearadh air, a chur air le spúinse, í a cháitheadh nó í a mhionbhreacadh le scuab stionsail nó le seanscuab fhiacla chun toradh tréshoilseach seachas ceann teimhneach a fháil. Is féidir gnáthstionsal páipéir a úsáid agus a cháitheadh le dath. B'fhéidir go mbainfidh páistí le breis taithí úsáid as raon beag de dhathanna agus de thoin, ag obair ón gceann is éadroime go dtí an ceann is dorcha, agus tugann na dathanna lagaithe atá ina bhforluí ar a chéile meascáin shuimiúla datha. Más féidir, triomaítear an phéint sula mbaintear an stionsal chun an smearadh a sheachaint. Is féidir na stionsail a chur i líne nó ina bhforluí chun gréasán athdhéanta a chruthú. Féadtar litreacha agus uimhreacha móra deimhneacha atá deartha le haghaidh póstaer faoi imeachtaí scoile a bhfuil spéis ag na páistí iontu a dhéanamh le stionsail. Féadtar roinnt oibre ullmhúcháin ar litreoireacht airgtheach a dhéanamh, ach ba chóir tús áite a thabhairt don tsoléiteacht.


Scagchlóbhualadh

## Scagchlóbhualadh

Tionscnamh maith ar scagchlóbhualadh is ea stionsaláil.

- Cuirtear stionsal ar leathanach atá curtha faoin scagaire.
- Leagtar stiall de dhúch trasna bharr an scagaire agus scaiptear í le tarraingt láidir réidh de *squeegee*.
- Cruthaítear an tsamhlaoid trí achar an dúigh agus an t-achar a cosnaíodh ar an dúch a chomhcheangal.
- D'fhéadfaí lorgán radhairc a úsáid chun cuid de líníocht nó sceitse a leithlisiú agus ba chóir go n-athléirmhíneofaí é seo mar chruthanna réidhe agus go n-úsáidfí é mar bhunús an deartha.
- Is féidir péint teampara a úsáid i scagchlóbhualadh.

Is é atá sa scagaire ná fráma ar a rítear agus ar a gcreimneáltar blúire orgáindie. Is rud é an *squeegee* atá cosúil le glantóir fuinneoige ar a bhfuil lann rubair. Is féidir stiall de chairtpháipéar crua, atá thart ar 6 cm ar a dhoimhne agus chomh leathan leis an scagaire, a úsáid ina ionad, le téip ghreamaitheach uiscedhíonach ag cosaint thaobh na lainne.

## Céirdhíonadh

Chabhródh teicníocht choitianta an chéirdhíonta chun tuiscint a thabhairt do pháistí ar theicníocht na liteagrafaíochta agus na baitíce chomh maith. Ba chóir na páistí a spreagadh le smaoineamh ar an tsamhlaoid nó ar an dearadh ba mhaith leo a chruthú le crián céarach (bán) nó le coinneal, agus a nochtfar nuair a chuirfidh siad leachtbhrat tanaí de phéint air le scuab.

## Aistreog i gcrián céarach

Is féidir le páistí an próiseas seo a úsáid chun dearadh a aistriú go páipéar nó fabraic. Ba chóir iad a spreagadh leis an bpáipéar a chumhdach go tiubh le bloic nó le bandaí de dhathanna geala chun go bpriontáiltear líníocht gheal dhaite ar an taobh eile de nuair a chuirtear leathanach eile anuas air agus nuair a línítear air. Is féidir dearadh a aistriú go fabraic freisin trí chrián céarach a bhfuil dath fabraice ann a úsáid. Ba chóir a chur i gcuimhne do na páistí go bpriontáiltear droim ar ais é mar go gcuirtear an dearadh línithe béal faoi ar an bhfabraic.

## Fótagraim

Is é atá i bhfótagram ná samhlaoid a dhéantar i seomra dorcha (cófra nó clúid, mar shampla) nó a dhéanann gléas fótachóipeála nuair a chuirtear rudaí ar pháipéar solas-íogair (grianghrafach) agus a gcuirtear i láthair solais ar feadh tréimhse giorra iad. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as éagsúlacht rudaí nádúrtha agus monaraithe a bhfuil cruthanna, gréasáin agus uigeachtaí suimiúla acu (mar shampla duilleoga, féara, fáiscíní páipéir, cipíní solais, scriúnna, cnónna, ribíní, cruthanna de pháipéar stróicthe, cruthanna gearrtha agus stionsail na bpáistí). Ba chóir na páistí a spreagadh le smaoineamh ar na torthaí is féidir leo a bhaint amach, agus ba chóir machnamh ar leith a dhéanamh ar achair a phriontálfaidh amach geal nó dorcha.

# Cré

Ábhar corraitheach solúbtha is ea an chré a dtaitníonn a cuid tréithe tadhlacha le páistí óga láithreach bonn. Tá léim samhlaíochta ag teastáil chun smaoineamh go tríthoiseach, agus de bharr a nádúir phlaistigh sholúbtha is ábhar den chéad scoth í an chré chun foghlama ar an bhfoirm. Cuireann obair i gcré deiseanna ar fáil ar thuiscint ar fhoirm a chur in iúl tríd an gcriadóireacht, an dealbhóireacht agus teicníochtaí cumasctha. Chomh maith leis sin is ábhar an-oiriúnach í chun uigeacht a chruthú agus chun obair i bhfoirm, in uigeacht agus i ngréasán a chumasc. Cuireann tógáil le leaca deiseanna ar fáil ar thástáil eagrú aonad i spás mar mhodh eile tógála.

Ba chóir go leor ama a thabhairt do ghnéithe dealbhóireachta agus ceardaíochta na cré, ach de dhíth tornóige ba chóir an bhéim a leagan ar chur in iúl tríd an dealbhóireacht. Tá sé tábhachtach chomh maith go gcuirtear na páistí ar an eolas faoi raon leathan de chriadóireacht agus de dhealbhóireacht cheardaíochta. Ar nós na péinteála agus na líníochta, is féidir filleadh ar an gcré mar mheán go mion minic. Moltar *papier mâché* freisin mar mheán eile chun an fhoirm a fhorbairt, go háirithe d'obair ar scála mór le páistí le breis taithí.



Ag obair ar struchtúr leac-thógtha

*Ba chóir an bhéim a leagan ar chruthú foirme agus ar roinnt de thréithe riachtanacha an ruda nó na fíorach a ghabháil, mar atá neart, cruinne, míne agus urrúntacht.*

### Pointí tosaigh chun foirm a fhorbairt i gcré

Chuimseodh na pointí tosaigh

- oibriú as taithí agus as samhlaíocht na bpáistí
- díriú ar ábhair agus ar uirlisí
- oibriú as breathnóireacht agus as fiosracht.

## Ag obair as breathnóireacht agus as samhlaíocht

Ábhair den chéad scoth d'obair i gcré is ea créatúir shamhailteacha as scéalta, as dánta, as amhráin, as drámaíocht, as sraitheanna teilifíse, as geamaireacht nó as an sorcas, chomh maith le cairde, baill agus peataí an teaghlaigh. Ba chóir na páistí a spreagadh le fíoracha teanna a chruthú ar féidir iad a chur ina suí nó ina seasamh ina n-aonar, nó tiocfaidh frustrachas orthu nuair a gheobhaidh siad amach go dtitfidh a bhfíoracha as a seasamh. Ba chóir an bhéim a leagan ar chruthú na foirme agus ar roinnt de thréithe riachtanacha an ruda nó na fíorach a ghabháil, mar atá neart, cruinne, míne, nó urrúntacht. D'fhéadfadh go mbeadh obair i mbuíonta oiriúnach ó am go chéile ina roinnfeadh páistí a smaointe lena chéile agus téama nó tionscadal á fhorbairt acu.

Ba chóir go mbeadh deiseanna ag páistí ar dhealbhóireacht (nó sleamhnáin nó priontaí) de stíleanna agus de réanna éagsúla a fheiceáil, mar shampla saothar Moore, Rodin, Michelangelo, agus Brancusi, chomh maith le criadóireacht ó Mheiriceá Láir agus Theas réamh-Cholambach agus ó mhuintir Benin agus Ashanti na hAfraice.

# Eiseamláir 18

## Cré: fíor dhaonnúil shamhlaíoch — ranganna 1 agus 2

### Céim 1: An spreagadh

- Spreagtar na páistí le labhairt ar an bhfíor ba mhaith leo a chruthú: d'fhéadfadh go mbeadh draoi ann, nó taistealaí ama ón todhchaí, nó oifigeach ó réaltra eile.
- Déanann siad machnamh ar an bhfíor a dhéanamh le róbaí fada uirthi nó í ina suí. Cén fáth arbh fhearr é an fhíor a dhéanamh mar sin? An féidir leat smaoineamh ar aon slí eile ar í a dhearadh chun go mbeidh sí daingean agus chun nach dtitfidh sí? Cén saghas domhain as a dtagann an neach? An mbeidh sé ard agus maorga, ramhar, dingthe, turcánta nó cneasta? Cén saghas éadaigh nó trealaimh a chaithfidh sé?
- Roinnt laethanta roimh ré nó ina dhiaidh ba chóir go mbeidh deis acu ar phriontaí nó sleamhnáin a fheiceáil de *Habakkuk* le Donatello, *Balzac* nó *Cathróirí Calais* le Rodin, mar shampla. D'fhéadfaí iad seo a chur i gcomórtas le fíoracha arda an-líneacha Giacometti. Rachaidh cáilíocht léirithe na saothar seo i bhfeidhm ar na páistí agus spreagann an múinteoir iad le labhairt air. Taispeántar saothar dóibh de cháilíocht ard seachas obair lagmheasartha a bhféadfadh cuma álainn nó tharraingteach éadomhain a bheith uirthi.



Obair páiste i gcré

### Céim 2: An ghníomhaíocht

- Moltar éagsúlacht agus an-chuid sonraí. Agus iad ag obair, cuirtear i gcuimhne do na páistí an píosa a choinneáil dlúth, mar go mbristear rudaí caola a ghobann amach de a fhad agus atá an fhíor á triomú. Spreagtar iad freisin le breathnú ar a gcuid oibre ó gach taobh de réir mar a théann sí ar aghaidh.

### Céim 3: Measúnú

- Spreagtar na páistí le labhairt ar a n-obair: cad a bhí siad ag iarraidh a chur in iúl agus cad é is fearr a thaitníonn leo fúithi agus faoi shaothar daoine eile.

*Ba chóir an-chuid deiseanna a bheith ag páistí ar an meán a iniúchadh ach gan a bheith orthu rud áirithe 'críochnaithe' a sholáthar.*

## Ag díriú ar ábhair agus ar uirlisí

Déantar forbairt ar ábaltacht na bpáistí ar an gcré a úsáid mar mheán chun smaointe a chur in iúl dá dtaithí ar bheith á láimhsiú agus á láimhseáil, agus is féidir go ngníomhóidh sé seo mar spreagadh an-tábhachtach. Tugann díriú ar ábhair agus ar uirlisí deiseanna do pháistí

- ar na scileanna a fhoghlaim atá ag teastáil chun cré a mhúnlú agus a athrú trí ghá le léiriú
- ar an gcré a úsáid ar bhealaí a éiríonn níos diongbháilte
- ar thaitneamh a bhaint as an gcré a úsáid ar bhealaí samhlaíocha.

Is minic go dtugann obair i gcré an-sásamh do pháistí óga, agus ba chóir an-chuid deiseanna a bheith acu ar an meán a iniúchadh ach gan a bheith orthu rud áirithe 'críochnaithe' a sholáthar. Beidh gá ag páistí nach bhfuil mórán taithí acu ar an gcré le hí a fheiceáil, a thadhall agus labhairt ar conas a fhreagraíonn sí nuair a dhéanann siad í a tharraingt, a ghreadadh, a bhroideadh nó a rolladh. Foghlaimeoidh siad as a gcuid taithí conas idirdhealú a dhéanamh idir cruthanna a luíonn go réidh agus cruthanna a sheasann as a stuaim féin. Cuideoidh taithí ar chré a láimhsiú agus a láimhseáil leo léirthuiscint do chuma agus do mhothú sásúil na bhfoirmeacha, gréasán agus uigeachtaí a chruthaíonn siad a fhorbairt agus taitneamh a bhaint astu, agus cur chuige níos anailísí a thógáil maidir le foirm i gcré a léirmhíniú. Bíonn deiseanna ag teastáil ó pháistí freisin ar uirlisí a úsáid go hairgtheach chun teacht ar na cineálacha uigeachtaí is féidir leo a chruthú agus foirm á forbairt acu.

Tá roinnt buntáistí ag an gcré ar an marla: mar shampla, is féidir méideanna níos mó di a thabhairt do na páistí chun oibriú léi mar gur saoire agus gur fusa le láimhsiú í, agus, murab ionann agus an marla, cuidíonn a dath aonghnéach leis na páistí a choinneáil dírithe ar thaithí na fíorfhoirme. Tá an marla áisiúil i gcomhair oibre ar scála beag. Is féidir an chré a úsáid in éineacht le hábhair eile, mar shampla chun múnla dronnach a dhéanamh le haghaidh masc i b*papier mâché*.

I measc na n-acmhainní atá ag teastáil chun foirm a fhorbairt sa churaclam seo tá:

- cré bhruite nó cré bhufa scoile
- éagsúlacht uirlisí adhmaid le haghaidh múnlaithe, mar shampla cipíní líreacán dealbhaithe
- crainn fhuinte
- éagsúlacht earraí fuíll a úsáidtear chun gréasán agus uigeacht a chruthú
- uirlis a ghearrann cré, mar shampla thart ar 0.5m de phutóg throm níolóin atá ceangailte de gach foirceann de stang bheag adhmaid
- 'cláirseach' ar a bhfuil sreang inathruithe chun leaca de chré a ghearradh go cothrom

*I gcás bácála:*

- lúb láidir de shreang atá ceangailte go docht daingean de phíosa stainge a bheadh áisiúil chun píosaí cré a tholladh roimh bhácáil dóibh
- rianairí slipe (gabhdáin)
- tornóg, agus is fearr é seo a choinneáil i seomra nó i scioból ar leith.

## Ag obair as breathnóireacht agus as fiosracht

Forbraíonn páistí mothú foirme ón taobh istigh ar dtús, trí fheasacht ar a gcolainn agus ar a gcruth féin. Forbraíonn siad feasacht ar an bhfoirm sa domhan timpeall orthu trí bheith ag féachaint ar rudaí nádúrtha agus monaraithe agus trína bhfoirm dhúchasach a thabhairt faoi deara. Samplaí díobh seo is ea clocha, cnámha, adhmad farraige, sliogáin, crainn, fréamhacha, ainmhithe, daoine, scamaill, cocaí féir, clocha, sléibhte, bréagáin agus rudaí teaghlaigh. An-chabhair is ea taispeántais sa seomra ranga de rudaí amharcspreagúla agus, de réir mar is cuí, deiseanna ar ainmhithe agus ar fhíoracha *in situ* a bhreathnú.

Ba chóir na páistí a spreagadh chun staidéar a dhéanamh ar rud ó chearnaí éagsúla radhairc chun é a fheiceáil ina iomláine, agus d'fhéadfadh páistí le breis taithí é a sceitseáil. Ba chóir freagairt lánléiritheach na bpáistí níos óige a léirthuiscint seachas a chur orthu a bheith ag dréim le macasamhail chruinn a dhéanamh. Is féidir go ndéanfaidh páistí le breis taithí léirmhíniú ar na gnéithe a bhreathnaítear níos grinne, ar nós chlaonadh an chloiginn, luascadh na colainne nó cuar an droma.

# Eiseamláir 19

## Cloigeann i gcré

ranganna 5 agus 6

### Céim 1: An spreagadh

- Déanann na páistí staidéar ullmhúcháin ar dhreacha aghaidhe. Léiríonn siad dreacha feirge, bróin, eagla nó smaointeachta trí aisteoireacht. Pléann siad suímh éagsúla na súl agus an bhéil, mar shampla, a chuireann na mothúcháin seo in iúl.
- Féachann siad ar shleamhnáin nó ar phriontaí de shaothar Michelangelo, Rodin nó Picasso, mar shampla.

### Céim 2: An ghníomhaíocht

- Mothaíonn na páistí a gcloigeann agus a n-aghaidh féin, ag tabhairt faoi deara mar a fhásann an tsrón as an aghaidh amach; foirm na mbeola agus na gcluas, agus conas mar a thiteann na leicne siar go dtí na cluasa, go háirithe, chun nach mbeadh an aghaidh curtha ar dhromchla réidh ach ar cheann cuarach. Dírítear a n-aire ar mar a bhfuil an tsúil, ar liathróid í, suite i logán agus í á cosaint ag a leanann comhrian an mhill súile.
- Cumhdaíonn na páistí a n-aghaidh lena lámha agus pléann siad foirm na coda eile den chloigeann, ag tabhairt faoi deara go nglacann an aghaidh i bhfad níos lú spáis ar an gcloigeann ná mar a tuigeadh, b'fhéidir. Tarraingítear a n-aird ar shuíomh leibhéal na súl, leathbhealaigh idir bun an chloiginn agus an barr. Comhbhaineann siad é seo leis an bpointe as a bhfásann an chluas as an gcloigeann amach. Spreagtar iad chun a thabhairt faoi deara conas mar atá an cloigeann curtha ar an muineál agus mar a bhaineann sé leis na guaillí. Féachann siad air seo ó chearnaí éagsúla.
- Déanann gach páiste cloigeann cré atá ar a laghad 20 cm ar airde agus roghnaíonn siad dreach aghaidhe le léiriú air.

### Céim 3: Measúnú

- Pléann na páistí a gcuid oibre, ag labhairt ar na dúshláin nár mhór dóibh a shárú agus cár éirigh leo.



Saothar i gcré a rinne páistí i rang 6

## Ag obair le cré

Ba chóir páistí a spreagadh chun a gcuid oibre a mhúnlú agus an difríocht idir é seo agus a bheith ag líniú go simplí ar a dhromchla a thuiscint: mar shampla, ba chóir dóibh foirm an chloiginn agus na huchtóga agus na logáin ar an aghaidh a dhéanamh, in ionad dromchla réidh a dhéanamh le línte chun ceannaithe a chur in iúl. Ba chóir go spreagtar iad chomh maith lena gcuid píosaí a thiontú thart agus iad ag obair. Bíonn rothlagáin an-áisiúil chuig an gcuspóir seo, ach is féidir an saothar a thiontú go saoráideach má thógtar ar ghiota de mhála plaisteach é.

Bíonn foirmeacha soladacha gan aon rud leochaileach ag gobadh amach astu an-teann agus díríonn siad aird ar an bhfoirm féin. Beidh fonn ar na páistí gach saghas ainmhí, créatúir agus gluaisteáin a dhéanamh, ach uaireanta is smaoineamh maith é dóibh foirm theibí shimplí a dhéanamh a mhothaíonn go maith sa lámh. D'fhéadfaidís tástáil le dhá cheann nó níos mó de na foirmeacha seo a ghaolú dá chéile, mar shampla trí cheann amháin a chothromú ar cheann eile.

### Cré a athúsáid

Ba chóir farasbarr na cré a bhailiú agus a chur i dtaisce i málaí plaisteacha láidre. Is fusa méideanna níos lú de chré a láimhsiú i málaí aonair ná i mála mór amháin. Má táthar in amhras faoi cháilíocht an mhála phlaistigh, úsáidtear níos mó ná ceann amháin agus corntar an chré go docht iontu leis an taise a choinneáil istigh. Má éiríonn an chré beagán crua cumhdaítear le ceirteacha fliucha í go ceann tamaill sula gcuirtear i dtaisce í. Ba chóir an chré ar ligeadh di triomú a chur in uisce i mbosca plaisteach bruscair. Ansin ba chóir í a fhágáil ar shlacán plaisteach nó ar cheap adhmaid trom neamhshéalaithe chun an staid atá ag teastáil a bhaint amach (.i. go mbaintear an farasbarr uisce aisti) sular féidir í a athúsáid.

### Cré a bhácáil

Píosa fiúntach trealaimh do bhunscoileanna is ea tornóg bheag. Is féidir go bhfaighidh roinnt scoileanna amach gur féidir leo teacht ar shocrú le scoil logánta dara leibhéil nó le criadóir chun saothar a bhácáil. Is féidir luach an-mhór a bhaint as obair le cré, áfach, fiú mura féidir an obair a bhácáil. Is fadsaolaí criadóireacht a bácáladh agus ní iompóidh sí amach ina cré má fhliuchtar í. Ní éiríonn cré-earraí uiscedhíonach, áfach, go dtí go nglónraítear agus go mbácáiltear an dara huair iad. Fiosraítear raon a mbácála agus cré agus glónraí á gceannach.

Ní mhairfidh struchtúir a thógtar le leaca mura mbácáiltear iad. Má tá dealbha cré le bácáil is gá iad a tholladh, nó scoiltfidh siad mar go mbácáilfear imeall seachtrach na cré níos tapúla ná an lár. De ghnáth bíonn tiús 1 cm slán. Má tá síog inoibrithe de chré ar fáil gar don scoil d'fhéadfadh sé bheith an-fhiúntach mar thionscadal do na páistí roinnt di a thochailt agus dul i dtaithí ar an bpróiseas iomlán, ón mbunábhar amh go dtí an píosa críochnaithe, a bácáladh, mar shampla, i dtornóg de mhin sáibh. Ní mór don chré a

úsáidtear i gcomhair bácála a bheith saor ó phócaí aeir: bíonn sí saor ó aer cheana féin í nuair a sheachadtar í. Mura mbácáiltear iad is féidir earraí teanna a dhathú le péint teampara agus a vearnaiseáil, ach ní bheidh siad uiscedhíonach.

## Ag obair le *papier mâché*

Tá roinnt buntáistí ag *papier mâché* mar mheán le haghaidh dealbhóireachta sa chlár ealaíon sa bhunscoil: tá sé saor, mar níl ann ach nuachtáin agus taos do pháipéar balla, agus nuair atá sé tirim tá sé an-éadrom agus, dá bharr seo, oiriúnach do cibé úsáid nach n-oireann an chré di, mar shampla do mhaisc atá le caitheamh ag páistí. Is ábhar sármhaith é freisin chun obair mhór a dhéanamh ann. Ba chóir an taos le haghaidh an *papier mâché* a mheascadh go dlús níos tibhe ná mar a mholtar ar an bpaicéad, nó titfidh an píosa as a chéile agus é ag triomú. Ní bheidh ach trí shraith de pháipéar taosaithe ag teastáil de ghnáth le taos tiubh, gach ceann acu leagtha amach i dtreo éagsúil leis an gceann roimhe.

Tá dhá shaghas *papier mâché* ann:

- laíon *mâché*
- stiall *mâché*.



Dealbh i *bpapier mâché*: Éan Mór, le Niki de Saint-Phalle


Ag obair ar mhúnla cré chun masc i b*papier mâché* a dhéanamh

Níl sé chomh furasta sin foirm a dhéanamh i b*papier mâché* le ceann a dhéanamh i gcré, agus má tá clár maith ag na ranganna sóisearacha in obair thríthoiseach i gcré agus i dtógáil ní gá dóibh i ndáiríre úsáid a bhaint as *papier mâché*. Má úsáideann siad é, is saoráidí an laíon *mâché* chun múnlaithe, ach tógann sé tamall fada air triomú agus níl sé chomh so-bhogtha leis an gcré.

Tógtar stiall *mâché* ar chrann taca lárnach ach níor chóir nach mbeadh ann ach athdhéanamh den mhúnlú tacaíochta, ach amháin más iad na páistí féin a d'fhoirmligh an múnla. Ba chóir gur chuid den phróiseas é an múnlú airgtheach. D'fhéadfaí gréasán rilífe ardaithe nó na ceannaithe múnlaithe de chréatúr de shaghas éigin a thabhairt don fhoirm an-choitianta sin i b*papier mâché* a mhúnlaítear timpeall ar bhalún, mar shampla. Más iad cluasa nó srón atá cuibheasach mór na ceannaithe seo, d'fhéadfaí blúire craptha de pháipéar tirim a ghreamú de agus a choimeád in áit le tuilleadh stiallacha de pháipéar taosaithe a chumhdódh aon mhíchothroime a bheadh ann. Ba chóir Vaseline a chur ar an mbalún chun nach súfar an *papier mâché* isteach a fhad is atá sé ag tosú ag triomú agus ag crapadh agus an balún ag cailleadh aeir.

D'fhéadfadh páistí múnla cré a dhéanamh mar bhunús do mhasc, mar shampla. Seachnaítear foghearrthaí a dhéanamh sa mhúnla a dhéanfadh dodhéanta é an masc críochnaithe a thógáil amach: is féidir cromóg nó smig fhoghearrtha a chur leis i b*papier mâché*. Ba chóir an chré a chumhdach

le scannán cumhdaithe chun nach ngreamóidh an *papier mâché* di, agus beidh spéis ag na páistí ina fháil amach gur féidir leo níos mó ná masc amháin a dhéanamh ar an múnla céanna agus gur féidir iad a athrú go caolchúiseach.

D'fhéadfaí croíleacán tacaíochta a dhéanamh as boscaí plaisteacha, as buidéil nó as sorcóirí cairtchláir—nó nuachtáin chraptha a gcoimeádann sreangán nó sreang ina gcruth iad, fiú—le haghaidh gach cineál de phearsana samhlaíocha, mar shampla iasc, éan, torathar nó puipéad aisteach. D'fhéadfadh páistí le breis taithí creatlach shreinge a dhéanamh do phearsa i b*papier mâché*, ag baint úsáide dóibh as duail ghearra de shreang bláthadóra, mar shampla. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as gach cineál bric-à-brac, páipéar craptha, alpáin de pholaistiréin nó boscaí beaga mar bhunús do thírdhreach cumtha, mar shampla oileán fásaigh le haillte, stuanna mara, pluaiseanna, nó tírdhreach diamhair ar phláinéad eile. I ranganna sinsearacha d'fhéadfaí píosa beag de shreang sicín a chur leis na hábhair thacaíochta.

Tá sreang sicín agus *papier mâché* an-oiriúnach ar fad d'fhoirmeacha móra a chruthú. Coimeádtar soláthar mór de sheanleathar nó de lámhainní gairdín le húsáid nuair atáthar á ngearradh. D'fhéadfadh páistí le breis taithí píosaí móra a dhearadh agus a dhéanamh sa mheán seo, mar shampla cloigne ollmhóra, dragain, nó frapaí do dhráma: féachtar ar shaothar Niki de Saint-Phalle, mar shampla, agus ar phearsana carnabhail.

## Foirm: acmhainní *papier mâché*

- nuachtáin
- fuílleach cairtchláir
- taos nó gliú PVA
- péint teampara
- sreang, sreang sicín
- páipéar daite, snáithíní agus earraí fuíll.

# Tógáil

Is iomaí páiste a bhaineann taitneamh as ábhair agus rudaí a iniúchadh lena fheiceáil conas mar a cuireadh le chéile iad agus conas mar a oibríonn siad. Beidh siad breá sásta rudaí a bhaint dá chéile agus úsáidí nua dóibh a chumadh. Tógann páistí óga 'tithe' agus cumann siad achair shúgartha a dteastaíonn cuid mhaith airgtheachta agus pleanála uathu. Baineann siad taitneamh as ábhair thógála a láimhsiú, ag teacht i dtaithí dóibh ar a ndaingne agus ag iniúchadh cad is féidir a léiriú agus a thógáil leo. Gabhann forbairt fheasachta ar an spás agus forbairt fheasachta ar na buanna agus na féidearthachtaí atá ag ábhair le súgradh samhlaíoch agus le cur i gcéill. Cuireann gníomhaíochtaí tógála ag gach leibhéal deiseanna ar fáil ar smaointe a fhorbairt ar struchtúr agus ar spás agus ar iad a eagrú, a phleanáil agus a chur i gcrích.

Tosaítear ar an tógáil i ranganna naíonán le tógáil agus cothromú simplí, mar shampla le roinnt boscaí beaga. Is féidir iarraidh ar pháistí é a thógáil go hard, droichead nó doras a chur ann, nó súgradh le boscaí ar bhealach cruthaitheach, á n-eagrú agus á n-atheagrú chun domhan a samhlaíochta a chur in iúl. Ba chóir a thuiscint go bhfuil roinnt 'cur i gcéill' ag baint leis seo, agus ba chóir iad a spreagadh le labhairt ar a gcuid tógálacha. Uaireanta is féidir go mbeidh deis ann ar spásanna a shainmhíniú ar a mbealach féin, mar shampla le boscaí móra éadroma agus le cur i gcéill laistigh de na spásanna seo: tá deiseanna anseo ar chomhtháthú leis an drámaíocht. Bunaithe ar an gcineál seo taithí beidh na páistí in ann struchtúir a thógáil a éiríonn níos casta, de réir mar a fhorbraíonn siad féin. Spreagfar iad le cumraíochtaí spásúla níos caolchúisí agus níos éagsúla a chruthú agus iad ag baint úsáide as spásanna oscailte agus iata. Ba chóir iad a spreagadh i gcónaí chun dearcadh ar a gcuid oibre ó chearnaí éagsúla chun feasacht thríthoiseach ar an iomlán a choimeád.




Ag iniúchadh féidearthachtaí tógála ábhar

## Pointí tosaigh don tógáil

Bíonn spreagadh de shaghas éigin ag teastáil ó pháistí mar phointe tosaigh don tógáil. Saibhreoidh taithí ar mheáin eile a gcuid oibre sa tógáil, go háirithe trí

- oibriú de thaithí agus de shamhlaíocht
- dhíriú ar ábhair agus ar uirlisí
- oibriú as breathnóireacht agus as fiosracht.



Ag breathnú ar *Reithe,* dealbhóireacht le Dick Joynt

# Ag obair as breathnóireacht agus as samhlaíocht

Is dul chun cinn barrthábhachtach i bhfeasacht amhairc na bpáistí é an cumas ar spásanna tríthoiseacha a chruthú agus ar mhaireachtáil iontu go samhlaíoch, agus an cumas ar é seo a chur in iúl i meáin éagsúla. Is féidir raon na n-ábhar síneadh ó thógálacha teibí, chaisleáin, róbait agus mhionsamhlacha le páirteanna a bhogann i gcomhair scéalta eachtraíochta sa chosmas go dtí rudaí a chumtar chun feidhm a chur i gcrích sa bhaile nó ar láithreán tógála. D'fhéadfadh go músclódh scéalta, dánta, amhráin, scannáin, físeáin, cláir teilifíse nó saothar ealaíne idéanna. D'fhéadfadh gur i measc na bhfoinsí don cheann deireanach a bheadh saothar ealaíontóirí ar nós Anthony Caro, Vivienne Roche agus Michael Warren. Is meán den chéad scoth í an tógáil le haghaidh oibre buíonta, le smaointe a roinnt agus le teacht ar bhealaí chun réiteach a dhéanamh idir na riachtanais aeistéitiúla agus fheidhmiúla chun gurb í freagairt phearsanta na bpáistí ar smaoineamh nó ar théama a bheidh sa rud nó sa struchtúr agus ionas go n-oibreoidh sé mar a rabhthas ag súil leis.

# Eiseamláir 20

## Tógáil: rud súgartha samhlaíoch

ranganna 1 agus 2

### Céim 1: An spreagadh

- Spreagtar na páistí le labhairt ar róbait nó torathair aisteacha a chonaic siad, b'fhéidir, ar an teilifís nó ar léigh siad fúthu i leabhair phictiúr. An créatúr cairdiúil é? Ar mhaith leat éirí cairdiúil leis nó an scanraíonn sé thú? Cad é an chéad rud faoi a thug tú faoi deara? Dá mba róbat thú, cén chuma a bheadh ort? Ar mhaith leat a líniú cén chuma a d'fhéadfadh bheith ar do róbat?

### Céim 2: An ghníomhaíocht

- Roghnaíonn na páistí roinnt boscaí agus ábhar fuílligh ar nós sorcóirí cairtchláir, soip, sreangán agus scragall ó bhailiú eagraithe. Spreagtar iad le tagairt a dhéanamh dá líníochtaí mar threoir, nó is féidir leo roinnt ama a chaitheamh ag cóimeáil na mboscaí i cumraíochtaí éagsúla go dtí go ngintear smaoineamh.
- Gliúáiltear na boscaí dá chéile. Ba chóir na páistí a spreagadh lena fháil amach an féidir lúdracha a chur ar na boscaí le haghaidh gluaiseachta. Spreagtar cinnteoireacht neamheaglach a théann go samhlaíoch thar an 'ngnáthróbat' scoile ina suítear na boscaí go lárnach, ceann ar cheann.
- Chruthódh blúirí dramhaíola, a chuirtear leis an tógáil ar bhealach machnamhach, sonraí beoga, agus d'fhéadfaí an mhionsamhail chríochnaithe a phéinteáil i ndathanna atá in imeartas lena chéile ar son na héifeachta is mó.

### Céim 3: Measúnú

- Cuireann na páistí a gcuid mionsamhlacha ar taispeáint agus labhraíonn siad ar na fadhbanna éagsúla ar tháinig siad orthu agus ar na codanna ab fhearr a thaitin leo a dhéanamh.

## Ag díriú ar ábhair agus ar uirlisí

Cuireann díriú ar ábhair agus uirlisí tógála deiseanna ar fáil do pháistí a n-intinn a dhíriú

- ar dhúshlán an tsaothraithe i dtrí thoise
- ar fhéidearthachtaí na n-ábhar a iniúchadh agus ar thástálacha a dhéanamh ar iad a chumasc agus a athchumasc ar a liacht bealach agus is féidir
- ar fheabhsú a dtuisceana ar láidreachtaí stuchtúrtha sa tógáil.

Cuid thábhachtach de thógail is ea tástáil le cáilíochtaí ábhar agus teacht ar cé chomh hoiriúnach agus a bheidís do thascanna áirithe, agus tá deiseanna anseo ar chomhtháthú leis an eolaíocht. Tá acmhainní ábhair an-tábhachtach i bpleanáil an chláir sa tógáil. Beidh tionchar mór ag éagsúlacht agus cáilíocht na n-ábhar atá ar fáil ar fhiúntas na ngníomhaíochtaí tógála. Ba chóir iniúchadh ceannoscailte ar raon leathan d'ábhair a spreagadh—gan aon tuairim réamhcheaptha ar an toradh deiridh—chun gur féidir leis na páistí féin a fháil amach cad is féidir a dhéanamh leis na hábhair, cad a bhaineann dóibh de réir mar a fhorbraítear na struchtúir agus conas mar is féidir leis na hábhair féin an fhoirm a dheachtú.

Ba chóir na páistí a spreagadh le hábhair chuí fhuílligh a bhailiú chun go mbeidh siad in ann a fheiceáil cad iad na roghanna atá acu le haghaidh tascanna éagsúla agus chun pleanáil a dhéanamh dá réir. Soláthraíonn ábhair aimsithe deiseanna ar thuiscint ar na cáilíochtaí atá ag raon leathan d'ábhair a dhoimhniú, ar fhadhbanna cothromaíochta a fhuascailt agus ar smaointe deartha i dtrí thoise a fhorbairt. Is féidir le páistí iniúchadh a dhéanamh freisin ar conas mar is féidir le cumascthaí ábhar spéis uigeach agus mhaisiúcháin a chur leis an tógáil a fhad agus atá siad ag dearadh le hábhair fhuíll.

Tá bailiúchán mór de bhoscaí beaga bána áisiúil chun cuidiú le páistí le níos lú taithí a n-intinn a dhíriú ar struchtúr agus iad ag tástáil le tógáil, le cothromú agus le grúpáil agus iad ag iarraidh píosaí a ghliúáil dá chéile mar phíosa dealbhóireachta. Teastóidh spreagadh agus gríosú uathu le fadhbanna a fhuascailt i ndearadh agus i gcothromaíocht, chomh maith le go leor ama agus spáis nuair is féidir.



Ag grúpáil, ag cothromú agus ag tógáil le boscaí ar cuireadh péint bhán orthu

D'fhéadfadh go gcuimseodh acmhainní tógála don churaclam seo

- ilchumasc de bhoscaí cairtchláir agus, b'fhéidir, bloic bheaga adhmaid
- leathanaigh chairtchláir
- sorcóirí cairtchláir
- cairtchlár, plaisteach, agus pacáistiú polaistéiríne
- fabraic agus snáithín
- fuíollghearrthóga adhmaid
- páirteanna as innill bheaga atá imithe as feidhm
- earraí fuíll ó athchóiriú tí nó ó láithreáin thógála
- gnáthdhramhaíl
- gliú
- siosúir
- casúr agus tairní
- péint teampara.

## Ag obair as breathnóireacht agus as fiosracht

Tugann obair as breathnóireacht agus as fiosracht deiseanna do pháistí

- ar fhéachaint ar struchtúir nádúrtha agus mhonaraithe go hanailíseach, go criticiúil agus go tuisceanach
- ar íogaireacht don fhoirm atá mar bhunús leis an timpeallacht a fhorbairt
- ar thuiscint a fhorbairt ar conas mar a eagraíonn ealaíontóirí agus ailtirí an spás, agus é sin a chur in oiriúint dá gcuid riachtanas féin.

Is cabhair é an struchtúr sa nádúr agus in obair ealaíontóirí, ailtirí agus ceardaithe a iniúchadh óna dtraidisiún agus óna ré féin agus ó réanna eile lena bhfeasacht ar eagrú spásúil a mhéadú chomh maith le mothú iontais agus tuisceana don dúlra agus don ealaín a chur iontu. I ndomhan an dúlra is féidir a n-aird a tharraingt ar shliogáin mhara (déchomhlaigh nó bíseanna), ar phlandaí agus chodanna de phlandaí, ar bhláthanna, ar fhaighneoga síolta, ar chnámharlaigh dhaonna agus ainmhíocha, ar neadacha éan agus ar fheithidí, ar fhoirmíochtaí carraige agus ar chriostail. Cuidíonn an bhreathnóireacht ghrinn le smaointe a spreagadh do ghníomhaíochtaí tógála. Dá bharr seo ba chóir go mbeadh bailiúcháin spreagúla sa seomra ranga de bhréagáin, de chluichí, de bhoscaí agus de lámh-dhéantúsáin eile ag a mbíonn struchtúir shuimiúla agus ba chóir bailiúchán de shleamhnáin agus de phriontaí a bheith ann le haghaidh tagartha.

Cabhair is ea é chomh maith féachaint ar fhoirgnimh agus struchtúir thábhachtacha agus ar mhionsamhlacha, ar phleananna, ar phriontaí nó ar shleamhnáin a dhéanfaidh smaointe a spreagadh agus níos mó forbartha ar smaointe atá ag teacht chun cinn freisin. I measc na bhfoirgneamh amharcspreagúil de raon leathan stíleanna ó réanna agus ó chultúir éagsúla bheadh samplaí cathartha, reiligiúnacha, tionsclaíocha agus teaghlaigh. Is minic stáisiúin traenach, ospidéil, tithe reiligiúnacha, tithe cúirte, hallaí baile nó cathrach agus bainc ina ngnéithe suimiúla i mbailte móra agus i gcathracha, amhail struchtúir mar dhroichid, chuanta agus dhealbhóireacht phoiblí.

D'fhéadfadh an raon síneadh ó dhúnta cloch, thuamaí pasáiste, thuamaí ursanacha, ghalláin, chrannóga agus na pirimidí, trí chealla Rómhánúla, chaisleáin, shéipéil agus pháláis de chuid na Meánaoise agus ré na hAthbheochana anuas go dtí an ré atá anois ann, ina bhfuil, mar shampla,

- séipéal Le Corbusier i Ronchamp
- pirimid ghloine I. M. Pei sa Louvre
- Séipéal an Teaghlaigh Naofa (la Sagrada Familia) le Antoni Gaudí i mBarcelona.
- príomhoifig Met Éireann i mBaile Átha Cliath, chomh maith le samplaí d'ailtireacht Sheoirseach agus foirgnimh le Gandon. D'fhéadfaí staidéar a dhéanamh ar shamplaí de dhearadh Lochlannach agus de thraidisiúin deartha an Oirthir, ón tSeapáin agus ón India.

Foinsí smaointe deartha is ea an ailtireacht agus an cheardaíocht dhúchais ó chultúir éagsúla freisin. Beidh spéis ag na páistí sna gnéithe struchtúrtha agus maisiúcháin araon atá ag tithe láibe, tithe ar chosa croise, tithe báid, pluaiseanna cónaithe agus carbháin, chomh maith lenár dteachíní agus túrthithe dúchasacha féin.



Príomhoifig Met Éireann, Baile Átha Cliath

# Fabraic agus snáithín



Meán nádúrtha is ea an fhabraic agus an snáithín don dearadh agus don léiriú. Baineann páistí taitneamh as iad a láimhsiú agus a iniúchadh, as a bheith ag cumadh, ag tógáil agus ag dearadh leo. Is breá leo a ndath, a saibhreas agus a n-éagsúlacht agus conas mar a mhothaíonn siad. Tá sé tábhachtach cur chuige airgtheach a chothú i gcónaí maidir leis an meán: ba chóir go bhfanfadh na páistí mar dhearthóirí. Ba chóir a n-aird a tharraingt ar úsáid na fabraice agus an tsnáithín sa ghnáthshaol, sa bhaile agus in éadach agus ar a n-úsáid san ealaín. Cuimseoidh gníomhaíochtaí san achar seo tógáil na fabraice a fhiosrú agus a gceann féin a dhéanamh, léirmhíniú ar an nádúr i bhfíodóireacht agus in *appliqué*, culaithirtí dráma a chumadh le cur orthu féin, a gcuid bréagán bog a chumadh ar bhealach simplí, dearadh don fhaisean, agus ríomhaire a úsáid lena gcuid dearaí a phleanáil.

## Ag obair le fabraic agus le snáithín

Rianaíonn an curaclam trí bhealach leathana chun oibriú le fabraic agus le snáithín:

- dromchla fabraicí a athrú
- fabraicí nua a chruthú
- tógáil le fabraic agus le snáithín.

### *Dromchla fabraice a athrú*

Is féidir le páistí smaointe deartha a chur i bhfeidhm chun dromchla píosa fhabraice a athrú ar bhealaí a chuimsíonn

- fuáil
- colláis
- *appliqué*
- ceangal agus dathú
- baitíc
- péinteáil fhabraice
- priontáil ar fhabraic.

*Fabraic nua a chruthú*

B'fhéidir go gcuimseodh bealaí chun fabraic nua a chruthú

- fíodóireacht shimplí
- cniotáil nó cróiseáil.

### *Tógáil le fabraic agus le snáithín*

Ba chóir do ghníomhaíochtaí le fabraic agus le snáithín le haghaidh páistí níos óige a bheith ar scála mór toisc nach mbeadh na scileanna luaile míne atá riachtanach d'obair níos sonraíche forbartha acu. Trína dtaithí ar fhabraic a láimhsiú agus ar bheith ag cumadh léi is féidir go músclóidh na fabraicí féin bealaí deartha agus déanta. Is féidir go mbeidh obair ghrúpa oiriúnach ó am go chéile, ina roinntear smaointe agus ina n-oibríonn páistí as lámha a chéile ar chulaithirtí atá bunaithe ar théama nó ar bhréagáin bhoga a dhearadh agus a dhéanamh.


Ag obair ar chulathairt bunaithe ar théama

## Pointí tosaigh d'obair i bhfabraic agus i snáithín

D'fhéadfadh go mbeadh na pointí tosaigh do ghníomhaíochtaí laistigh den snáithe seo éagsúil lena chéile: mar shampla, d'fhéadfaí gur pointe tosaigh spreagúil do thionscadal fíodóireachta é an bhreathnóireacht dhíreach ar an timpeallacht amhairc, agus b'fhéidir go ngríosódh an fhabraic féin dearadh *appliqué* nó colláise. Is iad na pointí tosaigh a mholtar ná

- oibriú as taithí agus as samhlaíocht an pháiste
- díriú ar ábhair agus ar uirlisí
- oibriú as breathnóireacht agus as fiosracht.

## Ag obair as taithí agus as samhlaíocht

Bealaí taitneamhacha do pháistí is ea déanamh bréagán agus culaithirtí chun taithí atá fíor nó samhlaithe a chur in iúl. D'fhéadfadh go spreagfadh pearsa a chumtar i ngníomhaíochtaí drámaíochta smaointe ar chulaithirt. Ba chóir iad a spreagadh le labhairt ar an bpearsa atá á déanamh acu agus ba chóir go mbeadh fáil acu ar éagsúlacht fhairsing as seanchulaithirtí agus as earraí fuíll gríosaitheacha lenar féidir a gculaithirtí a dhéanamh astu. Ba chóir úsáid shamhlaíoch de sheanéadach agus de ghiuirléidí, d'fhabraicí tís a caitheadh amach agus de sheanbhlúirí de sheodra a spreagadh chun culaithirtí agus bréagáin de phearsana a chruthú atá bunaithe ar scéalta, ar dhánta, ar amhráin, ar a saol féin ar an

stair. Bheadh ranganna bunscoile níos sine in ann tástáil a dhéanamh le héagsúlachtaí as téamaí culaithirte do mhórshiúl nó do chóisir le téama.

Chomh luath agus a bhíonn na páistí inniúil ar an tsnáthaid, is féidir leo bréagáin stuáilte agus puipéid shimplí a dhéanamh do phearsana cumtha. D'fhéadfaí foirmeacha boga a thógann inspioráid ó chlocha nó ó rudaí sa dúlra, toradh mar shampla, a dhéanamh, as éagsúlacht de bhlúirí fabraice chomh maith, ag cur sonraí orthu le greamanna, le coirníní nó le péinteanna fabraice. Is féidir go mbeidh spéis ag ranganna sinsearacha bunscoile in éadaí a dhearadh agus a dhéanamh. Ba chóir na dearaí a choimeád simplí, agus ba chóir gurb iad na príomhchúraim ná an líne iomlán a chruthaítear, úsáid datha agus uigeachta agus oiriúnacht na fabraice don tasc. Ginfidh spéiseanna agus taithí na bpáistí féin smaointe deartha.

Foinsí maithe do smaointe is ea irisí faisin. D'fhéadfadh go gcóimeádfadh na páistí taispeántais phictiúr de shaothar dearthóirí a bheadh amharcspreagúil dóibh, mar shampla Jean-Paul Gaultier, Zandra Rhodes, Kenzo, Lainey Keogh agus Philip Treacy. Ba chóir go mbeadh deiseanna acu freisin ar an bhfabraic agus ar an snáithín a fhionnachtain mar a léirítear san ealaín iad. D'fhéadfaí saothar Memling, Rembrandt, Velázquez, Holbein, Renoir, van Dongen agus Harry Clarke, mar shampla, a chur leo.

# Eiseamláir 21

## Dealbh bhog a dhéanamh — ranganna 1 go 4

Cuidíonn déanamh dealbh bog le tuiscint na bpáistí ar an bhfoirm thríthoiseach a fhorbairt. Soláthraíonn sé deiseanna ar thástálacha a dhéanamh le fabraicí agus ar theacht ar bhealaí nua chun a bheith ag dearadh agus ag obair leo. Tugann cruthú foirmeacha simplí neamh-mhacasmhlacha féidearthachtaí thar cuimse do pháistí ar léiriú agus ar chumadh samhlaíoch.

### Céim 1: An spreagadh

Spreagtar na páistí le héagsúlacht rudaí beaga nádúrtha agus monaraithe a bhreith isteach leo agus iad a láimhsiú, mar shampla clocha cruinne, giotaí beaga de chraobhóga crainn agus sliogáin mhara, bréagáin bhoga agus puipéid. Labhraíonn siad ar chruinne, ar theinne, ar uigeacht agus ar dhath:

- An féidir do lámh a chur timpeall na cloiche seo? Conas a mhothaíonn sé?
- An bhfuil dath an-gheal go deo ar d'fhoirm nó an féidir é a chur i bhfolach san fhéar? An é an dath céanna é ar fad?
- An bhfuil d'fhoirm mín agus réidh, nó garbh agus cnapánach? An féidir leat foirm sholadach mar seo a líniú?

Déanann gach páiste sceitse tapa de rud dá rogha féin agus tástálann siad bealaí chun foirm agus uigeacht a chur in iúl. Cuirtear líníochtaí i gcomórtas leis na rudaí a fheictear.

### Céim 2: An ghníomhaíocht

Eagraítear na hábhair roimh ré. Labhraíonn na páistí ar an bhfabraic a úsáidfidh siad chun a bhfoirmeacha a chruthú, foirmeacha a bheidh faoi thionchar na bhfoirmeacha nádúrtha ach gan iadsan a athdhéanamh:

- Cad iad na dathanna fabraice is gaire do na dathanna a fheictear, nó a léiríonn mar a mhothaím fúthu?
- Conas a mhothaíonn m'fhoirm: bog agus teolaí, colgach, scríobach, sleamhain? Cad iad na fabraicí a mhothaíonn mar sin?
- Roghnaíonn na páistí giota amháin fabraice nó níos mó; d'fhéadfadh gur féidir le cuid acu an cruth cuí a ghearradh iad féin, d'fhéadfadh go mbeadh aird aonair ag teastáil ó chuid eile.
- Fuáiltear nó gliúáiltear imill na fabraice dá chéile, ag brath ar dheaslámhacht na bpáistí leis an tsnáthaid, agus fágtar bearna ann le haghaidh na stuála; agus é stuáilte (go héadrom), déantar an bhearna a fhuáil, a ghliúáil nó a cheangal.
- Is féidir éifeachtaí uigeachta a chruthú le blúirí, le coirníní nó le síolta triomaithe nó le fuáil shimplí mhaisiúcháin.
- Is féidir gnéithe a chur leis chun créatúr samhlaíoch a dhéanamh.

### Céim 3: Measúnú

Spreagtar na páistí le labhairt ar a gcuid oibre féin agus ar cad a bhí siad ag iarraidh a bhaint amach agus lena rá cad é is fearr a thaitníonn leo faoi agus faoi obair daoine eile.

## Ag díriú ar ábhair agus ar uirlisí

Spreagann obair chruthaitheach i bhfabraic agus i snáithín tástáil shaor seachas na teicníochtaí traidisiúnta amháin. Leathnaíonn díriú ar struchtúir agus ar cháilíochtaí na fabraice agus an tsnáithín taithí amhairc agus thadhlach na bpáistí, agus cuidíonn sé leo mothú ar dhearadh a fhorbairt. Teastaíonn deiseanna ó pháistí ar raon fairsing de ghiotaí fabraice a láimhsiú agus a ionramháil chun ar féidir leo a chur in iúl agus a n-oiriúnacht do thascanna éagsúla a fháil amach, chun mothú go muiníneach as na roghanna a dhéanann siad agus chun taitneamh a bhaint as an bpróiseas.

Is iad na hábhair féin an pointe tosaigh is fearr. Is féidir leis na páistí tosú le fabraic fhí-oscailte, cosúil le heiseán, a iniúchadh, ag tarraingt snáitheanna agus ag feiceáil mar a cuireadh le chéile é. Is féidir leo a gcrochadh balla féin a fhorbairt trí shnáithíní codarsnacha a roghnú agus ceann nó dhó acu a fhí isteach sna poill níos mó a chruthaigh siad trí na snáitheanna bunaidh a tharraingt amach. Más féidir leo snaidhmeanna simplí a cheangal is féidir leo coirníní nó blúirí plaisteacha eile le poill mhóra a chur leo, nó giotaí beaga fabraice atá codarsnach a roghnú as taisce mhór agus iad a ghliúáil de go simplí. Le taithí úsáidfidh páistí an fhabraic agus an snáithín i bhfad níos coinsiasaí mar mheán chun deartha agus cumtha. De réir mar a fhorbróidh siad an deaslámhacht beidh spéis acu i mbealaí nua a thástáil ar an bhfabraic a athrú agus a chruthú agus i dtástáil le dearadh faisin.

Ba chóir tionscnamh ar na scileanna sa chniotáil, mar shampla, a thabhairt isteach i gcomhthéacs na ceardaíochta traidisiúnta agus níor chóir go mbeadh na páistí gafa le tascanna timthriallacha am-mheilteacha. De réir mar a fhorbraíonn siad an deaslámhacht, is féidir an tsnáthaid fhuála a thabhairt isteach mar uirlis líníochta agus deartha seachas mar uirlis do cheachtanna timthriallacha.

D'fhéadfadh go gcuimseodh na hacmhainní fabraice agus snáithín

- soláthar d'fhabraic fhí-oscailte, mar shampla heiseán, líontán
- bosca acmhainní de bhlúirí d'fhabraicí gan gréasáin agus le gréasáin in éagsúlacht d'uigeachtaí
- bailiúchán d'éadaí agus d'fhabraicí tís a caitheadh amach, mar shampla cuirtíní, tuáillí, braillíní
- rogha fairsing d'fhabraicí, ina measc snáitheanna cadáis, níolóin agus Lurex, olann, sreang, raifia, féara, tuí, téad, corda, sreangán
- blúirí d'fheistiú, mar shampla lása, ribíní, cordaí
- bailiúchán de chnaipí, de choirníní, de sheacainí a caitheadh amach agus de chlocha móra as torthaí agus faighneoga síolta ar féidir iad a tholladh
- snáthaidí móra fuála, cniotála, cróiseála agus taipéise
- seol simplí nó aon fhráma beag dolúbtha eile
- siosúr
- gliú.

# Eiseamláir 22

*Appliqué* ranganna 5 agus 6

Meán taitneamhach is ea *appliqué* chun féidearthachtaí fabraicí éagsúla i ndearadh a iniúchadh. Chomh maith leis sin tugann sé deiseanna ar dhearadh i meáin mheasctha a iniúchadh.

## Céim 1: An spreagadh

Iniúchtar agus roghnaítear spreagadh nó foinse deartha. Do dhearadh atá neamh-mhacasamhlach is féidir go roghnóidh na páistí cuid de phlanda nó d'inneall, gur féidir é a líniú mar chruthanna réidhe simplí. Chuideodh lorgán radhairc leis an gcruth, an gréasán agus an uigeacht a leithlisiú. Léirmhíneofaí dearadh atá bunaithe ar théama freisin i bhfoirm cruthanna simplithe. Ansin línítear ar pháipéar láidir nó cairtpháipéar iad. Déantar macasamhail le haghaidh tagartha agus an obair ar siúl, agus déantar fíoraithe den líníocht bhunaidh.

## Céim 2: An ghníomhaíocht

Eagraítear na hábhair agus na huirlisí roimh ré. Pléitear na roghanna fabraice. D'fhéadfadh go gcuimseoidís fabraicí aondathacha nó gréasdathacha in uigeachtaí éagsúla. Spreagtar na páistí le smaoineamh agus labhairt ar

- na torthaí ba mhaith leo a chruthú agus an roghnófar toin bhoga nó dathanna glé codarsnacha
- conas mar a d'oibreodh comhcheangail datha agus uigeachta, agus cá háit
- conas mothú rithime agus gluaiseachta a chruthú

Leagtar fabraic bhoinn ar dhromchla réidh nó síntear thar fhráma simplí í chun í a choinneáil teann. Cuirtear na cruthanna fabraice (a gearradh amach ó na teimpléid) uirthi de réir leagan amach an deartha. Is féidir iad a ghreamú di ar an-chuid bealaí, agus ina measc seo tá

- na cruthanna a ghreamú den fhabraic bhoinn le bioráin agus le tacóidí agus ansin dul feadh na n-imeall ag fuáil le lámh nó le hinneall
- fuáil fhiarláin a úsáid
- na cruthanna a ghreamú den fhabraic bhoinn le bioráin agus le tacóidí agus ansin dul feadh na n-imeall agus fuáil fhrancach a dhéanamh de lámh nó le hinneall
- bioráin a chur tríd na tiúis ar fad i lár an chrutha, beagán gliú a chur gar do na himill agus iad a bhrú in áit
- na cruthanna a ghreamú den fhabraic bhoinn le páipéar atá greamaitheach ar a dhá thaobh.

## Céim 3: Measúnú

Spreagtar na páistí lena gcuid oibre féin a thaispeáint agus le labhairt uirthi agus ar obair daoine eile. Labhraíonn siad ar cad a bhí siad ag iarraidh a bhaint amach, na fadhbanna ar tháinig siad orthu agus ar éirigh leo nó mar a d'éirigh leo iad a fhuascailt. Pléann siad cad é is fearr a thaitníonn leo faoina n-obair féin agus faoi obair daoine eile, agus cén fáth.



Obair in *appliqué* a rinne páiste

D'fhéadfadh go gcuimseodh cur chuige i meáin mheasctha

- 'ceangal agus dathú', ag péinteáil nó ag priontáil na fabraice boinn le péint fhabraice nó criáin agus na cruthanna atá ina dtoradh air seo a úsáid mar bhunús don dearadh *appliqué*
- blúirí d'fhabraic thrédhearcach a phéinteáil (ar nós líontán cuirtín), iad a chur ina sraitheanna ar an dromchla boinn agus iad a ghearradh siar ar son datha shuimiúil agus éifeachtaí uigeachta
- greamanna maisiúcháin i bhfabraicí agus i ndathanna codarsnacha a chur leis os cionn na gcruthanna atá curtha suas nó péinteáilte, nó eatarthu
- coirníní agus seacainí a chur leis
- cruthanna stuáilte a chur leis ar son éifeachta tríthoisí
- aon ábhar colláise a chomhcheangal le h*appliqué*.

Is féidir an obair chríochnaithe a chrochadh ar bhalla ansin mar chrochadh balla nó a úsáid mar chlúdach cúisín.

*Foinse shaibhir de spreagadh is ea na dathanna, cruthanna, foirmeacha, gréasáin agus uigeachtaí sa timpeallacht amhairc.*

## Ag obair as breathnóireacht agus as fiosracht

Foinse shaibhir de spreagadh is ea na dathanna, cruthanna, gréasáin agus uigeachtaí sa timpeallacht amhairc, go háirithe d'obair *appliqué* agus fíodóireachta. Is féidir leis an dath bheith ar an ngné is corraithí de thionscadal. D'fhéadfadh go dtaispeánfadh breathnóireacht ghrinn ar ghnáthrudaí, ar nós brící, coirt chrainn nó péint scafa, comhcheangail datha nach bhfuiltear ag súil leo. Is féidir tástálacha tosaigh i gcolláis a choinneáil laistigh de raon teoranta de dhathanna, mar shampla, agus uigeachtaí éagsúla curtha leis ar son na codarsnachta. Is féidir difríochtaí caolchúiseacha datha a thabhairt isteach níos faide anonn i gcolláis, in *appliqué*, i bhfíodóireacht agus i gcniotáil. Ba chóir na páistí a spreagadh leis an dath a úsáid go lánléiritheach chomh maith le go macasamhlach.

Foinse iontach de smaointe is ea an timpeallacht amhairc chun éifeachtaí uigeachta a chruthú. Cuidíonn an bhreathnóireacht ghrinn leis na páistí a fheiceáil go bhfuil uigeacht ag gach rud, is cuma má bhíonn sí mín, garbh, lonrach nó neamhlonrach. Chuimseodh bealaí léirmhínithe uigeachta i bhfabraic agus i snáithín

- fabraicí a úsáid a bhfuil uigeachtaí suimiúla acu, mar shampla ceann cnapánach, lonrach, ruithneach, slámach, síodúil, cordaithe, plaisteach
- éagsúlacht fabraicí a úsáid, ina measc olann, sreangán, stiallacha plaisteacha, sreangán cadáis
- snáitheanna a tharraingt, poill a dhéanamh, ag scamhadh, ag filleadh, ag fí
- earraí fuíll a chur leis, mar shampla coirníní, cleití, cnaipí, píosaí de sheanseodra, sreang
- tástáil le greamanna a chumann siad féin agus, de réir mar a shealbhaíonn siad deaslámhacht ar an tsnáthaid, le greamanna seanbhunaithe
- píosaí cniotála, cróiseála nó fíodóireachta a chur le dromchla píosa fabraice chun toradh ar leith a chruthú.

# Eiseamláir 23

Crochadh beag balla a fhí — ranganna 3 agus 4

Tugann an fhíodóireacht ag an mbunleibhéal deiseanna ar an íogaireacht don dath agus don uigeacht a fhorbairt, ar bheith ag dearadh leo agus ar iad a léirmhíniú i meán nua. Tríd an bhfíodóireacht tagann páistí ar na torthaí is féidir leo a chruthú le raon fairsing d'ábhair, ina measc snáithíní olla agus cadáis, bréad, sreangán, ribíní, raifia, cochán, féara, stiallacha plaistigh, scragall agus stiallacha fabraice d'uigeachtaí agus de mheáchain éagsúla. Chomh maith leis sin cuidíonn sé le léirthuiscint don obair cheardaíochta a chothú.

### Céim 1: An spreagadh

Iniúchtar agus roghnaítear an spreagadh nó foinse an deartha. Is oiriúnaí dearaí neamh-mhacasamhlacha, nó dearaí a tógadh ón dúlra, don fhíodóireacht ag an mbunleibhéal, mar gur meán é a oireann d'iniúchadh a dhéanamh ar an dath agus an uigeacht. D'fhéadfadh go soláthródh cuairt a tugadh le deireanas ar áit amharcspreagúil, mar an cladach, portach nó ollmhargadh, fiú, fócas i gcomhair deartha. Déanann na páistí sceitsí de na cruthanna, de dhathanna agus d'uigeachtaí de chuid bheag de linn chloch, de chruach móna nó de thaispeántas in ollmhargadh a mheallann an tsúil ach go háirithe. D'fhéadfaí sceitsí eile a dhéanamh de shonraí ar nós sliogán mhara, ceannabháin bháin nó de scipéad airgid, atá le léirmhíniú i bhfabraic agus le cur ar phíosa fite i gcur chuige i meáin mheasctha. Os a choinne sin, is féidir leis na páistí obair as líníochtaí breathnóireachta de rudaí roghnaithe a rinneadh roimhe sin.

### Céim 2: An ghníomhaíocht

Eagraítear na hábhair agus na huirlisí roimh ré. Roghnaíonn na páistí snáithíní agus corda nó téad de thiúis éagsúla (ach cuibheasach tiubh tríd is tríd) i gcomhair a ndeartha agus pléann siad iad ó thaobh datha agus uigeachta de agus iad ag tagairt dá sceitse deartha.

- Cad iad na dathanna ba shuntasaí? An raibh siad láidir agus glé nó bog agus ceobhránach? An raibh éagsúlacht toin ann, mar shampla achair gheala agus dhorcha? Cad iad na dathanna snáithín is cóngaraí do na dathanna a fheictear, nó a léiríonn mar a mhothaím fúthu?
- Ar mhothaigh gach rud mar an gcéanna? Cad é an cineál uigeachta ba shuntasaí? Cá raibh siad? Cad iad na snáithíní is gaire do na huigeachtaí seo?

Ceanglaítear an dlúth (an snáithe ingearach) go docht de gach foirceann de sheol simplí nó filltear timpeall tairní é a tairneáladh isteach (ar comhfhad) i bhfráma simplí, agus snáithín láidir mín in úsáid; ná húsáidtear snáithíní tanaí. Fítear an t-inneach (an snáithe cothrománach) go scaoilte isteach sa dlúth de ghluaiseacht 'os cionn agus faoi', ag bogadh siar is aniar agus ag coimeád na n-imeall díreach. Líomhtar an t-inneach ó am go chéile chun an fhíodóireacht a choinneáil cothrom. Chun an fhíodóireacht chríochnaithe a bhaint den fhráma, gearrtar na snáitheanna dlúith agus ceanglaítear dá chéile iad.

D'fhéadfadh go gcuimseodh cur chuige san fhíodóireacht i meáin mheasctha

- coirníní nó cnaipí beaga ar shnáithe a chur ar shnáithíní an innigh agus iad a fhí isteach san fhabraic, de réir mar is cuí, chun púróga nó clocha a chur in iúl
- rudaí nádúrtha, mar shampla féara fada triomaithe nó giolcach
- cruthanna na sonraí a sceitseáladh roimh ré a fhuáil den fhabraic nó cruthanna stuáilte a ghreamú de chun toradh tríthoiseach a chruthú
- sonraí a chruthú ar an dromchla fite le héagsúlacht greamanna.

### Céim 3: Measúnú

Spreagtar na páistí le labhairt ar a bpíosa críochnaithe, lena rá cad é a bhí siad ag iarraidh a bhaint amach agus cad é is fearr a thaitníonn leo faoina n-obair féin agus faoi obair daoine eile.

## Colláis

Cumadóireacht is ea an cholláis a dhéantar trí chairtpháipéar, fhabraic, agus shnáithín a charnadh ar a chéile nó trí chruthanna agus bhlúirí eile a ghliúáil de chúlra. Is féidir earraí fuíll as bosca fuílligh a chur leis. Is bealach é chun a bheith ag tástáil agus ag dearadh le dath, le huigeacht, le gréasán agus le rithim. Bíonn gníomhaíochtaí colláise a dhíríonn ar ghné amháin, mar shampla an uigeacht, oiriúnach uaireanta. Beidh tábhacht ag baint le conas mar a mhothaíonn na huigeachtaí éagsúla agus mar a théann siad i gcomórtas lena chéile nuair a shuítear gar dá chéile iad, agus smaoineodh páistí freisin ar na cruthanna a chruthaítear, ar na cruthanna idir na cruthanna agus an bhfuil cuid acu ina bhforluí ar a chéile. Iniúchfar an dath trí thoin agus trí líonna datha amháin. Is féidir úsáid a bhaint as snáithíní agus sreangáin bhoga chun iniúchadh a dhéanamh ar an ngluaiseacht, in éineacht le plé, mar shampla, ar uisce ag sruthú, ag sní, ag déanamh guairneáin, nó ag boilgearnaigh, an ghaoth ag bogadh duilleog agus a leithéidí, mar a mhothódh sé bheith ag rince nó ag lannrolláil, ag druidim i dtreo an léirmhínithe theibí. Is cabhair é na páistí a spreagadh le gluaiseachtaí a dhéanamh lena lámha chun a mothú ar an rithim a fhorbairt. Téamaí den chéad scoth do cholláis iad cinn dhaite, mar éisc, éin, bláthanna nó rudaí aisteacha a bhaineann le taithí na bpáistí.


Colláis ar théama daite a rinne páiste

## Ceangal agus dathú

Slí is ea é seo chun patrún a chruthú le dathú fabraice. Próiseas 'díonta' is ea é ina gceanglaítear, ina ngreamaítear, ina snaidhmtear nó ina bhfuáiltear codanna den fhabraic chun nach ngabhfaidh an dath tríothu nuair a chuirtear sa dath iad. Tá barrthábhacht ag baint le teinne na gceangal, mar gur cumasc de na hachair dhathaithe agus neamhdhathaithe é an gréasán a thagann amach. Is í an tslí is fusa chun ceangal agus dathú a dhéanamh ná an píosa fabraice atá le dathú a bhailiú agus é a cheangal le píosa sreangáin. Beidh sé ar chumas páistí le breis taithí níos mó ceangal a chur leis ar son torthaí níos casta. De réir mar a théann siad chun cinn ba chóir iad a spreagadh le smaoineamh ar na torthaí ba mhaith leo a chruthú agus iad a phleanáil. Is

féidir greamanna maisiúcháin a chur timpeall na gcruthanna a chruthaítear ar son spéise breise. Is féidir níos mó forbartha a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí i gceangal agus dathú tríd an mbaitíc.

## Baitíc

Gréasán nó pictiúr atá dathaithe ar phíosa éadaigh is ea baitíc. Próiseas 'díonta' is ea é freisin, ina scuabtar céir leáite ar phíosa fabraice (faoi threoir). Uaireanta craptar an fhabraic chun scoilteacha a chur sa chéir thriomaithe. Gabhfaidh an dath fuar trí na hachair nochta agus cruthóidh sé na torthaí uigeachta a bhfuil cáil ar an teicníocht dá mbarr. Agus í triomaithe, is féidir an chéir a bhaint tríd an fhabraic a chlúdach le leathanach de pháipéar beartán donn nó nuachtán atá an-sean go deo agus smúdáil a dhéanamh air. Is féidir an chéir a scuabadh air go fánach i dtástálacha tosaigh, ach ba chóir go leanfadh gréasáin agus pictiúir atá pléanáilte níos airí iad seo. Is féidir uirlisí agus gléasanna a dhearadh mar mhóitífí stampa chun torthaí uigeachta nua agus aisteacha a chruthú. Bheadh roinnt mhaith céimeanna de chur na céarach agus den dathú ar chumas páistí le breis taithí. Teicníocht fhiúntach agus thaitneamhach is ea í, mar is minic go mbaineann páistí torthaí datha agus uigeachta amach go cuibheasach saoráideach i mbaitíc arbh fhéidir nach mbeidís in ann a dhéanamh i meáin eile.

# Ag féachaint ar an ealaín agus ag freagairt di

Ceann de na héachtaí is mó a bhain an cine daonna amach is ea an ealaín, agus ba chóir í a thaithiú ar bhealach cruinn comhtháite. Tá sé tábhachtach go mbíonn taithí ag páistí ar raon fairsing de shamhlaoidí agus de rudaí ealaíne, na bunchóipeanna más féidir nó ina n-ionad sin na macasamhla. Is saibhriú é sleamhnáin nó priontaí de shaothar ealaíne a thaispeáint a bhaineann le hobair na bpáistí féin, nó díriú ar shaothar ealaíontóra nó, fiú, ar shaothar amháin ealaíne, ar son barr aoibhnis aeistéitiúil. Ba chóir cabhrú leis na páistí féachaint ar shaothar ealaíne le hoscailteacht, chun a gcáilíochtaí dúchasacha a léirthuiscint, chun taitneamh a bhaint astu, agus chun a thuiscint nach bhfuil aon fhreagra cinnteach san ealaín. Bunús is ea an oscailteacht agus an íogaireacht don ealaín chun cumas criticiúil a fhorbairt. Tá an-chuid taithí tábhachtach chomh maith, seachas teagmháil fhánach le healaín: ba chóir go mbeadh deiseanna ag páistí ar cheisteanna a chur agus ar mhachnamh a dhéanamh ar a bhfeiceann siad agus ar bheith ag éirí níos géarchúisí agus níos eolaí go criticiúil. Ba chóir, áfach, an bhéim a leagan ar an tuiscint agus ar an aoibhneas.

Amhail déanamh ealaíne, téann páistí trí phróiseas i bhfreagairt don ealaín. Is féidir gur ceann aeistéitiúil nó ceann mothaithe dá bhfuil feicthe acu a gcéad fhreagairt, agus ba chóir am a thabhairt dóibh chun machnamh a dhéanamh ar an bhfreagairt sin agus é a léirmhíniú. Más í péinteáil an t-ábhar, nó dealbh, foirgneamh nó píosa ceardaíochta, níor chóir a fhiafraí díobh láithreach bonn an dtaitníonn sé leo nó nach dtaitníonn, mar b'fhéidir go n-iarrfadh sé seo orthu é a rangú. Is fearr an breithiúnas a chur siar go dtí go mbíonn sé d'uain acu féachaint ar an obair go gabhálach. Is féidir meon fiosrúcháin agus freagairt níos oibiachtúla a spreagadh trí cheisteanna a chur ar nós:

- conas a rinneadh an rud nó an tsamhlaoid?
- cad as a ndearnadh é?
- cé a rinne é agus cad a bhí i gceist aige/aici?
- cá ndearnadh, cathain a rinneadh agus cén comhthéacs sóisialta agus cultúrtha ina ndearnadh é?
- cad dó a ndearnadh é?

Nuair atáthar ag déileáil leis an stair, leis an litríocht agus leis an gceol, d'fhéadfadh go mbeadh deiseanna ann féachaint ar cheann nó dhó de phéinteálacha den ré. Is féidir leis na hamharcealaíona léargais thábhachtacha a thabhairt ar an saol sóisialta, ar na héadaí nó ar na nósanna, mar shampla. Ní hé seo, áfach, an fáth is tábhachtaí le bheith ag féachaint ar phíosa maith ealaíne, cé go bhféadfadh gurb é an t-aon rud suimiúil faoi cheann leathmheasartha é. Ba chóir staidéar a dhéanamh ar shaothar ealaíne i dtús báire ar son a gcuid cáilíochtaí dúchasacha féin.

## Ag féachaint ar phéinteálacha

Cuideoidh ceisteanna ar nós na gceann seo a leanas leis na páistí súil ghéar a thabhairt ar shaothar ealaíne agus le freagairt phearsanta a thabhairt orthu. Baineann an chéad

bhuíon den chuid is mó leis an ealaín mhacasamhlach agus an dara buíon leis an ealaín neamh-mhacasamhlach, ach is féidir le han-chuid acu baint leis an dá cheann.

*Ealaín mhacasamhlach*

- Cad tá ag titim amach sa phictiúr? Cad faoi a bhfuil sé?
- Cad a fheiceann tú? Cad eile a fheiceann tú?
- Cén cineál áite é?
- Cén cineál solais atá ann? Conas atá a fhios agat? Cad as a bhfuil sé ag teacht? Conas atá a fhios agat?
- Cén tréimhse den lá nó den bhliain é? Cén fáth a gceapann tú é sin?
- Cén chuid a thug tú faoi deara i dtosach?
- Cad iad na dathanna is mó a sheasann amach? Cén fáth? Cén chosúlacht atá ar na dathanna timpeall orthu? Cad iad na dathanna a úsáidtear níos mó ná babhta amháin?
- An bhfuil an phéint tiubh nó tanaí, garbh nó mín, uachtarúil nó silteach?
- An bhfuil cuma lonrach shnasta ar an dromchla, nó cuma atá uigeach go leor?
- An féidir leat na rianta scuaibe a rinne an t-ealaíontóir a fheiceáil?
- An bhfuil imill na rudaí soiléir agus géar, nó bog agus doiléir?
- Cad é meon nó atmaisféar an phictiúir? Conas a chruthaítear é?

*Ealaín neamh-mhacasamhlach*

- Cén chuid is mó a mheallann an tsúil?
- Cad é an chuid is gile, dorcha, gnóthaí, ciúine?
- An dtaibhsítear go bhfuil codanna de níos cóngaraí agus codanna eile níos faide i gcéin?
- Cad iad na dathanna a thaibhsíonn níos cóngaraí duit agus cad iad a thaibhsíonn a bheith ag dul uait?
- An bhfuil roinnt de na cruthanna ina bhforluí ar a chéile?
- Conas a chuireann an t-ealaíontóir gluaiseacht in iúl?
- An féidir leat smaoineamh ar fhocail le cur síos a dhéanamh ar imill rudaí?
- An bhfuil cuma réidh ar an bpéinteáil iomlán nó an gcuireann an t-ealaíontóir an spás in iúl?
- An gcruthaítear meon? Cén meon? Conas a chruthaítear é?

## Ag féachaint ar an dealbhóireacht

- An bloc dlúth é nó an ngobann roinnt codanna amach mórán?
- An bhfuil sé déanta de mhiotal, de chloch, d'adhmad, de mheáin mheasctha, de chré?
- An bhfuil sé comhdhéanta de roinnt aonad?
- An bhfuil uillinneacha géara spiacánacha ann nó cuair mhíne?
- An gcuireann sé fonn ort a fheiceáil conas mar atá sé ar an taobh eile de? An féidir leat a shamhlú conas mar a bheadh sé ar an taobh eile? Inis dom.
- Ar mhaith leat é go léir a mhothú le do lámh? Conas a mhothódh sé?
- An féidir leat tú féin a chur sa riocht sin (más fíor atá ann)? Taispeáin dom.

# Eiseamláir 24

## Ag féachaint agus ag freagairt: 'An Marcach ag Canadh' (Jack B. Yeats) ranganna naíonán

### Céim 1: Ag féachaint ar an saothar agus ag freagairt dó

Cabhróidh ceisteanna ar nós na gceann seo a leanas leis na páistí díriú ar an saothar:

- Cad faoi a bhfuil an pictiúr? Cad tá an fear a dhéanamh?
- Cad tá an capall a dhéanamh? An bhfuil sé mór agus láidir?
- An bhfuil siad ag baint spraoi as?
- Meas tú an bhfuil an capall an-ghar dúinn? An mothaíonn sé go léimfeadh sé go díreach as an bpictiúr amach?
- Cén dath atá ar an gcapall? An dath ait do chapall é sin? Cad iad na dathanna eile a fheiceann tú? Taispeáin dom.
- Cén saghas áite é seo?
- Cén cineál lae é?
- Cá bhfuil na hachair is dorcha? Cá bhfuil na hachair is gile?
- Meas tú an bhfuil an ghrian ag taitneamh ar aon bhall?
- Conas tá an phéint? An bhfuil sí tanaí, tiubh, réidh, dabúil, uachtarúil? Conas a mhothódh sí?
- Ar tharla sé riamh go raibh tú ag rith san fhéar agus go raibh an ghrian ag taitneamh agus go raibh an ghaoth ag séideadh i d'aghaidh agus gur mhothaigh tú chomh sona corraithe sin nár mhór duit liú a ligean nó amhrán a chrochadh suas? Cuirimis an phéinteáil ar an mballa mar a mbeimid in ann féachaint uirthi an tseachtain ar fad.



'An Marcach ag Canadh' le Jack B. Yeats

### Céim 2: Iarobair

D'fhéadfadh go gcríochnófaí an ceacht leis na ceisteanna thuas, nó d'fhéadfaí úsáid a bhaint as an gceacht mar thionscnamh do cheacht ealaíne:

- Ar mhaith leat pictiúr a phéinteáil? Ligimis orainn go bhfuilimid ag rith sa pháirc san fhéar bog. An bhfuil sé grianmhar? nó báistiúil? nó gaofar? An bhfuil bláthanna ann? Cad iad na dathanna atá orthu? An bhfuil crainn ann? Cad eile atá ann? An maith leat rith? An mbeadh an fonn ort amhrán a chrochadh suas? Tóg anáil dhomhain agus lig dom a fheiceáil conas mar a bheadh sé ... Sin é an rud a dhéanfaimíd a phéinteáil.
- Agus na páistí ag obair: Má chuimhníonn sibh ar na scuaba a thriomú go haireach gach babhta a ghlanann sibh iad, is féidir libh an phéint a choinneáil breá tiubh uachtarúil, go díreach mar a rinne Yeats.

# Eiseamláir 25

## Ag féachaint agus ag freagairt:

## ‘Iontas na nIontas! (Anfa Teochreasach le Tíogar)’ (Henri Rousseau) ranganna 1 agus 2

### Céim 1: Ag féachaint ar an saothar agus ag freagairt dó

Cabhróidh ceisteanna ar nós na gceann seo a leanas leis na páistí díriú ar an saothar:

- Cén cineál áite é seo? Féach go haireach uirthi. Lig ort go bhfuil tú faoi cheilt taobh thiar de thom agus tú ag féachaint amach agus seo an rud a fheiceann tú. Cad é a fheiceann tú i dtosach?
- Cad tá an tíogar a dhéanamh? An bhfuil sé scanraithe nó an bhfuil sé ar tí léim?
- Cén cineál lae é? Inis conas tá a fhios agat.
- Conas a thaispeánann an t-ealaíontóir go bhfuil sé ag báisteach?
- Conas a thaispeánann sé go bhfuil an ghaoth ag séideadh?
- Cén treo óna bhfuil an ghaoth ag teacht?
- Conas a thaispeánann sé go bhfuil anfa le tintreach ann?
- Cad iad na dathanna a fheiceann tú? Ar thug tú riamh faoi deara cén chuma a bhíonn ar an dearg agus ar an uaine in aice lena chéile?
- Conas a chuireann an t-ealaíontóir stoic na gcrann ag seasamh amach chomh soiléir sin?
- An ndéanann sé dorcha aon rud eile i gcoinne an tsolais?
- Cé mhéad de dhuilleoga éagsúla a rinne sé?
- Ar oibrigh sé go haireach agus go mín, nó an bhfuil an phéint tiubh agus smeartha?

Nuair a bheidh an píosa feicthe go críochnúil ag na páistí d’fhéadfaí roinnt eolais chuí ar an ealaíontóir a thabhairt, mar shampla a mhodhanna oibre agus cár mhair sé agus cá bhfuair sé bás.

### Céim 2: Iarobair

D’fhéadfadh go gcuimseodh téamaí péinteála

- An lá a bhí tú amuigh faoi anfa
- Créatúr aisteach i bhfolach sa dufair.



Iontas na nIontas! (*Anfa Teochreasach le Tíogar*) le Henri Rousseau

# Eiseamláir 26

## Ag féachaint agus ag freagairt: ‘An Gort Aibí’ (William Crozier) ranganna 3 agus 4

### Céim 1: Ag féachaint ar an saothar agus ag freagairt dó

Cabhróidh ceisteanna ar nós na gceann seo a leanas leis na páistí díriú ar an saothar:

- An bhféadfá cur síos ar an bpéinteáil seo do dhuine nach féidir leis í a fheiceáil?
- An bhfuil an phéint tiubh nó tanaí?
- An bhfuil na himill bog nó crua?
- Conas a mhothaigh sé í seo a phéinteáil, meas tú?
- Cad iad na dathanna a fheiceann tú?
- Cá bhfuil na hachair is gile agus na cinn is dorcha? Tá an difríocht eatarthu anseo thar a bheith suntasach: cén fáth, meas tú, a ndearna an t-ealaíontóir mar sin é?
- Cé acu ba thábhachtaí don ealaíontóir sa phéinteáil seo, dromchla na péinteála agus an tslí inar úsáid sé an phéint, nó an t-ábhar? Cén fáth a gceapann tú é sin? B’fhéidir go gceapann tú go raibh siad araon tábhachtach?
- *An Gort Aibí* is ainm don phéinteáil. Meas tú gur fíor-áit í seo?
- Cén cineál áite é? Cad tá ar thaobh na láimhe clé sa phéinteáil, meas tú?
- Cén cineál lae é?
- An bhfaca tú riamh gort arbhair aibí nuair a bhí an spéir dorcha le scamaill?
- An gcuireann an phéinteáil meon in iúl? An bhféadfá cur síos air?

### Céim 2: Iarobair

- Cuir é seo i gcomórtas le péinteáil eile de théama atá mar an gcéanna.
- I rith na seachtaine féach an dtugann tú faoi deara cathain a dhéanann dálaí solais sa dúlra meon a chruthú.



‘An Gort Aibí’ le William Crozier

# Eiseamláir 27

## Ag féachaint agus ag freagairt: staidéar ar dhá phictiúr chodarsnacha ranganna 5 agus 6

### 'Na Gráinseoirí (J. F. Millet)

#### Céim 1: Ag féachaint ar an saothar agus ag freagairt dó

Cabhróidh ceisteanna ar nós na gceann seo a leanas leis na páistí díriú ar an saothar:

- Cad tá ag titim amach anseo? Cad a fheiceann tú sa líníocht seo?
- An bhfuil na mná ag obair go dian nó an bhfuil siad ag baint spraoi as?
- Conas a bhraithfeadh sé bheith ag obair ar feadh na n-uaireanta sa suíomh sin?
- Conas a bhraitheann an talamh faoina lámha, meas tú?
- An dóigh leat go bhfuil cuma sholadach thríthoiseach ar na fíoracha?
- Conas a d'éirigh leis an ealaíontóir an chuma sin a chur orthu, meas tú?



*Na Gráinseoirí* le J.F. Millet

- Cén treo óna bhfuil an solas ag teacht? Conas tá a fhios agat?
- Cén cineál áite é, meas tú? An bhfuil sé réidh nó cnocánach? An bhfuil na goirt beag nó mór?
- Cad a fheiceann tú i gcéin? Fálta? Coillte?
- An bhfuil siad fíorshoiléir nó an amhlaidh nach bhfuil iontu ach leideanna?
- Cén tsraith d'fhálta is dorcha/gile?
- Cén fáth, meas tú, a ndearna an t-ealaíontóir mar sin é? Ar thug tú riamh faoi deara mar a bhíonn cuma níos boige agus báití ar rudaí a bhíonn i bhfad i gcéin ná mar a bhíonn ar na cinn a bhíonn sa réamhionad—rudaí ar nós crann agus tom, go háirithe lá smúránta?
- Cén saghas lae é?
- Cén chuma atá ar an spéir? Cén fáth, meas tú, a bhfuil sí chomh mór nocht sin? Meas tú an gcuireann sí isteach ar mheon na péinteála?
- An féidir leat cur síos ar an meon?

#### Céim 2: An Iarobair

Féach na gníomhaíochtaí lastall.

## ‘Staidéar ar Bhean an Ealaíontóra’ (Augustus John)

### Céim 1: Ag féachaint ar an saothar agus ag freagairt dó

Cabhróidh ceisteanna ar nós na gceann seo a leanas leis na páistí díriú ar an saothar:

- Cad tá an bhean a dhéanamh? An bhfuil sí gléasta chun dul amach? Cad iad na leideanna a deir é sin leat? Cén saghas éadaigh atá á chaitheamh aici? An bhfuil a cuid gruaige cíortha go haireach aici? Cad tá ar an mbord?
- An ndéarfá go bhfuil roinnt achar den líníocht níos scáinte ná cinn eile? Cad iad na hachair a rinne an t-ealaíontóir ní ba thapúla agus cén chuid ar chaith sé ní ba mhó ama uirthi?



*Staidéar ar Bhean an Ealaíontóra* le Augustus John

- Cén fáth a ndearna sé an aghaidh níos sonraíche?
- Féach ar na codanna scáinte den éadach: cad a thug air na rianta atá ag lúbarnaíl agus na cinn eile atá bog agus snítheach a dhéanamh? Taispeáin dom rudaí cosúil leosan ar do chuid éadaigh agus ar chuid do charad
- Conas a rinne sé na rianta fíordhorcha?
- Conas a rinne sé na scáthanna boga ar a haghaidh, meas tú?
- An bhfuil aon achair chuimilte nó smeartha eile ann?
- An bhfuil an balla atá taobh thiar di gar di nó i gcéin? Conas atá a fhios agat?
- Má tá fuinneog ar an seomra, cén taobh ar a bhfuil sí, meas tú?
- An minic a fheiceann tú portráidí, mar shampla grianghraif de dhaoine, ina mbíonn siad ag féachaint amach go cliathánach mar sin sa phictiúir?

### Céim 2: Iarobair: ‘bleachtairí ealaíne’

I mbuíonta ina mbíonn thart ar cheathrar, iniúchann na páistí roinnt macasamhlacha de líníochtaí agus faigheann siad amach cad iad na huirlisí líníochta a d’úsáid an t-ealaíontóir. Chomh maith leis na macasamhlacha, bíonn páipéar acu agus éagsúlacht uirlisí líníochta chun tástáil a dhéanamh leo (criáin dhubha, *conté*, gualach, pinn luaidhe chrua agus bhoga, marcóirí, b’fhéidir peann, agus dúch lagaithe le scuaba). Chun cuidiú leo ina gcuid iniúchta, táthar tar éis a iarraidh ar gach buíon gloine formhéadúcháin a bhreith isteach leo lena mbeidh siad in ann rianta an ealaíontóra a iniúchadh.

# Ag féachaint go grinn ar obair páistí

## Obair páistí

Ba chóir go gcuirfí san áireamh sraith iomlán de ghníomhaíochtaí fionnachtana agus foghlama ar féidir nó nach féidir go mbeidh toradh críochnaithe uirthi dá bharr agus méasúnú á dhéanamh ar fhorbairt na bpáistí san ealaín. Teastaíonn raon d'uirlisí measúnachta, ina measc breathnú an mhúinteora agus tascanna a dhear an múinteoir, chomh maith le samplaí oibre, bailiúcháin agus tionscadail. I dteannta a chéile soláthraíonn siad léargas ginearálta cuimsitheach don mhúinteoir ar fhorbairt na bpáistí san ealaín agus taispeánann siad éifeacht chlár na múinteoireachta.

### *Breathnú an mhúinteora*

Soláthraíonn gníomhaíochtaí ealaíne comhthéacs tábhachtach chun dul chun cinn a mheasúnú. Is féidir monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas iomlán de dhéanamh ealaíne agus de fhreagairt di trí bhreathnú ar na páistí agus iad ag obair agus, de réir mar is cuí, é a phlé leo nó idirghabháil dhearfa a thairiscint. Ní gá, agus níorbh fhéidir, gach gné d'obair na bpáistí a mheasúnú. D'fhéadfadh an múinteoir díriú ó am go chéile ar ghnéithe áirithe de thasc, ar dhaoine aonair nó ar bhuíonta páistí chun chríoch na measúnachta. Trí chuspóirí soiléire i gcomhair na gníomhaíochta a chur ar bun, is féidir leis/léi breathnú mar a fhreagraíonn na páistí do spreagadh, mar a chuireann siad chuig an tasc agus mar a mheasúnaíonn siad a gcuid oibre féin agus obair dhaoine eile.

D'fhéadfadh go gcuimseodh an spreagadh taithí phearsanta, scéal, meán ar nós péinte nó cré, rud ón domhan nádúrtha nó saothar ealaíne.

Trí bhreathnóireacht agus trí phlé, tugann an múinteoir faoi deara na féidearthachtaí amharcléirithe is féidir leis na páistí a fheiceáil sa spreagadh, a bhfonnmhaire ar bhealaí a iniúchadh chun na smaointe a mhúsclaíonn sé a chur in iúl, agus aon fhadhb a bhíonn acu. D'fhéadfadh go bhfiafródh an múinteoir

- ar ghin an spreagadh freagra amhairc nó pearsanta?
- an bhfuil fonn ar na páistí labhairt ar a rogha ábhar agus uirlisí agus mar a úsáidfidh siad iad?
- an bhfuil páistí ann nach bhfuil ag glacadh páirte?

Agus é/í ag breathnú mar atá na páistí ag tabhairt faoi thasc, thabharfadh an múinteoir faoi deara cé chomh bainteach agus atá siad leis an iliomad breitheanna is gá dóibh a dhéanamh agus iad ag streachailt lena gcuid smaointe a chur in iúl i bhfoirm amhairc. I measc na rudaí a mbeifí ag faire amach dóibh bheadh an cumas ar ábhair agus ar uirlisí a láimhsiú agus ar iad a úsáid le muinín agus le híogaireacht, mar shampla an cumas ar phéinteanna a mheascadh, ar chré a fhoirmiú, agus ar éagsúlacht a thaispeáint i ndéanamh na rianta. Ba chóir go dtabharfaí faoi deara na ceangail a dhéanann siad idir a mbreathnaíonn siad go grinn agus a gcuid oibre féin. I measc na bhforbairtí eile a mbeifí ag faire amach dóibh bheadh an cumas ar rud a dhéanamh as a stuaim féin agus ar oibriú go neamhspleách; fonn ar threoracha a leanúint; agus na hidirghníomhaíochtaí a tharlaíonn laistigh de bhuíonta, agus leis an múinteoir, de réir mar a fhorbraítear coincheapa agus scileanna.

D'fhéadfadh go gcuimseodh na ceisteanna a bheadh le cur:

- An bhfuil na páistí gafa ag an ngníomhaíocht?
- An dtaispeánann a gcuid oibre foclóir amhairc atá oiriúnach dá gcéimeanna aonair forbartha san ealaín?
- An úsáidtear ábhair agus uirlisí go muiníneach agus go hidirdhealaitheach?
- An mbíonn an fonn agus an cumas ar na páistí plé a dhéanamh ar a gcuid smaointe agus mar a d'fhéadfaidís iad a chur in oiriúint do na dúshláin a thugtar?

Agus measúnú á dhéanamh ar mheastóireacht na bpáistí ar a n-obair féin agus ar obair daoine eile agus ar a bhfreagairt di, d'fhéadfadh go dtabharfadh an múinteoir faoi deara a gcumas ar chur síos a dhéanamh ar rud nó ar shamhlaoid agus ar a phríomhthréithe a aithint. D'fhéadfaí a gcumas ar é a fheiceáil le hoscailteacht, ar bhreithiúnais ghéarchúiseacha a thabhairt air agus conas mar a théann sé i bhfeidhm orthu a thabhairt faoi deara freisin. D'fhéadfadh go bhfiafródh an múinteoir:

- An bhfuil meas ag na páistí ar a n-obair féin agus ar obair daoine eile?
- An bhfreagraíonn siad go fonnmhar do shaothar ealaíne?
- An féidir leo foclóir iomchuí a úsáid agus iad ag freagairt do shaothar ealaíne?

### *Tascanna deartha ag an múinteoir*

Ó am go chéile is féidir go gceapfaidh an múinteoir tascanna agus cuspóirí an-sainiúila i gceist aige/aici. Is féidir le tascanna mar sin cuidiú le béim a chur ar bhuanna agus spéiseanna na bpáistí, agus tá siad áisiúil le haghaidh pleanála. Tá sé tábhachtach, áfach, go dtuigfidh na páistí na cuspóirí go soiléir agus go mbeidh siad laistigh de raon a gcumais. D'fhéadfadh go gcuimseoidh na tascanna

- staidéar ar an dath a dhéanamh
- éagsúlacht fhairsing uigeachtaí a léirmhíniú i meáin dhifriúla
- sceitsí tapa a dhéanamh de rudaí nó de radharc
- plean a dhéanamh do struchtúr simplí
- struchtúr a dhéanamh de réir sonraíochtaí áirithe
- féachaint ar shaothar ealaíne ar son cuspóra shainiúil.

*Samplaí oibre, bailiúcháin agus tionscadail*

Uirlis an-tábhachtach is ea bailiúcháin i measúnú fhorbairt na bpáistí san ealaín. Tugann siad taifead fadtéarmach cuimsitheach don mhúinteoir ar an bhforbairt sin agus tarraingíonn siad aird ar bhuanna áirithe páistí aonair. Ba chóir samplaí d'obair atá idir lámha acu a chur san áireamh, mar shampla a gcuid tástálacha le rianta a dhéanamh agus dathanna a mheascadh, sceitsí a rinneadh as breathnóireacht, teicníochtaí éagsúla prionta agus pleananna agus dearaí bunúsacha do struchtúir thríthoiseacha. Ba chóir samplaí macasamhlacha d'obair chríochnaithe a choinneáil freisin. Bheidís sin, i dteannta le grianghraif nó le taifid ar aon dul leo ar obair thríthoiseach agus ar rannpháirtíocht na bpáistí i dtionscadail ar scála mór, agus lena dtaifid ar a gcuid éachtaí féin san áireamh, sa bhailiúchán.


# Ag úsáid teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide


Is féidir úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí an eolais agus na cumarsáide chun taithí agus tuiscint na bpáistí ar an ealaín a leathnú agus a fhorbairt. Breis chorraitheach ar na meáin ealaíne atá ar fáil dóibh is ea ealaín ríomhaire. Soláthraíonn sí taithí thacaíochta ar oibriú go díreach le meáin agus le huirlisí agus modh eile ar léiriú, ar chumarsáid agus ar dhearadh. Chomh maith leis sin ligeann an teicneolaíocht do pháistí féachaint ar chuid de na príomhshaothair ealaíne sa seomra ranga. Is féidir an úsáid is éifeachtaí a bhaint as do na cuspóirí seo a leanas:

- Tugtar 'péinteáil' agus 'líniú' ar an dá chineál bhunúsacha de chláir ríomhaire don ealaín agus don dearadh, agus tá an-chuid clár ar fáil sna siopaí. Ba chóir bheith an-aireach agus cláir á roghnú agus a n-úsáid á treorú: ba chóir go mbeadh ealaín a ghintear ar an ríomhaire bunaithe go daingean ar phrionsabail an oideachais sna hamharcealaíona. Cuid dhílis de is ea cláir cheannoscailte a ligeann do pháistí a chinneadh conas na huirlisí líníochta agus péinteála ar an scáileán a úsáid chun cumadóireachtaí macasamhlacha agus samhlaíocha a chruthú agus lena chinntiú gurb iad na páistí, seachas an clár atá in úsáid, a chinneann ar an toradh. Uirlis an-áisiúil is ea an ríomhaire freisin sa dearadh, mar go ligeann sé dóibh na samhlaoidí a láimhsiú ar an scáileán, cinnteoireacht a dhéanamh go tapa, agus céimeanna éagsúla de dhearadh a chur i dtaisce le haghaidh tagartha.
- D'fhéadfadh go ndearfadh an múinteoir gníomhaíochtaí ríomhaire chun gnéithe áirithe den chlár sna hamharcealaíona a mhúineadh. Ní mór do na cuspóirí a bheith soiléir, agus ní mór dó/di bheith in ann an ghníomhaíocht a mheas trí thagairt dóibh. D'fhéadfadh go gcuimseoidh gníomhaíochtaí tástáil
  - leis na slite ina mbíonn tionchar ag dathanna ar a chéile
  - le cruth
  - le leagan amach
  - le spás a eagrú
  - leis an tríú toise a chur in iúl
  - le peirspictíocht bhunúsach.

  Beidh fonn ar na páistí cuid dá n-obair a chlóbhualadh agus a choinneáil. Teastaíonn gléas cló d'ardcháilíocht le haghaidh oibre ina bhfuil dath, nó is féidir nach mar an gcéanna a bheidh na dathanna ar an gcóip chlóbhuailte agus ar an scáileán.
- D'fhéadfaí úsáid a bhaint as clár cumtha leathanach ('foilsitheoireacht deisce') chun cur le hobair ghrafach na bpáistí. Is féidir samhlaoidí a dhéantar trí úsáid chlár péinteála, trí scanóirí agus trí dhigiteoirí a chomhcheangal le téacs chun nuachtlitreacha, póstaeir, scéalta agus dánta léirithe a tháirgeadh.

- Bíonn áis ilmheáin ag ríomhairí ina gcomhcheanglaítear samhlaoidí, téacs, fuaim agus físeán. Tá cláir ilmheán ar fáil ar dhlúthdhioscaí, cineál diosca a stórálann méideanna móra faisnéise, agus tá an-chuid acu idirghníomhach. Is an-áisiúil go deo iad cláir a fhoilsíonn iarsmalanna agus dánlanna agus a lamhálann iniúchadh idirghníomhach ar a mbailiúcháin. Is féidir leis an múinteoir iad a úsáid chun tionscadail agus tascanna a cheapadh i bhféachaint ar an ealaín agus i bhfreagairt di, agus iad le déanamh ag na páistí.
- Tá na sárshaothair atá ag an-chuid de na hiarsmalanna agus de na dánlanna ar fud an domhain ar fáil trína suímh ghréasáin ar an idirlíon. Is féidir le scoileanna a suíomh gréasáin féin a chur ar bun freisin chun dul i dteagmháil le scoileanna eile agus chun faisnéis ar a ngníomhaíochtaí ealaíne a roinnt leo. Is féidir leo teagmháil a dhéanamh tríd an ríomhphost freisin.



Roinn 6

# Aguisín

# Foinsí don churaclam agus do na treoirlínte


| | | |
|---|---|---|
| An Bord Curaclaim agus Scrúduithe | *The Arts in Education* | Baile Átha Cliath, 1985 |
| Curriculum Council for Wales | *Art in the National Curriculum: Non-Statutory Guidance for Teachers* | Caerdydd, HMSO, 1992 |
| Department for Education | *Art in the National Curriculum* | London, HMSO, 1995 |
| Department of Education Northern Ireland | *The Northern Ireland Curriculum Key Stages 1 and 2: Programmes of Study and Attainment Targets* | Béal Feirste, HMSO, 1996 |
| Edwards, Betty | *Drawing on the Right Side of the Brain* | London, Fontana, 1982 |
| Eisner, Elliot | *Educating Artistic Vision* | New York, Macmillan, 1972 |
| Gentle, Keith | *Children and Art Teaching* | London, Routledge, 1984 |
| Golumb, Claire | *The Child's Creation of a Pictorial World* | Berkeley, University of California Press, 1992 |
| Gulbenkian Foundation | *The Arts in Schools* | London, 1982 |
| Lancaster, John (ed.) | *Art, Craft and Design in the Primary School* | Corsham, National Society for Education in Art and Design, 1992 |
| Lowenfeld, V., agus Brittain, W. Lambert | *Creative and Mental Growth* | London, Macmillan, 1982 |
| Morgan, Margaret (ed.) | *Art 4–11 Art in the Early Years of Schooling* | London, Simon and Schuster, 1992 |

| | | |
|---|---|---|
| National Council for Curriculum and Assessment | *Report of the Review Body on the Primary Curriculum* | Baile Átha Cliath, CNCM agus an Roinn Oideachais 1990 |
| O'Donoghue, Helen | *A Space to Grow* | Dublin, Irish Museum of Modern Art, 1999 |
| Ross, Malcolm | *The Aesthetic Impulse* | Oxford, Pergamon Press, 1984 |
| Scottish Office Education Department | *Expressive Arts 5–14* | Dún Éideann, 1992 |
| Wachowiak, Frank, agus Clements, Robert D. | *Emphasis Art: A Qualitative Art Program for Elementary and Middle Schools* | New York, Harper-Collins, eagrán 1993 |

# Foinsí breise do mhúinteoirí


| | | |
|---|---|---|
| Barnes, Robert | *Teaching Art to Young Children* | London, Routledge, 1992 |
| Bawden, Juliet | *The Art and Craft of Appliqué* | London, Mitchell Beazley, 1991 |
| Bohm-Duchen, Monica, and Cook, Janet | *Understanding Modern Art* | London, Usborne, 1991 |
| Bourke, Marie | *Exploring Art at the National Gallery* | Baile Átha Cliath, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, 1997 |
| Clarkin, Maura A. | *National Gallery of Art Activity Book: 25 Adventures with Art* | New York, Harry Abrams, 1994 (i gcomhar le National Gallery of Art, Washington) |
| Constantine, Mildred | *The Art of Fabric Mainstream* | London, van Nostrand, gan dáta |
| Davidson, Rosemary | *What is Art?* | Oxford, Oxford University Press, 1993 |
| Dennehy, John, and Grant, Maura | *Art in the Classroom* | Baile Átha Cliath, Irish Times agus an Roinn Oideachais, 1990 |
| Dorner, Peter | *The New Ceramics: Trends-Traditions* | London, Thames and Hudson, 1988 |
| Fallon, Brian | *Irish Art: 1830–1990* | Baile Átha Cliath, Appletree Press, 1994 |
| Gentle, Keith | *Teaching Painting in the Primary School* | London, Cassell, 1993 |
| Gombrich, E. H. | *The Story of Art* | London, Phaidon, eagrán 1995 |
| Green, Linda, agus Mitchell, Robin | *Art 7–11: Developing Primary Teaching Skills* | London, Routledge, 1997 |

Hackling, Nicholas — *Practical Printing* — London, Connoisseur Press, 1989

Hammacher, A. M. — *Modern Sculpture: Tradition and Innovation* — New York, Harry N. Abrams, 1988

Henri, Françoise — *Irish Art [Irish art from earliest times to 1170 A.D. 3 vols.]* — New York, Cornell University Press, 1970

Heslewood, Juliet — *The History of Western Sculpture: A Young Person's Guide* — London, Belitha Press, 1994

Holohan, Clodagh, agus Roche, Maureen — *Art, Craft and Design* — Baile Átha Cliath, Gill agus Macmillan, 1993

Hughes, Robert — *The Shock of the New* — New York, Harper-Collins, 1981

Jordanhill College of Education — *Art in the Primary School* — Glasgow, 1982

Kennedy, Brian P. — *Irish Painting* — Baile Átha Cliath, Town House, 1993

Kennedy, Brian P. (eagarthóir) — *Lives of Irish Artists* — Baile Átha Cliath, Town House, 1991 (i gcomhar le Gailearaí Náisiúnta na hÉireann)

Mathieson, Kevin — *Children's Art and the Computer* — Sevenoaks, Hodder and Stoughton, 1993

Mayes, Elizabeth, agus Murphy, Paula (eagarthóirí) — *Images and Insights* — Baile Átha Cliath, Dánlann Hugh Lane 1993

Megaw, Ruth agus Vincent — *Celtic Art* — London, Thames and Hudson, eagrán 1996

| | | |
|---|---|---|
| National Gallery of Ireland | *The National Gallery of Ireland: A Virtual Tour of Ireland's Art Treasures [CD-ROM]* | Baile Átha Cliath, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann agus IBM, 1997 |
| Murray, Peter (eag.) | *Masterpieces from the Crawford Municipal Art Gallery* | Cork, Crawford Municipal Art Gallery, 1992 |
| O'Regan, John (eag.) | *Works [contemporary Irish art]* | Cionn tSáile, Gandon Editions, 1991 – 1995 |
| O'Regan, John (eag.) | *Profiles [contemporary Irish art]* | Cionn tSáile, Gandon Editions, 1996 |
| Phaidon Press | *The Art Book* | London, 1996 edition |
| Rothery, Seán | *Ireland and the New Architecture* | Baile Átha Cliath, Lilliput Press 1991 |
| Shaffrey, Patrick agus Maura | *Buildings of Irish Towns* | Baile Átha Cliath, O'Brien Press, 1983 |
| Simmons, Rosemary, agus Clemson, Katie | *The Complete Manual of Relief Printing* | London, Dorling Kindersley, 1988 |
| Simms, George Otto | *Exploring the Book of Kells* | Baile Átha Cliath, O'Brien Press, 1988 |
| Softkey International Ltd. | *PC Paintbrush [computer art program]* | London, Softkey International Ltd., 1994 |
| Tickle, Les | *Understanding Art in Primary Schools* | London, Routledge, 1996 |
| Walker, Dorothy | *Modern Art in Ireland* | Baile Átha Cliath, Lilliput Press, 1997 |

| | | |
|---|---|---|
| Waters, Elizabeth, agus Harris, Annie | *Painting: A Young Artist's Guide* | London, Dorling Kindersley, 1993 (in association with the Royal Academy of Arts, London) |
| Welton, Jude | *Drawing: A Young Artist's Guide* | London, Dorling Kindersley, 1994 (in association with the Tate Gallery, London) |
| Woodford, Susan | *Looking at Pictures* | Cambridge, Cambridge University Press, 1983 |
| Woolf, Felicity | *Picture This: A First Introduction to Paintings* | London, Hodder and Stoughton, 1989 |
| Yenawine, Philip | *Key Art Terms for Beginners* | New York, Harry N. Abrams, 1995 |

# Foinsí faisnéise

An Áirc,
Lárionad Cultúrtha na bPáistí,
11A Sráid Eustace, Baile Átha Claith 2
*Guthán: (01) 6707788*
*Ríomhphost: info@ark.ie*
*http://www.ark.ie*

An tOifigeach Oideachais
Dánlann Dhubhghlais de Híde
Coláiste na Tríonóide,
Baile Átha Cliath 2
*Guthán: (01) 6081116*

An tOifigeach Oideachais
Dánlann Hugh Lane na Nua-Ealaíne
Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1
*Guthán: (01) 8741903*
*Ríomhphost:* hughlane@iol.ie

An tOifigeach Oideachais
Iarsmalann Hunt
Teach an Chustaim, Luimneach
*Guthán: (061) 312833*

An tOifigeach Oideachais
Ard-Mhúsaem na hÉireann
Sráid na Binne Boirbe,
Baile Átha Cliath 7
*Guthán: (01) 6777444*
*Ríomhphost: nmi2@indigo.ie*

Rannóg an Oideachais
Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann
Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2
*Guthán: (01) 6777444*

An tOifigeach Oideachais
Lárionad Scannáin na hÉireann,
6 Sráid Eustace, Baile Átha Cliath 2
*Guthán: (01) 67778788*
*Ríomhphost: ifc@iol.ie*

Rannóg an Oideachais
Iarsmalann Nua-Ealaíne na hÉireann
An tOspidéal Ríoga, Baile Átha Cliath 8
*Guthán: (01) 6129900*
*Ríomhphost: info@modernart.ie*

Rannóg an Oideachais
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann
Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2
*Guthán: (01) 6615133*
*Ríomhphost:artgall@tinet.ie*
http://www.nationalgallery.ie

Oifig Faisnéise na nEalaíon,
Teach na hEalaíon,
Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath 2
*Guthán: (01) 6056800*
*Ríomhphost:* training@arthouse.ie
*http://www.arthouse.ie/artifact*
An Chomhairle Ealaíon
70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2
*Guthán: (01)6611840*
*Ríomhphost* info@artscouncil.ie
http://www.artscouncil.ie

Cumann na nEalaíontóirí in Éirinn,
Teach na hEalaíne,
Barra Temple, Baile Átha Cliath 2
*Guthán: (01) 8740529*
*Ríomhphost: artists.ireland@connect.ie*

Dánlann Chathrach Crawford
Plás Emmet, Corcaigh
*Guthán: (021) 273377*
http://www.synergy.ie/crawford

Lárionaid oideachais agus lárionaid ealaíne
*Féach eolaire an teileafóin*

Leabharlann Náisiúnta na nAmharcealaíon in Éirinn
An Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha
100 Sráid San Tomás,
Baile Átha Cliath 8
*Guthán: (01) 7611377 folíne 254*

Leabharlann Chester Beatty na hEalaíne Oirthearaí
Teach Thúr an Chloig
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2

Ulster Museum
Botanic Gardens
Béal Feirste BT9 5AB
*Guthán(08)(01232) 383000*

# Gluais



| | |
|---|---|
| ailtireacht dhúchasach | stíl tógála atá ina tréith d'ailtireacht cheantair nó ré áirithe |
| aistreog chriáin | déantar é seo trí chóta criáin ar dhathanna éagsúla a leagan ar leathanach; ansin cuirtear leathanach eile anuas ar an gcéad cheann agus déantar líníocht air; tagann cuid den chrián ar an gcéad leathanach amach mar líníocht dhaite ar íochtar an leathanaigh uachtaraigh |
| *appliqué* | pictiúr nó gréas a chruthaítear trí phíosaí fabraice a fhuáil ar chúlra fabraice |
| baitíc | dearadh nó ceapachán daite a chruthaítear trí chodanna de phíosaí éadaigh a chéirdhíonadh sula ruaimnítear iad sa chaoi nach mbíonn aon dath ar na codanna céirdhíonacha |
| bundathanna | na trí dhath bhunúsacha (dearg, gorm agus buí) nach féidir a dhéanamh trí dhathanna eile a mheascadh ach ar féidir na líocha eile go léir a dhéanamh trí na bundathanna a mheascadh |
| céirdhíonadh | líníocht a dhéanamh ar leathanach le crián céarach sa tslí nach nglacfaidh na hachair línithe leachtbhrat datha ina dhiaidh sin |
| clóbhualadh criathair | teicníocht chun íomhá chothrom a phriontáil trí mhogalra mín sínte thar fráma |
| colláis | macasamhail nó dearadh a chruthaítear trí ábhair mar pháipéar, chárta, fhabraic, ábhar priontáilte nó chorda a ghreamú ar bhonn cairtpháipéir |
| dathanna comhchuí | dathanna a réitíonn go maith le chéile agus atá cóngarach dá chéile ar roth na ndathanna |
| dathanna comhlántacha | dathanna a threisíonn a chéile agus atá os comhair a chéile ar roth na ndathanna, mar shampla dearg agus uaine |
| dathanna fuara | na dathanna gorma, liathghorma agus gormghlasa, a dhealraíonn a bheith ag dul ar gcúl i gceapachán |
| dathanna teolaí | na dathanna dearga, flannbhuí agus buí, a dhealraíonn a bheith ag teacht chun tosaigh i gceapachán |

| | |
|---|---|
| dealbha boga | foirmeacha tríthoiseacha déanta d'ábhair sholúbtha mar fhabraic |
| dearadh corna is millín | móitífeanna beaga coirnithe nó snoite de chré agus iad greamaithe ar dhromchla chré ina ndearadh maisiúil |
| ealaín neamhléiritheach | ealaín nach ndéanann tagairt do rudaí réadacha |
| feasacht aeistéitiúl | an cumas dearcadh ar shaothar ealaíne le tuiscint agus bheith mothaithe dá bharr |
| fótagram | saghas prionta a dhéantar trí rudaí a leagan síos ar pháipéar solasíogair i seomra dorcha a nochtadh do sholas |
| gréas | cruthaítear gréas trí chruthanna, dhathanna nó uigeacht inaitheanta a úsáid arís agus arís eile i gceapachán |
| lí | saintréith bhunúsach d'fhíordhath, mar shampla dearg, uaine |
| líníocht imlíneach | macasamhail chruthaithe i línte amháin gan achair sholadacha de thon nó de dhath |
| liteagrafaíocht | modh priontála a bhraitheann ar thionchar uisce agus gréisce agus iad ag éaradh a chéile |
| mascadh | teicníocht phriontála chun cuid de dhearadh a dhíonadh ar an dath nuair a bhíonn dúch á chur air |
| meáin | ábhair agus uirlisí a úsáideann ealaíontóirí |
| monaiphrionta | prionta amháin a dhéantar, mar shampla, nuair a bhrúitear bileog ghlan anuas ar dhromchla clúdaithe le dúch clóite nó péint agus líníocht déanta uirthi ansin |
| mósáic | dearadh nó maisíocht tonach a chruthaítear trí phíosaí an-bheaga de mharmar, chloch nó ghloine daite a chóiriú ar chúlra; sa scoil is féidir píosaí fabraice nó páipéir dhaite a úsáid |
| peirspictíocht aerga | teicníocht trína gcruthaítear seachmall spásúlach i bpictiúr trí dhath agus ton tréigtheach a úsáid |

| | |
|---|---|
| peirspictíocht líneach | an seachmall radhairc go dtagann línte comhthreomhara le chéile ag bun na spéire, mar shampla línte iarnróid, a úsáidtear i líníochtaí agus i bpictiúir chun seachmall doimhneachta a chruthú |
| pota cornánach | pota a dhéantar trí chornáin chré a leagan anuas ar a chéile agus iad a thógáil chun foirm fholamh a chruthú |
| pota méaraithe | pota beag a dhéantar trí log a dhéanamh i liathróid de chré fhuinte agus a thógtar de réir a chéile trí na taobhanna a oibriú suas agus amach leis na méara |
| priontáil rilífe | priontáil le bloc ar a bhfuil dearadh nó íomhá a sheasann amach i rilíf |
| rádalú/forluiteacht | cruth amháin a chur os comhair crutha eile chun seachmall tríthoiseachta a chruthú i gceapachán |
| rilíf íseal | saghas dealbhóireachta ina mbíonn na foirmeacha greamaithe ar chúlra in ionad bheith ina saorsheasamh |
| rithim | mar a sníonn línte, dathanna, cruthanna agus uigeacht isteach ina chéile i gceapachán |
| rudaí coitianta a dtángthas orthu | gnáthrudaí is féidir a úsáid, mar shampla i gcolláis nó chun stampaí a chruthú |
| samhailchomhartha | líníocht shimplí chun fíor nó rud a léirmhíniú (féach scéimre) |
| samhlaoidí | na marcanna, na línte, na cruthanna, na fíoracha agus na rudaí a úsáidtear chun ceapachán ealaíne a dhéanamh |
| scáthchruth | íomhá a léirítear mar chruth cothrom i líníocht nó i bpictiúr |
| scéimre | na marcanna, na línte agus na cruthanna (m.sh. an fhoireann samhailchomharthaí) a úsáideann an páiste chun fíoracha agus rudaí coitianta a léirmhíniú, mar shampla ciorcail agus géaga ar nós maidí chun corp a léiriú nó ciorcal agus dhá líne chomhthreomhara a úsáid chun crann a léiriú |

| | |
|---|---|
| staibíl | tógáil dhealbhóireachta i spás agus í daingnithe ar bhonn (cosúil le móibíl, a chrochann) |
| stionsal | bileog pháipéir nó chárta a bhfuil cruth nó móitíf gearrtha amach as, a leagtar ar dhromchla agus ar a ndéantar péint a spréáil nó a leathadh le spúinse nó scuab chun macasamhail an chrutha nó na móitífe a dhéanamh |
| tógáil le leaca | obair a dhéanamh le leaca cré a rolladh nó a gearradh de mheall mór cré le sreang ghearrtha |
| ton | gile nó dorchacht datha |
| uigeacht | mar a bhraitheann dromchla nuair a chuirtear lámh air nó a mhacasamhail i meán mar phéint |

# Stíleanna ealaíne a luaitear sna treoirlínte:



**Teibí**

go ginearálta, stíl ealaíne nach dtagraíonn d'fhíor-rudaí ach a bhaineann le cruthanna agus le foirmeacha neamh-mhacasamhlacha. Baineann ealaín leath-theibí le cruthanna agus le foirmeacha atá bainte as an réaltacht. De ghnáth creidtear gurbh é Kandinsky (1866-1944) a rinne an chéad phéinteáil a bhí neamh-mhacasamhlach amach is amach, agus tháinig an-chuid gluaiseachtaí den ealaín theibí nua-aimseartha ar an saol ó shin i leith.

**Eispreiseanachas**

stíl ealaíne a léiríonn freagra mothaithe an ealaíontóra ar ábhar seachas samhlaoidí inaitheanta de. Gnéithe den eispreiseanachas is ea dathanna láidre agus obair scuaibe fhuinniúil, agus samhlaoidí agus foirmeacha áibhéalacha. Gluaiseacht thábhachtach ba ea an t-eispreiseanachas Gearmánach sa chéad tríocha bliain den fhichiú haois, ag leagan béime ar thábhacht mhothúcháin phearsanta an ealaíontóra agus ag éirí amach i gcoinne nádúrachas an chéid roimhe sin. Bhí bunús níos luaithe aige, agus is féidir lorg an chlaonta nua-aimseartha i dtreo eispreiseanachais a rianú siar go dtí van Gogh (1853-1890).

**Impriseanachas**

stíl ealaíne a rinne iarracht ar thionchar an tsolais ar dhromchlaí éagsúla a ghabháil (go háirithe i suímh amuigh faoin aer) agus ar a bhfeiceann an tsúil ag meandar áirithe a thaifeadadh. Chlaochlaigh an t-impreiseanachas an phéinteáil, ag úsáid dathanna geala agus stríoca scáinte scuaibe. Thosaigh sé sa Fhrainc i seascaidí na naoú haoise déag agus gluaiseacht thábhachtach ba ea é sa chéad sin. Ba é a chuspóir an gnáthshaol a thaifeadadh le húire agus le garchóngaracht láithreach, mar éirí amach i gcoinne an rómánsachais a chothaigh mealladh na déine tochtmhaire san ealaín. Spreag an dul chun cinn sa ghrianghrafadóireacht agus i dtaighde eolaíochta ar an dath agus ar an solas é. I measc na mball a bhunaigh é bhí Renoir (1841-1919), Monet (1840-1926) agus Pissarro (1830-1903).

**Nádúrachas**

Cineál réalachais a léiríonn sonraí miona agus fiú cinn saolta an ghnáthshaoil.

**Réalachas**

stíl ealaíne a bhíonn ag dréim le gnéithe den ghnáthshaol a léiriú le torthaí a mbíonn dealramh éifeachtach na beatha orthu.

**Osréalachas**

stíl ealaíne ina mbíonn tréithe de rudaí agus d'fhíoracha saobha agus de na siombailí a úsáideann sé chun an neamhréireach, an neamhréasún agus an fo-chomhfhios a chur in iúl. Thosaigh sé sa Fhrainc i bhfichidí an chéid seo agus ba é a chuspóir an chruthaitheacht a shaoradh trí cheannasaíocht an réasúin a chur faoi chois. Bhí tionchar nach beag aige ar chultúr an Iarthair. Péintéirí osréalacha tábhachtacha ba ea Dali (1904-1989), Magritte (1898-1967) agus Miró (1893-1983).

# Ballraíocht an Choiste Curaclaim don Oideachas Ealaíon

Ullmhaíodh na treoirlínte seo faoi stiúir Choiste an Churaclaim don Oideachas Ealaíon, a bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

| | | |
|---|---|---|
| **Cathaoirligh** | Kieran Griffin | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Michael O'Reilly | Cumann Múinteoirí Éireann |
| **Baill an choiste** | Eibhlín de Ceannt *(ó 1995)* | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Evelyn Dunne-Lynch *(go 1995)* | Comhairle Náisúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Sarah Gormley *(ó 1995)* | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Michelle Griffin *(go 1996)* | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Sr Maria Hyland | Aontas na Siúracha/mBráithre Teagaisc Bunscoileanna |
| | Maureen Lally-O'Donoghue | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Padraig Mac Sitric | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Dympna Mulkerrins | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Emer Nic Aogáin *(go 1995)* | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Páilín Nic Aogáin | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| | Kay O'Brien | Bainisteoireacht na gColáistí Oideachais |
| | Noel Ó Ceallaigh | Conaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| | Ruairí Ó Cillín | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Colum Ó Cléirigh | Conaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| | Br Padraig Ó Riain *(go 1995)* | Aontas na mBráithre/Siúracha Teagaisc Bunscoileanna |
| | Gilllian Perdue *(go 1993)* | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Joy Shepherd | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Máire Uí Rinn | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Goretti Uí Thnuthail | Cumann Múinteoirí Éireann |
| **Oifigigh oideachais** | Ríona Ní Mhurchú | |
| | Catherine Walsh | |

# Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta

Chun obair na gCoistí Curaclaim a chomhordú is ea a bunaíodh an Coiste Comhordaithe Bunscolaíochta ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

| | | |
|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | Tom Gilmore | |
| **Baill an choiste** | Séadhna de Blán (*ó 1995*) | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Liam Ó hÉigearta (*ó 1996*) | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Dympna Glendenning (*ó 1995*) | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Fionnuala Kilfeather (*ó 1995*) | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Éamonn MacAonghusa (*go 1996*) | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Ath Gearóid Mac Conmara (*ó 1995*) | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| | Peadar Ó Maoláin | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Síle Ní Núnáin (*ó 1995*) | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Eugene Wall | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| **Comhordaitheoir** | Caoimhe Máirtín (*go 1995*) | |
| **Leas-phríomhfheidhmeannach** | Lucy Fallon-Byrne (*ó 1995*) | |
| **Príomhfheidhmeannach** | Albert Ó Ceallaigh | |

Cathaoirligh na Comhairle: Dr Tom Murphy (*go 1996*), Dr Caroline Hussey (*ó 1996*)

# Buíochas

Gabhann na foilsitheoirí fíorbhuíochas leis na heagraíochtaí agus leis na daoine seo a leanas a thug cead ábhar a úsáid:

| *Úinéir an chóipchirt* | *Ábhar* | *Leathanach* |
|---|---|---|
| Kay O'Brien | Sceitseanna ealaíontóra | 67 |
| Dánlann Chathrach Hugh Lane na Nua-Ealaíne, Baile Átha Cliath | *Éan Mór* le Niki de Saint-Phalle | 101 |
| Dick Joynt agus Comhairle Contae Chill Mhantáin | *Reithe* | 105 |
| Met Éireann | Grianghraif de Phríomhoifig Met Éireann., Glasnaíon | 109 |
| Michael agus Ann Yeats agus Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | *An Marcach ag Canadh* le Jack B. Yeats | 123 |
| National Gallery, London | *Iontas na nIontas! ( Anfa Teochreasach le Tíogar)* le Henri Rousseau | 124 |
| William Crozier, Dara McGrath (grianghrafadóir) agus Dánlann Chathrach Crawford, Corcaigh | *An Gort Aibí* le William Crozier | 125 |
| Dánlann Chathrach Hugh Lane na Nua-Ealaíne, Baile Átha Cliath | *Na Gráinseoirí* le J.F. Millet | 126 |
| Dánlann Chathrach Hugh Lane na Nua-Ealaíne, Baile Átha Cliath | *Staidéar ar Bhean an Ealaíontóra* le Augustus John | 127 |

I gcás roinnt ábhar cóipchirt ní raibh ar chumas na bhfoilsitheoirí teagmháil a dhéanamh le húinéirí an chóipchirt ach beidh siad sásta na gnáthshocruithe a dhéanamh leo má theagmhaíonn siad leo.

As ucht cead iontrála agus cead grianghraif a thógáil a thabhairt dóibh gabhann na foilsitheoirí fíorbhuíochas leosan a leanas: na boird bhainisteoireachta, príomhoidí, múinteoirí agus páistí na mbunscoileanna ar fud na tíre a chomhoibrigh leis an tionscadal.

| | |
|---|---|
| Aistritheoir | Micheál Ó Cuinn (Curaclam) |
| Comhordaitheoir | Breandán Ó Coinghéallaigh (Curaclam) |
| Aistritheoir | Marc Ó Fionnáin (Treoirlínte) |
| Comhordaitheoir | Nioclás Breatnach (Treoirlínte) |
| Eagarthóir | Nóirín Ní Nuadháin |

ISBN 0-7076-6316-4
9 780707 663166

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
NCCA